Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2015

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúram Shóisialaigh
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Maidir le CORU | 3 |
| 2. | Ráiteas an Chathaoirligh | 7 |
| 3. | Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 9 |
| 4. | Buaicphointí Straitéiseacha agus Príomhghníomhaíochtaí in 2015 | 11 |
| 5. | Seirbhísí Corparáideacha | 19 |
| 6. | Tuarascálacha ó Choistí na Comhairle | 25 |

**Tuarascálacha Bliantúla na mBord Clárúcháin**

| | | |
|---|---|---|
| 6.1 | Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe | 35 |
| 6.2 | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde | 41 |
| 6.3 | An Bord Clárúcháin Súil-Liachta | 49 |
| 6.4 | Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí | 57 |
| 6.5 | An Bord Cláraithe Radagrafaithe | 65 |
| 6.6 | Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh | 73 |
| 6.7 | Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha | 81 |
| 6.8 | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga | 89 |
| 7. | Ráitis Airgeadais 2015 | 97 |

**Aguisíní**

| | |
|---|---|
| Aguisín 1: Tinreamh ag Cruinnithe na Comhairle | 125 |
| Aguisín 2: Tinreamh ag Cruinnithe Choistí na Comhairle | 130 |
| Aguisín 3: Struchtúr na hEagraíochta | 132 |

# Giorrúcháin agus Sainmhínithe

| | |
|---|---|
| **Acht** | An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) |
| **Bord** | Bord Clárúcháin |
| **POF** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| **Coiste** | Coiste comhairleach Coiste de chuid na Comhairle/Boird, faoi chathaoirleacht comhalta den Chomhairle/Bhord, a dhéanann moltaí maidir le cinneadh ón gComhairle nó ón mBord |
| **CORU** | Comhainm Branda don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus an 12 Bhord Clárúcháin arna mbunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) |
| **An Chomhairle** | An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh |
| **Gairmithe** | Bithcheimiceoirí Cliniciúla, Bia-Eolaithe, Radharcmheastóirí Urghnamha, |
| **Ainmnithe** | Eolaithe Míochaine, Teiripeoirí Ceirde, Optaiméadraithe, Ortoptaigh, Fisiteiripeoirí, Coslianna, Síceolaithe, Radagrafaithe, Teiripeoirí Radaíochta, Oibrithe Cúraim Shóisialaigh, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Oibrithe Sóisialacha. |
| **DRB** | Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe |
| **Comhaltaí Neamhspleácha** | Comhaltaí de Choistí na Comhairle nach bhfuil ar an gComhairle ná ar Bhord Clárúcháin de chuid CORU |
| **Comhalta Tuata** | Comhalta de chuid na Comhairle, na mBord Clárúcháin nó na gCoistí nach comhalta é nó í de chuid na ngairmeacha atá á rialáil nó atá le rialáil ag CORU |
| **ORB** | An Bord Clárúcháin Súil-Liachta |
| **Aire** | An tAire Sláinte |
| **ORB** | An Bord Clárúcháin Súil-Liachta |
| **OTRB** | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde |
| **PRB** | Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí |
| **Bord Clárúcháin** | Bord Clárúcháin aonair i leith ceann de na gairmeacha a chumhdaítear leis an Acht |
| **Cláraitheoir** | Cláraitheoir na mBord Clárúcháin |
| **RRB** | An Bord Cláraithe Radagrafaithe |
| **SCRWB** | Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh |
| **SLTRB** | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga |
| **SWRB** | Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha |

# Maidir le CORU

Is é CORU an rialtóir i dtaobh ghairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann. Oibrímid ar mhaithe le leas an phobail, agus is é an ról atá againn an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárú reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Is é CORU an t-ainm branda agus an lógó faoina bhfeidhmíonn an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus Boird Chlárúcháin na ngairmeacha éagsúla le chéile. Eascraíonn "CORU" as an bhfocal Gaeilge "Cóir", a chiallaíonn "cothrom, ceart agus cuí".

Tá CORU freagrach as rialáil a dhéanamh, faoi Acht na bliana 2005 (arna leasú), ar na 14 ghairm shláinte agus cúraim shóisialaigh, a meastar a bhfuil 25,000-30,000 comhalta ina measc. Féadfaidh an tAire Sláinte gairmeacha breise a chur leo amach anseo. Den chéad uair, déanfar rialáil ar na gairmeacha ainmnithe sin anois ar bhonn reachtúil. Is iad siúd:

- Bithcheimiceoirí Cliniciúla
- Bia-Eolaithe
- Radharcmheastóirí Urghnamha
- Eolaithe Míochaine
- Teiripeoirí Ceirde
- Optaiméadraithe
- Ortoptaigh
- Fisiteiripeoirí
- Coslianna
- Síceolaithe
- Radagrafaithe
- Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Cúraim Shóisialaigh
- Oibrithe Sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Tá nó beidh a Bord Clárúcháin féin ag gach gairm atá nó a bheidh freagrach as comhaltaí dá ghairm faoi seach a chlárú.

Go dtí seo, tá na boird seo a leanas bunaithe ag an Aire: Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha, an Bord Cláraithe Radagrafaithe, Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde, an Bord Clárúcháin Súil-Liachta, Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí agus Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh.

Bunófar na Boird eile ar bhonn céimnithe.

## Ár mBunchuspóir

Amhail a leagtar amach é san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), is é an bunchuspóir atá againn:

"An pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil agus oideachas gairmiúil, oiliúint agus inniúlacht i measc cláraithe de chuid na ngairmithe ainmnithe"

## Ár bhFís

"Baintear muinín agus cosaint an phobail amach tríd an gcur chun cinn a dhéanann CORU ar ardchaighdeáin trí rialáil chóir, éifeachtach a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh."




## Ár gCuid Luachanna

Tá sé ina aidhm ag CORU sraith luachanna a léiriú lena dtugtar bonn taca agus tacaíocht don chaoi a mbímid ag obair agus ag idirghníomhú lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Baineann tábhacht lárnach leis na luachanna seo a leanas maidir le baint amach an bhunchuspóra agus na físe atá againn:

- Bunaítear ár gcinntí, ár mbearta agus ár dtosaíochtaí go léir ar an gcuspóir is lárnaí dár gcuid, is é sin cur le **sábháilteacht an phobail**.
- Léirímid **ceannaireacht** san earnáil seo trí chur chuige dearfach, atá ar ardchaighdeán agus atá bunaithe ar fhianaise, a ghlacadh i leith na hoibre a dhéanaimid.
- Táimid tiomanta **don fhreagracht agus don thrédhearcacht** i ngach ceann dár bpróisis agus dár gcinntí, inár n-iompar gairmiúil, sa chumarsáid a dhéanaimid agus sa chaoi ina mbímid ag déileáil lenár bpáirtithe leasmhara.
- Léirímid **meas agus cothroime** inár san idirghníomhaíocht a dhéanaimid leis an bpobal, le gairmithe agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir.
- Léirímid **éifeachtacht agus sármhaitheas** mar eagraíocht i dtaobh luach ar airgead, éifeachtúlacht oibríochtaí agus rialachais.
- Léireoimid **neamhspleáchas agus ionracas** i gcónaí agus muid ag déileáil lenar bpáirtithe leasmhara.

## An Ról atá ag an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Comhlacht reachtúil is ea an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh a bhunaigh an Rialtas chun an pobal a chosaint trí na caighdeáin is airde i dtaobh iompar gairmiúil a chur chun cinn i measc na ngairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Maidir leis an gComhairle:**

- Déanann sí maoirsiú agus comhordú ar an obair a dhéanann na Boird Chlárúcháin.
- Forfheidhmíonn sí caighdeáin chleachtais le haghaidh gairmithe cláraithe, lena n-áirítear cóid iompair ghairmiúil agus eitice.
- Feidhmíonn sí an córas um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.
- Déanann sí cinntí agus tugann treoracha a bhaineann le smachtbhannaí araíonachta ar chláraithe.
- Bíonn sí freagrach as acmhainní a leithdháileadh go héifeachtúil éifeachtach.

Tá 29 comhalta ar an gComhairle – duine arna ainmniú ag gach ceann de na 14 ghairm rialáilte agus 15 chomhalta tuata. Tagann na comhaltaí tuata (daoine nach comhaltaí iad de chuid na ngairmeacha arna rialáil ag CORU) ón earnáil oideachais, ó ghrúpaí tathanta othar agus ón earnáil dheonach agus áirítear leo freisin ionadaithe de chuid eagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí a bhaineann le sláinte agus cúram sóisialach. Is é an tAire Sláinte a cheapann an Cathaoirleach agus ní mór gur comhalta tuata den Chomhairle é nó í an té sin. Is ar bhonn deonach a fheidhmíonn gach comhalta den Chomhairle agus gach Comhalta de na Boird Chlárúcháin agus ní fhaigheann siad aon táillí. Íoctar stipinn le Cathaoirleach na Comhairle mar aon le speansais taistil i gcaitheamh na bliana. Ní íoctar táillí le haon chomhalta eile den Chomhairle, den Choiste Comhairleach ná de na Boird Chlárúcháin i leith a gcomhaltais.

**Tugann ceithre choiste de chuid na Comhairle saineolas agus comhairle shonrach don Chomhairle agus don fhoireann feidhmiúcháin sna réimsí seo a leanas:**

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Clárúchán
- Oideachas
- Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

## An Coiste Réamhimeachtaí

Bhunaigh an Chomhairle an Coiste Réamhimeachtaí i mí Eanáir 2015. Is coiste reachtúil é a bunaíodh faoi Chuid 6 den Acht. Déanann an coiste sin athbhreithniú ar gach gearán a fhaigheann an Chomhairle maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh i gcás na ndaoine atá cláraithe.

## Ról na mBord Clárúcháin

Tá na hocht mBord Clárúcháin atá ann faoi láthair freagrach as clárú a dhéanamh ar chomhaltaí dá ngairmeacha faoi seach. Rialaíonn dhá cheann de na Boird Chlárúcháin dhá ghairm bheatha – an Bord Cláraithe Radagrafaithe, a rialaíonn radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta agus an Bord Clárúcháin Súil-Liachta, a rialaíonn optaiméadraithe agus radharcmheastóirí urghnamha.

Baineann an sochar le leithdheighilt na bhfeidhmeanna idir an Chomhairle agus na Boird Chlárúcháin go gcinntítear, i gcás gach gairme a rialáiltear, go mbeidh comhlacht tiomanta ann a dhíríonn ar chlárú agus ar chaighdeáin oideachais na gairme sin, agus orthu sin amháin, lena bhféachtar chuige go bhfuil fáil ar shaineolas sonrach gairmiúil.

**Tá gach Bord Clárúcháin freagrach as an méid seo a leanas:**

- clár na gcomhaltaí a bhunú agus a choimeád i leith na gairme sin;
- cáilíochtaí a bronnadh lasmuigh den Stát a mheasúnú agus aitheantas a thabhairt dóibh;
- cláir oideachais agus oiliúna is ábhartha chun a bheith sa Chlár a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- an cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan síos;
- na ceanglais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach a leagan síos; agus
- le ceadú ón gComhairle, Fodhlíthe a bhunú maidir lena gcuid feidhmeanna clárúcháin agus oideachais.

Beidh 13 chomhalta dheonacha ar gach ceann de na Boird: seachtar comhaltaí tuata (daoine nach comhaltaí iad de na gairmeacha atá a rialáil), lena gcuimsítear duine amháin ón earnáil oideachais, ionadaí de chuid fostóirí poiblí agus ionadaí de chuid gníomhaireachtaí príobháideacha/deonacha agus ceathrar ón bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear grúpaí tathanta othar; chomh maith le seisear comhaltaí as measc na ngairmeacha faoi seach a dhéanann ionadaíocht d'oideachasóirí, bainisteoirí agus soláthraithe seirbhísí.

Tá 133 comhalta ceaptha faoi láthair chun fónamh ar Chomhairle CORU agus ar a Bhoird Chlárúcháin. Ceanglaítear ar gach Bord cruinniú a thionól ceithre huaire sa bhliain ar a laghad, ach is gnách go dtagann siad le chéile 10 n-uaire sa bhliain, lena chinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir le clárú a ngairme.

# Ráiteas an Chathaoirligh

Tiocfaidh deireadh le mo théarma oifige deiridh i mí an Mhárta 2016 agus is í seo mo thuarascáil bhliantúil deiridh i mo cháil mar Chathaoirleach ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Ba chúis mhór ríméid dom baint a bheith agam le bunú agus forbairt gníomhaireachta atá chomh dinimiciúil, chomh héagsúil agus chomh tábhachtach is atá amhlaidh.



Tá áthas orm a bheith in ann a thuairisciú gur bhliain an-suntasach a bhí in 2015 do CORU.

I gcomhréir le cinneadh rialtais agus tar éis leasuithe reachtacha, ar an 31 Deireadh Fómhair aistríodh rialáil na n-optaiméadraithe agus na radharcmheastóirí urghnamha ó Bhord na Radharcmheastóirí go dtí an Bord Clárúcháin Súil-Liachta de chuid CORU. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Uachtarán Mairead Shields, leis an gCláraitheoir, Mary O'Donnell, agus leis na comhaltaí as comhoibriú linn agus obair mhór a dhéanamh ar feadh an phróisis aistrithe. Cuirimid fáilte roimh na hoptaiméadraithe agus na radharcmheastóirí urghnamha go léir chuig CORU.

Tá formhór mór na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn ag soláthar cúram don phobal atá bunaithe ar eolas fónta agus ar thiomantas gairmiúil. Tá comhaltaí ag gach gairm nach gcomhlíonann a gcuid dualgas mar ba cheart dóibh agus ionas go mbeidh muinín ag an bpobal as na gairmeacha, tá sásra ann anois chun na cásanna sin a láimhseáil go cuí. Is é Feidhmiúlacht chun Cleachtadh an sásra faoina ndéanann CORU imscrúdú ar ghearáin a dhéantar maidir le hiompar agus inniúlacht cleachtóirí cláraithe. Seoladh Feidhmiúlacht chun Cleachtadh i mí na Nollag 2014, agus fuair CORU roinnt gearán i rith na bliana, a ndearnadh athbhreithniú orthu faoin gcóras nua.

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh i mí an Mhárta, rud a chuir tús leis an aistear rialála don ghairm sin.

Tá ocht mBord Clárúcháin bunaithe anois agus táthar ag coinneáil leis an obair chun ullmhú i gcomhair chlárú na ngairmeacha eile atá ainmnithe sa reachtaíocht. Is é an dúshlán atá romhainn anois ná bainistiú a dhéanamh ar an gcastacht bhreise a bhaineann le hobair na heagraíochta agus muid ag díriú go leanúnach ar an gcuspóir foriomlán, is é sin ardchaighdeáin a chur chun cinn i dtaobh iompar gairmiúil agus oideachas gairmiúil, oiliúint agus inniúlacht i measc na gcláraithe de chuid na ngairmeacha ainmnithe.


Táim an-bhuíoch as an tacaíocht atá faighte agam ó mo chomhghleacaithe ar an gComhairle agus ar gach ceann de na Boird Chlárúcháin agus tá meas an domhain agam ar an tiomantas atá léirithe acu agus iad ag obair le chéile ar bhonn deonach chun córas rialála a bhunú i leith gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ar mhaithe leis an bpobal a chosaint.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Leas-Chathaoirleach, Marie Culliton, le gach Comhalta den Chomhairle agus le Cathaoirligh Choistí na Comhairle as an méid atá déanta acu ar mhaithe le forbairt ár gcuid oibre mar rialtóir. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le Cathaoirligh agus comhaltaí Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha, an Bhoird Cláraithe Radagrafaithe, Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe, Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde, Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh agus an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta as an tiomantas pearsanta agus an tiomantas gairmiúil atá á léiriú go seasta acu, agus lena bhfostóirí as éascú dóibh ról iomlán a bheith acu in CORU.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin dár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ginny Hanrahan agus a foireann bainistíochta, Mary Griffin, Aoife Sweeney, Colm O'Leary agus Mary O'Donnell, agus d'fhoireann CORU. Tá an-tiomantas go deo léirithe acu agus is maith mar a d'oibrigh siad i gcomhar leis an gComhairle agus leis na Boird Chlárúcháin i rith mo ré féin mar Chathaoirleach.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis na comhaltaí boird uile ar tháinig deireadh lena dtéarmaí oifige i mbliana, Muiris FitzGerald, Martin Higgins, Kirstin Quinn, Jenny Bulbulia, David Power agus Richard Booth. Gabhaim buíochas leo go léir as an obair chrua atá déanta acu agus iad ag cuidiú le CORU an obair thábhachtach atá ar bun aige a chur chun cinn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an Aire Sláinte agus le hoifigigh na Roinne sin as a dtiomantas leanúnach do thacú leis an obair a dhéanann CORU, go háirithe Deirdre Walsh agus Kieran Duffy. Táim cinnte go mbeidh an caidreamh dearfach oibre sin fós eadrainn ar feadh blianta fada romhainn.



**Tom Jordan**

*Cathaoirleach*

*An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh*

# Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá áthas orm a thuairisciú gur bhliain an-suntasach arbh ea 2015 maidir le rialáil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh, agus glacadh roinnt céimeanna tábhachtacha chun cinn i dtaobh an chláir oibre atá againn chun an pobal a chosaint. Táimid ag tabhairt faoin gcéim dheireanach dár Ráiteas Straitéise 2013-2016 anois freisin, agus dírítear aird sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an méid a rinneadh chun na dúshláin a shárú agus a bheith ag obair go héifeachtach ar mhaithe le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach.



Ba bhliain shuntasach í 2015 maidir le clárúchán agus chuir CORU fáilte roimh thrí ghairm chuig an gcóras rialála atá againn. Cuireadh tús i mbliana leis an gclárú le haghaidh teiripeoirí ceirde agus tháinig deireadh leis an idirthréimhse dhá bhliain do radagrafaithe agus do theiripeoirí radaíochta, rud a chuir tús leis an gclárú éigeantach ar chomhalltaí an dá ghairm sin. Céim mhór chun cinn don ghairm a bhí san aistriú réidh ar rialáil na n-optaiméadraithe agus na radharcmheastóirí urghnamha ó Bhord na Radharcmheastóirí chuig an mBord Clárúcháin Súil-Liachta ag CORU, agus éacht nach beag a bhí ann don eagraíocht. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach san aistriú, agus ba mhaith liom fáilte a chur roimh Mary O'Donnell, a bhíodh ina Cláraitheoir ar Bhord na Radharcmheastóirí, agus Bernice Mallon Murphy chuig foireann CORU.

Táimid dírithe go fóill ar choinneáil le feabhsú an phróisis maidir le hiarratas a dhéanamh ar chlárú agus clárú a athnuachan. Leagadh béim air sin nuair a tugadh isteach áiseanna atá bunaithe ar uimhir aitheantais phearsanta chun iarratais a dhéanamh agus athnuachan a dhéanamh ar líne trí láithreán gréasáin CORU. Táimid tar éis córas a chur ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas gnó atá againn agus táimid dírithe ar ár gcórais ar líne a fheabhsú chun teacht leis an gcuspóir atá ag CORU a bheith níos éifeachtúla.

Cuireadh tús leis an sásra um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh ar an 31 Nollaig 2014 agus tá sé á chur i bhfeidhm de réir a chéile ar fud na ngairmeacha ainmnithe. Faoin gcóras nua, féachfar chuige go bhféadfaidh CORU gearáin a fháil faoi iompar nó inniúlacht na gcláraithe agus déileáil leo go cothrom.

Seoladh an timthriall iniúchóireachta um fhorbairt ghairmiúil leanúnach d'oibrithe sóisialacha i mBealtaine na bliana seo agus seoladh an timthriall i gcomhair na radagrafaithe agus na dteiripeoirí radaíochta i mí Dheireadh Fómhair. Is gné lárnach í an fhorbairt ghairmiúil leanúnach maidir le soláthar leanúnach seirbhísí sábháilte, éifeachtacha chun leasa na n-úsáideoirí seirbhíse. Leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach, éilítear rannpháirtíocht leanúnach an ghairmí sláinte agus cúraim shóisialaigh i réimse gníomhaíochtaí foghlama.

Bíonn an Chomhairle ag díriú go leanúnach ar an rialachas straitéiseach ar CORU agus ar an gceannaireacht air. Coinnímid leis an athbhreithniú ar ár gcuid creat rialachais chorparáidigh agus tacaíochta, ar gné riachtanach iad d'obair leanúnach na Comhairle agus do struchtúr ár mBord Clárúcháin éagsúil le haghaidh na ngairmeacha. Tá struchtúir eagrúcháin éifeachtacha, éifeachtúla á dtógáil go fóill againn chun an sainchúram atá orainn a chomhlíonadh tríd an leas is mó is féidir a bhaint as seirbhísí comhroinnte.

Bhí áthas orm an deis a bheith agam i rith na bliana bualadh lena lán gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Go háirithe, bhí áthas orm bualadh leis an oiread optaiméadraithe agus radharcmheastóirí urghnamha ag sraith oícheanta eolais a reáchtálamar ar fud na tíre.


Is tábhachtach an rud dúinn é a bheith i mbun rannpháirtíocht leis na gairmeacha, agus leanfaimid orainn ag éisteacht leis an aiseolas a thugtar dúinn.

Tiocfaidh deireadh le téarma oifige Tom Jordan mar Chathaoirleach ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh i mí an Mhárta 2016. Le naoi mbliana anuas – trí bliana ina ghnáthchomhalta agus sé bliana ina Chathaoirleach, bhí ról ríthábhachtach ag Tom maidir le CORU a stiúradh ó bunaíodh an eagraíocht. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Tom as a chuid tacaíochta straitéisí agus as an treoir a thug sé. Bhí tionchar an-mhór ag a chuid oibre ar theacht chun cinn CORU agus ar rialáil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Guím gach rath air feasta.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, agus le Cathaoirligh agus comhaltaí gach ceann de na Boird Chlárúcháin as an tacaíocht agus an treoir a thug siad i gcaitheamh na bliana. Bliain thar a bheith gnóthach atá imithe tharainn, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann CORU as an bhfuinneamh, an tiomantas agus an díograis lena dtugann siad faoina gcuid oibre. Mo bhuíochas freisin leis an Roinn Sláinte, go háirithe an tAonad um Rialáil Ghairmiúil, as ucht an chúnaimh agus na tacaíochta a thugann siad dúinn i gcónaí.

Is mór an méala dúinn cuimhneamh ar ár gcomhghleacaí John Conroy, Bainisteoir Cumarsáide, a fuair bás go tobann ar an 24 Bealtaine 2015. Ba trí John a chuir an pobal aithne ar CORU, toisc gur fhreastail sé ar go leor de na cruinnithe for-rochtana lenár ngairmeacha mar ullmhú le haghaidh clárúcháin. Chaith John a shaol oibre sa státseirbhís: roimh theacht go CORU dó, bhíodh sé ina rúnaí príobháideach ag roinnt airí rialtais, agus thug sé an taithí oibre sin leis go CORU. Tháinig sé go CORU ón bpost a bhí aige le Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI). Déanaimid ár gcomhbhrón lena thuismitheoirí agus lena dhearthár agus muid ag cuimhneamh ar an gcion a rinne sé chun an obair a dhéanann CORU a chur chun cinn.

Is é an prionsabal atá i gcroílár rialáil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ná cosaint an phobail, agus is féidir an cuspóir sin a bhaint amach ach ardchaighdeáin a chur chun cinn i dtaobh iompar gairmiúil, oideachas gairmiúil, oiliúna agus inniúlachta i measc na ngairmithe cláraithe. Táim ag tnúth le bheith ag obair le comhaltaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus comhaltaí na mBord Clárúcháin agus muid ag coinneáil leis an obair thábhachtach sin in 2016.



**Ginny Hanrahan**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

*An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh*

# Buaicphointí Straitéiseacha agus Príomhghníomhaíochtaí in 2015

## Tomhas i gcoinne an Ráitis Straitéise 2013-2016

Le linn 2015, rinne an Chomhairle dul chun cinn nach beag i leith na gcuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2013-2016 a bhaint amach. Tá sé i gceist leis an straitéis soiléire ár gcuspóra a chur in iúl, mar aon leis an tuiscint chomhroinnte atá againn ar na dúshláin atá le sárú ag an eagraíocht, conas atá sé i gceist againn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus ord na dtosaíochtaí atá againn ina leith sin. Tá pleananna gnó agus pleananna oibríochta bliantúla ann lena dtacaítear le cur chun feidhme na straitéise sin.

### Cuspóir Straitéiseach 1:

**An córas rialála a chur i bhfeidhm go hiomlán ar fud na ngairmeacha go léir a bhfuil sainchúram orainn ina leith, lena n-áirítear clárú, athbhreithniú oideachais agus feidhmiúlacht chun cleachtadh**

Ach iad a bheith ar Chlár CORU, ceadaítear do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a ngairmeacha a chleachtadh in Éirinn agus is comhlíonadh é ar na ceanglais reachtacha atá orthu. Tá CORU freagrach as gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a chlárú agus is é sin is bonn lenár gcuid oibre ar fad i dtaobh na gairmeacha a rialáil ar mhaithe leis an bpobal a chosaint.

Fágann an clárú gur féidir le húsáideoirí seirbhíse muinín a bheith acu go bhfuil fíorú neamhspleách déanta ar an seasamh atá ag gairmí agus ar na cáilíochtaí atá bainte amach aige nó aici. Baineann gairmithe tairbhe as an gcosaint a thugtar dá dteideal gairmiúil, agus tacaítear leo trí Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice.

Bhí an líon gairmithe atá cláraithe le CORU fós ag dul i méid i rith na bliana 2015. Leagtar amach sa tábla seo a leanas líon na ndaoine atá cláraithe i leith gach gairme amhail deireadh mhí na Nollag 2015.

| Gairm | Líon na nDaoine atá Cláraithe |
|---|---|
| Oibrithe Sóisialacha | 3,928 |
| Radagrafaithe | 1,589 |
| Bia-Eolaithe | 126 |
| Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga | 140 |
| Teiripeoirí Ceirde | 128 |
| Optaiméadraithe | 787 |
| Radharcmheastóirí Urghnamha | 188 |
| **Iomlán** | **6,886** |

Gach bliain, ní mór do gach gairmí atá cláraithe an clárúchán a athnuachan agus táille choinneála bhliantúil a íoc. I rith na bliana, d'ordaigh an Chomhairle do na Boird Chlárúcháin 45 duine a bhaint den Chlár toisc nach ndearnadh athnuachan ar an gclárú ina leith laistigh den tréimhse a bhí leagtha síos, tar éis fógra a bheith tugtha dóibh níos mó ná uair amháin. Bhain 64 duine a n-ainmneacha den Chlár dá ndeoin féin.

In 2015, cuireadh tús leis an gclárú le haghaidh teiripeoirí ceirde agus tháinig deireadh leis an idirthréimhse dhá bhliain i leith radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta.

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh. Tá tús curtha ag an mBord lena chuid oibre chun ullmhú le haghaidh oscailt an Chláir d'oibrithe cúraim shóisialaigh, agus táthar ag díriú go háirithe ar na Fodhlíthe a ullmhú faoina bhféadfar an Clár a oscailt. Ina theannta sin, lean Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí ar aghaidh leis an obair atá ar bun aige chun ullmhú i gcomhair chlárú comhaltaí na gairme sin.

Cheadaigh an Chomhairle Fodhlíthe um Fhilleadh ar Chleachtadh i gcomhair bia-eolaithe, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus teiripeoirí ceirde. Leagtar síos sna Fodhlíthe sin na céimeanna nach mór do chomhaltaí de chuid na ngairmeacha sin a dhéanamh más mian leo feidhm a bheith lena gclárúchán arís tar éis tréimhse neamhláithreachta ón gClár. Leag an Coiste Clárúcháin síos creat na Comhairle agus treoirlínte do na Boird Chlárúcháin maidir le coinníollacha a leagann síos i leith clárú i rannán de Chlár agus cheadaigh sé soláthraithe seachtracha i dtaobh Trialacha Inniúlachta agus Measúnuithe ar Inniúlacht Ghairmiúil a dhéanamh.

Ceadaíodh próiseas clabhsúir i leith iarratais ar chlárúchán nár thug an t-iarratasóir chun críche go tráthúil iad, agus ceadaíodh cur chuige léasaithe freisin maidir le deimhnithe cruachóipe a eisiúint tráth an chéad chlárúcháin agus deimhnithe leictreonacha a eisiúint ina dhiaidh sin nuair a dhéantar athnuachan ar an gclárúchán.

Le linn 2015, cheadaigh CORU 24 cúrsa oideachais. Tá fáil ar mhionsonraí faoin dul chun cinn a rinneadh in 2015 maidir le ceadú na gcúrsaí oideachais éagsúla do na gairmeacha rialáilte agus monatóireacht ar na cúrsaí sin i ngach ceann de thuarascálacha na mBord Clárúcháin.

De réir mar a d'oscail gach Bord Clárúcháin a Chlár, ceapadh ina Údarás Inniúil é freisin faoi reachtaíocht AE. Faigheann gach Údarás Inniúil cúnamh ón Rannóg Aitheantas de chuid CORU, a bhíonn ag déileáil le hiarratasóirí a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu. Fuarthas 246 iarratas ar aitheantas in 2015 agus rinneadh cinneadh maidir le 138 iarratas astu sin.

In 2015, ceapadh CORU ina Údarás Inniúil i leith teiripeoirí ceirde agus optaiméadraithe/radharcmheastóirí urghnamha.

## Cuspóir Straitéiseach 2:

### An t-aistriú a chur i gcríoch ionas go mbeidh Bord na Radharcmheastóirí faoin sainchúram atá orainn

Tugadh i gcrích an t-aistriú ar chlárú na n-optaiméadraithe agus na radharcmheastóirí urghnamha ó Bhord na Radharcmheastóirí chuig an mBord Clárúcháin Súil-Liachta ag CORU ar an 31 Deireadh Fómhair 2015.

Go luath in 2015 bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun féachaint chuige go gcuirfí bainistíocht tionscadail an aistrithe i gcríoch go furasta réidh. Ba é an ról a bhí ag an ngrúpa ná maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas comhtháthaithe; gnéithe éagsúla na bhfreagrachtaí airgeadais a chomhchuimsiú, a chinntiú gur cloíodh leis an dícheall cuí agus an plean cumarsáide cuí a chur in iúl do gach páirtí leasmhar. Roimh an dáta aistrithe, thionóil CORU roinnt cruinnithe ar fud na tíre le cláraitheoirí, oideachasóirí agus comhlachtaí gairmiúla lena chinntiú go gcuirfí in iúl do chách faisnéis maidir le CORU agus maidir lena mbeadh i gceist leis an aistriú.

Rinne CORU teagmháil leis na gairmithe cláraithe go léir freisin nuair a sheol sé chucu i mí na Nollag Pacáiste Fáilte ina raibh treoracha éagsúla de chuid CORU, lena n-áirítear an Treoir maidir le Clárú agus an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice d'Optaiméadraithe agus do Radharcmheastóirí Urghnamha.

Le linn 2015, thug an Chomhairle d'údarás don Bhord Clárúcháin Súil-Liachta an clár a roinnt ina Rannán Ginearálta agus ina Rannán Lionsaí Tadhaill agus chomhaontaigh sé gurb é an 31 Márta gach bliain an dáta athnuachana bliantúil don Bhord Clárúcháin Súil-Liachta. Thairis sin, cheadaigh an Chomhairle Fodhlíthe an Bhoird maidir le déileáil le hiarratais ar chlárúchán agus le hiarratais ar Fhilleadh ar Chleachtadh.

## Cuspóir Straitéiseach 3:

### An creat um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a chur i bhfeidhm go pras nuair a bheidh na Cláir ghairmiúla faoi seach oscailte

Cuireadh tús leis an sásra um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh ar an 31 Nollaig 2014 agus tá sé á chur i bhfeidhm de réir a chéile ar fud na ngairmeacha ainmnithe.

Bunaíodh an Coiste Réamhimeachtaí agus ceapadh a chomhaltaí i mí Eanáir. Déanann an Coiste Réamhimeachtaí athbhreithniú ar gach gearán a fhaigheann an Chomhairle; measann sé cé acu atá cás le freagairt ag cláraí nó nach bhfuil agus cuireann sé moltaí faoi bhráid na Comhairle maidir leis na nithe sin. Níl aon chomhalta den Chomhairle ná de chuid na mBord Clárúcháin ar an gCoiste sin, chun a chuid cinnteoireachta a chosaint. I gcás seisear comhaltaí dá chuid, is daoine iad nach cláraithe iad agus déanann siad ionadaíocht do leasanna an phobail i gcoitinne. Tá deichniúr comhaltaí air a dhéanann ionadaíocht do ghairm na n-oibrithe sóisialacha agus do ghairm na radagrafaithe. Ceapadh triúr cásoifigeach (baill foirne de chuid CORU) ina gcomhaltaí den Choiste.

I rith na bliana, chinn an Coiste i gcás roinnt gearán nach raibh cúis sách maith ann le haon bheart eile a dhéanamh. Fuair CORU 44 gearán maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2015.

Ceapadh Deirdre Madden ina Cathaoirleach ar an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh de chuid na Comhairle.

## Cuspóir Straitéiseach 4:

### A bheith comhsheasmhach sa chur chuige a ghlacaimid agus a bheith solúbtha nuair is gá agus é á chinntiú againn go bhfuil creat rialála ann a chomhlíonann an sainchúram atá orainn

Ghlac na Boird Chlárúcháin creataí de chuid na Comhairle maidir le ceanglais rialála, lena gcuirtear an chomhsheasmhacht chun cinn. Cuimsíonn gach Bord na ceanglais ar leith atá ag a ghairm féin ina chuid doiciméad rialála. Baineadh leas astu siúd in 2015 chun Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta a bhunú, mar aon leis an gCreat um Chaighdeáin le haghaidh Inniúlachta agus na Critéir um Cheadú agus Monatóireacht a dhéanamh ar Chláir Oideachais.

Rinne an Coiste Clárúcháin athbhreithniú ar phróisis chlárúcháin CORU chun leanúnachas a chinntiú agus chun an próiseas clárúcháin a chuíchóiriú. Cuidíodh le baint amach an chuspóra sin nuair a cuireadh i bhfeidhm próiseas iarratais bunaithe ar uimhir aitheantais phearsanta. Baineadh amach an cuspóir sin freisin le tabhairt isteach chreata na Comhairle agus na dtreoirlínte do Bhoird Chlárúcháin maidir le coinníollacha a leagan síos i leith clárú i rannán de chuid Cláir.

In 2015, glacadh cur chuige leasaithe maidir le deimhnithe i bhfoirm chruachóipe a eisiúint tráth an chéad chlárúcháin, agus deimhnithe leictreonacha a eisiúint ina dhiaidh sin nuair a dhéantar athnuachan ar an gclárúchán. Tugadh isteach an t-athrú sin mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar phróisis ghnó atá ar bun ag an Rannóg Clárúcháin.

Cheadaigh an Chomhairle Fodhlíthe um Fhilleadh ar Chleachtadh i gcomhair bia-eolaithe, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus teiripeoirí ceirde. Leagtar síos sna Fodhlíthe sin na céimeanna nach mór do chomhaltaí de chuid na ngairmeacha sin a dhéanamh más mian leo feidhm a bheith lena gclárúchán arís tar éis tréimhse neamhláithreachta ón gClár.

## Cuspóir Straitéiseach 5:

### A chinntiú go bhfuil na cumais agus na córais is gá ag CORU chun rialáil a chur chun feidhme i stát ina bhfuil pobail éagsúla agus atá ag athrú, agus aird aige ar na hathruithe a rachaidh i bhfeidhm ar an éileamh ar sheirbhísí na ngairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh

Déanann CORU monatóireacht ar athruithe ábhartha ar bheartas, ar an reachtaíocht agus ar an gcaoi nach mór seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh a sholáthar in Éirinn chun déileáil le pobal na tíre seo agus é ag athrú. Déantar an méid sin lena chinntiú go léirítear na hathruithe sna ceanglais oideachas i leith gairmithe a chlárú agus sna Cóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice dár gcuid.

Sampla de sin is ea an méadú atá tagtha ar ról na dteiripeoirí sa phobal – dream a bhíodh ag obair sna hospidéil roimhe seo. B'éigean cúrsaí oideachais a choigeartú chun na gairmithe a chlárófar amach anseo a ullmhú don chur chuige nua oibre sin.

In 2015 bhí na Coistí Oideachais dírithe go príomha ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat maidir le Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta do na Cláir Oideachais agus Oiliúna. Forbraíodh an Creat maidir le Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta i dtús báire in 2009 chun cuidiú le Boird Chlárúcháin caighdeáin oideachais agus oiliúna atá comhsheasmhach soiléir a fhorbairt i leith clárúcháin. Is iad na Critéir na caighdeáin dearbhaithe cáilíochta a úsáideann bord clárúcháin lena chinntiú go bhfuil córas ar féidir brath air i bhfeidhm as a dtiocfaidh céimithe chun cinn a chomhlíonfaidh na caighdeáin inniúlachta i leith iontráil ar an gClár. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin nach mór do chéimí ó chlár ceadaithe iad a chomhlíonadh chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Socraítear na caighdeáin ar leibhéal tairsí ar mhaithe le cosaint an phobail.

Rinneadh athbhreithniú ar an gCreat in 2015 lena chinntiú go bhfuil an sásra rialála sin fós oiriúnach dá fheidhm i gcomhthéacsanna oideachais ghairmiúil sláinte a bhíonn ag athrú. Faoin tionscadal, rinneadh athbhreithniú ar an taighde, na treoirlínte agus an dea-chleachtas atá ann faoi láthair maidir le ceapadh curaclam agus measúnú curaclam san ardoideachas chun scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí i leith na rialála. Tugadh faoi chomhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara (idir sheachtrach agus inmheánach) agus bailíodh aiseolas uathu chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir leis an tuiscint ar an gcreat atá ann faoi láthair agus an úsáid a bhaintear as. Ghlac an Chomhairle an Creat athbhreithnithe i mí na Nollag 2015 lena úsáid ag na Boird Chlárúcháin in 2016.

Tá CORU tiomanta don Bhéarla Soiléir a úsáid ina chuid foilseachán chun míniú a thabhairt ar an ról atá againn mar rialtóir agus ar na próisis atá i bhfeidhm againn. Cinnteoimid gur furasta an fhaisnéis go léir a úsáid agus go mbeidh fáil uirthi ag na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh go léir a thagann faoinár sainchúram.

Is daoine iad na hionadaithe ar Chomhairle CORU agus ar na Boird Chlárúcháin a thagann ó chúlraí agus disciplíní éagsúla. Fágann sé sin go mbíonn éagsúlacht ar leith ag baint leis na cinntí agus na bearta a dhéanaimid agus ag na tosaíochtaí a bhíonn againn agus muid ag obair ar mhaithe le leas an phobail. Is comhaltaí tuata iad formhór chomhaltaí na Comhairle agus chomhaltaí na mBord Clárúcháin araon, a thagann ón earnáil oideachais, ó ghrúpaí tathanta othar agus ón earnáil dheonach, agus a n-áirítear leo freisin ionadaithe de chuid eagraíochtaí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí a bhíonn ag plé le sláinte agus cúram sóisialach.

## Cuspóir Straitéiseach 6:

### Leanúint ar aghaidh ag tógáil ár líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun comhroinnt eolais a éascú agus an fhoghlaim a thabhairt isteach sa chóras rialála

Feidhmíonn CORU i dtimpeallacht chasta, a bhíonn ag athrú go tapa. Tá forbairt ag teacht go fóill ar ról na ngairmeacha aonair, ar an gcaoi a ndéanann siad a gcuid oibre agus ar an gcaoi a mbíonn siad ag idirghníomhú le húsáideoirí seirbhíse, le comhghleacaithe agus le gairmithe eile.

Bíonn ceachtanna le foghlaim i gcónaí ón taithí a bhaineann le rialáil na ngairmeacha eile in Éirinn agus thar lear. Tá caidreamh maith comhroinnte agus oibre bunaithe ag CORU le rialtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Bíonn foireann feidhmiúcháin CORU ag déanamh cuid mhaith oibre i gcomhar le rialtóirí náisiúnta. Baineann tábhacht mhór le hoiliúint agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar ár gcomhaltaí agus ár mbaill foirne agus an t-eolas is déanaí a chomhroinnt leo chun éilimh na timpeallachta rialála agus athruithe uirthi a bhainistiú. Maidir leis sin, tá ról lárnach ag CORU i dtaobh dhúl i gcomhairle le hinstitiúidí acadúla chun a spreagadh go gcuirfear cúrsaí ardcháilíochta ar fáil do ghairmithe ar mian leo iad féin a chlárú, ar cúrsaí iad ina bhfuil an dea-chleachtas acadúil i réim.

## Cuspóir Straitéiseach 7:

### Leanúint ar aghaidh ag cothú eagraíocht ardfheidhmíochta atá oiriúnach dá feidhm

In 2015, bhainistigh an fheidhm acmhainní daonna foghlaim agus forbairt ar fud na heagraíochta. Imríonn sé seo tionchar nach beag ar fheidhmíocht na heagraíochta a fheabhsú. D'oibrigh an fhoireann acmhainní daonna le páirtithe leasmhara inmheánacha chun sainaithint a dhéanamh ar chroíchláir foghlama agus forbartha i réimsí straitéiseacha agus chun na cláir sin a chur ar fáil.

Tá 41 ball foirne ag CORU anois a bhíonn ag obair i dtimpeallacht dhearfach. Tá an fhoireann an-tiomanta agus chomhlíon siad na cúraimí a leagadh orthu. In 2015, tháinig méadú ar líon na mball foirne, ó 26 duine go 38. Bímid seasta ar ár ndícheall ag triail ár bpróisis ghnó a fheabhsú chun cur leis an éifeachtúlacht, agus tá feabhas leanúnach cáilíochta ina chur chuige caighdeánach againn.

## Cuspóir Straitéiseach 8:

### Costas na rialála a íoslaghdú agus an sainchúram atá orainn á chomhlíonadh againn

De bharr dhá chomhaontú pá náisiúnta, tá táille chlárúcháin agus athnuachana €100 leagtha síos go dtí 2018. Fágann sé sin go bhfuil CORU fós ag fáil cistiú ón Roinn Sláinte. Is cuid thábhachtach de chlár oibre CORU don todhchaí é na Cláir a oscailt do ghairmeacha eile. Tá an tsamhail chistithe faoin bhfeidhmímid bunaithe den chuid is mó ar an ioncam a dhéanaimid ó tháillí clárúcháin, agus tá sé ina chuspóir againn a bheith ag brath níos lú ar an gcistiú ón Stát. Tá tús curtha le pleanáil chun samhlacha cistithe i ndiaidh 2018 a bhreithniú lena chinntiú go bhfuil córas rialála inbhuanaithe ag CORU i leith gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Chomhlíon CORU gach oibleagáid airgeadais a bhí air in 2015. Trí phleanáil buiséid agus réamhaisnéis i ndáil le caiteachais, d'éirigh linn bainistíocht shlán a dhéanamh ar an gcaiteachas i gcoinne na n-acmhainní a raibh sé beartaithe fáil a bheith orthu. Léirigh iniúchadh seachtrach agus iniúchadh inmheánach in 2015 go raibh ár gcuid córas ar ardchaighdeán. Bíonn CORU fós ag obair i gcomhpháirt le rialtóirí eile nuair is cuí chun costais a íoslaghdú. Mar chuid den chur chuige sin, baintear leas as glaonna náisiúnta ar thairiscintí nuair is cuí. Táimid ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí i dtaobh na riachtanas cóiríochta atá againn, a thiocfaidh i bhfeidhm an bhliain seo chugainn. Leanaimid treoirlínte na hOifige um Sholáthar Rialtais nuair is féidir é.

## Cuspóir Straitéiseach 9

### A chinntiú go bhfuil bonneagar ardfheidhmíochta TFC againn atá solúbtha agus éifeachtach ó thaobh costais de

Is deacair eagraíocht a chothú agus a leathnú tráth a bhfuil srian mór ar eagraíochtaí na hearnála poiblí agus ní mór cur chuige nuálach a ghlacadh i leith fórsa saothair a phleanáil agus seirbhís a sholáthar sna cúinsí sin. Meastar gur gné lárnach é TFC i dtaobh a chur ar ár gcumas dúinn ardchaighdeán seirbhíse a chinntiú.

Le linn 2015, bhaineamar amach céim thábhachtach maidir le seirbhís a chur ar fáil do na húsáideoirí sa mhéid go bhfuil an próiseas clárúcháin agus an próiseas athnuachana ar líne. Is féidir le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh iarratas a dhéanamh trí láithreán gréasáin CORU, www.coru.ie, agus is féidir na táillí iarratais agus na táillí athnuachana a íoc ar líne. Is céim mhór chun cinn é sin don eagraíocht agus tá cuíchóiriú déanta ar ár bhfeidhm airgeadais dá bharr.

## Cuspóir Straitéiseach 10:

### A chinntiú gur leor an tiomantas ó na comhaltaí, a leibhéal rannpháirtíochta agus an cion a dhéanann siad agus go dtugtar dóthain tacaíochta dá gcuid oibre chun an rialáil a chur chun feidhme

Bíonn CORU ag brath go mór ar rannpháirtíocht ghníomhach chomhaltaí na Comhairle agus na mBord, dream a thugann a gcuid seirbhísí go léir ar bhonn deonach le tacaíocht óna gcuid fostóirí. De réir mar a leanann ár gcuid oibre ag leathnú agus ag forbairt, is amhlaidh is mó a bhímid ag brath ar na comhaltaí sin chun coinneáil leis an tiomantas atá acu agus ceannaireacht a sholáthar chun ár gcuspóirí agus ár spriocanna a bhaint amach.

Tá an t-athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht na Comhairle agus na mBord Clárúcháin ina chúnamh don fhoireann feidhmiúcháin maidir leis na modhanna is fearr a roghnú chun tacú leis an obair a dhéanann siad. Go ginearálta, bíonn tinreamh an-mhaith ag na cruinnithe agus bíonn na comhaltaí páirteach go díograiseach san obair.

Déanann an fhoireann feidhmiúcháin a ndícheall na páipéir is fearr is féidir a ullmhú don Chomhairle agus do na Boird uile, ionas gur féidir an chinnteoireacht is fearr is féidir a dhéanamh agus tacú léi.

## Cuspóir Straitéiseach 11 agus Cuspóir Straitéiseach 12:

### Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh trína chinntiú go gcomhlíonann an chumarsáid a dhéanaimid riachtanais shonracha gach dream páirtithe leasmhara

Cuspóir, fís agus feidhmiú CORU a chur chun cinn i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara, go háirithe an pobal agus na gairmeacha ainmnithe

Beidh feidhmiú éifeachtach an chreata rialála san fhadtréimhse ag brath ar roinnt gnéithe a bhaineann leis an gcumas atá againn cumarsáid éifeachtach a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara.

Déanann CORU tréaniarracht dul i ndlúthchomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir lena chinntiú go mbeidh feasacht agus faisnéis chruinn ag gach duine lena mbaineann lena n-áirítear cláraithe, fostóirí, comhlachtaí gairmiúla, oideachasóirí, grúpaí tathanta agus rialtóirí eile. Eisíonn CORU nuachtlitir ráithiúil do gach páirtí leasmhar chun faisnéis a thabhairt faoin obair a dhéanann an eagraíocht. Nuachtlitir leictreonach atá i gceist agus is féidir breathnú uirthi freisin ar láithreán gréasáin CORU.

Le linn 2015, ghlac CORU páirt i mbreis is 12 Chomhairliúchán Phoiblí a bhain go sonrach le dréacht-Fhodhlíthe. Cuireadh Fógraí Comhairliúcháin Phoiblí sna meáin náisiúnta le linn na bliana.

In 2015, bhuail CORU le breis is 3,000 duine ar fud na tíre a bhféadfadh spéis a bheith acu iad féin a chlárú chun iad a chur ar an eolas faoin ról atá ag CORU, faoin bpróiseas clárúcháin agus faoina bhfuil i gceist leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach i gcás na gcláraithe. In 2016, tá sé ina aidhm againn ár gcuid oibre sa réimse sin a fheabhsú le tuilleadh imeachtaí éisteachta agus breis teagmhála le húsáideoirí na seirbhíse.

## Cuspóir Straitéiseach 13:

### Leanúint ar aghaidh ag cur ardchaighdeáin i bhfeidhm i dtaobh rialachas corparáideach agus éifeachtúlacht oibríochtúil

Bíonn CORU ag feidhmiú i struchtúr rialachais casta. Chun cloí leis na caighdeáin is airde, ní mór soiléire a bheith ann i dtaobh ról agus freagrachtaí, ní mór don chinnteoireacht a bheith soiléir agus ní mór dúinn a bheith comhsheasmhach sa chaoi a n-oibrímid. Is iad na Boird Chlárúcháin atá freagrach as a gCláir faoi seach a bhunú agus a chothabháil, lena n-áirítear ceadú cáilíochtaí oideachais, agus tá an Chomhairle freagrach as struchtúir tacaíochta corparáidí; lena n-áirítear cúrsaí airgeadas agus feidhmiú córais maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil idirdheighilt i gceist i dtaobh feidhmeanna, agus ag an am céanna tá an Chomhairle freagrach as an obair a dhéanann na Boird Chlárúcháin a mhaoirsiú agus a chomhordú. Fágann sé sin nach mór díriú go leanúnach ar phróisis rialála CORU chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach ina leith sin.

Tá an-tábhacht ag baint le soiléire na cinnteoireachta, idir an Chomhairle, na Boird Chlárúcháin agus an fhoireann feidhmiúcháin. Sampla maith den chaoi a gcuireann CORU dea-rialachas corparáideach i ngníomh is ea idirdheighilt an phróisis um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh: na daoine atá ar na comhlachtaí cinnteoireachta, ní comhaltaí iad de chuid na Comhairle ná na mBord Clárúcháin.

Cheadaigh an Chomhairle a beartas maidir le Leas-Chathaoirleach a cheapadh ag an gcruinniú a bhí aici ar an 16 Iúil 2015. Toghadh Marie Culliton ina Leas-Chathaoirleach ar an gComhairle i mí na Samhna 2015 agus údaraíodh di séala na Comhairle a fhíordheimhniú i mí na Nollag 2015.

Cuidíonn an mhaoirseacht a dhéanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, a bhfuil comhaltaí seachtracha den scoth air, lena chinntiú go gcothaítear caighdeáin arda.

Bíonn an fhoireann feidhmiúcháin feasach i gcónaí faoin gcaoi a mbíonn an Coiste sin ag gabháil don obair agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcáil atá ar CORU.

# Seirbhísí Corparáideacha

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh CORU, mar eagraíocht, oiriúnach dá fheidhm agus go mbeidh a dhóthain acmhainní againn ionas gur féidir linn tacú leis an gComhairle agus leis na Boird Chlárúcháin agus a gcuid dualgas reachtúil á gcomhlíonadh acu. Lean na Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag bainistiú príomhréimsí, lena n-áirítear Airgeadas, Acmhainní Daonna, TFC, Cumarsáid, Rialachas Corparáideach agus Iniúchóireacht Inmheánach.

## Airgeadas

Chomhlíon CORU gach oibleagáid airgeadais a bhí air in 2015. Trí phleanáil buiséid agus réamhaisnéis i ndáil le caiteachais, d'éirigh linn bainistíocht shlán a dhéanamh ar an gcaiteachas i gcoinne na n-acmhainní a raibh sé beartaithe fáil a bheith orthu.

Tá caidreamh oibre den scoth ag an bhFoireann Airgeadais le hOifigigh na Roinne Sláinte. Cuireann an Roinn na hacmhainní ar fáil do CORU chun an sainordú neamhspleách atá tugtha dó a chomhlíonadh. Ina theannta sin, bhí an fhoireann ag obair i ndlúthpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí le linn na bliana chun bainistiú a dhéanamh ar aistriú na heagraíochta ó Áth an Ghainimh go Teach an tSeoighigh i lár chathair Bhaile Átha Cliath.

Faoin Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 tugadh an chumhacht don Aire Sláinte Bord na Radharcmheastóirí a dhíscaoileadh agus tháinig an díscaoileadh i bhfeidhm ar an 30 Deireadh Fómhair 2015. Ar an dáta sin, leagadh freagracht ar CORU as na cúraimí uile a bhí ar Bhord na Radharcmheastóirí, lena n-áirítear léas a chuid oifigí i gCearnóg Mhic Liam. Déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar a chuid cuntas deiridh in 2016.

Rinneadh dhá athbhreithniú neamhspleácha seachtracha in 2015: tuarascáil an iniúchóra inmheánaigh i leith na bliana 2015 agus litir bhainistíochta iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, litir nach raibh aon torthaí suntasacha ná práinneacha inti. Cuireadh cuntais bhliantúla CORU i leith na bliana 2015 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na dtréimhsí ama a leagtar amach san Acht Sláinte, 2007.

## Acmhainní Daonna

Tacaíonn an fhoireann acmhainní daonna leis an gcaidreamh le fostaithe, le forbairt beartais, leis an earcaíocht, le cúrsaí cúitimh (párolla, pinsin agus sochair eile), leis an gcóras bainistíochta feidhmíochta agus le forbairt na heagraíochta.

In 2015, bhainistigh an fheidhm acmhainní daonna foghlaim agus forbairt ar fud na heagraíochta. Imríonn sé seo tionchar nach beag ar fheidhmíocht na heagraíochta a fheabhsú. D'oibrigh an fhoireann acmhainní daonna le páirtithe leasmhara inmheánacha chun sainaithint a dhéanamh ar chláir lárnacha foghlama agus forbartha i réimsí straitéiseacha agus chun na cláir sin a chur ar fáil. D'éirigh leis an bhFoireann Bainistíochta Oibriúcháin clár ceannaireachta a thabhairt chun críche ar éascaíodh dó i gcaitheamh na bliana. Bhí comhaltaí de chuid na Comhairle ag gabháil d'oiliúint phraiticiúil sa rialachas corparáideach. Tugadh tacaíocht d'fhostaithe ar leith chomh maith trí chlár tacaíochta acadúla. Déantar an acmhainn ríthábhachtach sin a chothabháil agus a chothú ar leibhéal straitéiseach toisc gur mó an cumas a bheidh ag CORU a bheith ina rialtóir éifeachtach ach infheistíocht a dhéanamh agus na daoine cearta a earcú don eagraíocht.

Le linn na bliana eagraíodh roinnt seisiún "Lón Foghlama" don fhoireann ar fad, ag ar cumhdaíodh ábhair éagsúla lena n-áirítear sláinte agus folláine. Seoladh Clár Cúnaimh d'Fhostaithe freisin i gcaitheamh na bliana. Seirbhís tacaíochta faoi rún atá i gceist leis, do gach fostaí de chuid CORU agus dá dteaghlaigh.

Ba mhaith le CORU aitheantas a thabhairt don obair a rinne Sinead Boyle, iar-Cheann Gnóthaí Dlí, a d'fhág slán againn i mí na Nollag 2015. Ba ise a bhunaigh an Rannóg um Ghnóthaí Dlí agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, ar rannóg den scoth í. Le linn 2015, tháinig Colm O'Leary chuig CORU mar Cheann Clárúcháin agus tugadh ardú céime dár gcomhghleacaí Aoife Sweeney, atá ina Ceann Oideachais anois. Ina theannta sin, chuireamar fáilte roimh Sharon O'Brien, Bainisteoir Acmhainní Daonna, Kevin O'Brien, Bainisteoir Airgeadais, Bridget Rouse, Bainisteoir Gnóthaí Dlí agus Gillian Ryan, Bainisteoir Cumarsáide.

Faoi dheireadh na bliana 2015, bhí 40 fostaí lánaimseartha ag CORU. Bhí 13 dhuine bhreise i gceist ansin le hais dheireadh na bliana 2014, lena n-áirítear beirt fostaithe a aistríodh chuig CORU ó Bhord na Radharcmheastóirí nuair a díscaoileadh é.

I mí Iúil, cheadaigh an Chomhairle Beartas CORU um Nochtadh faoi Chosaint. Tá an beartas sin dírithe ar a chinntiú go bhfuil sásra slán sábháilte ag baill foirne de chuid CORU ar mian leo nochtadh cosanta a dhéanamh.

## Seirbhísí Dlí

In 2015 lean an Rannóg Gnóthaí Dlí dár gcuid ar aghaidh ag cur comhairle orainn faoi fhorbairtí in CORU agus faoin léirmhíniú ar Acht na bliana 2005. Cheadaigh an Chomhairle 12 Fhodhlí a dhéanamh in 2015. Áiríodh leo sin na sé Fhodhlí maidir leis an mBord Clárúcháin Súil-Liachta a raibh gá leo chun na Cláir a aistriú ó Bhord na Radharcmheastóirí.

## Achomhairc

Thionóil an Chomhairle an chéad éisteacht achomhairc clárúcháin dá cuid i mí an Mhárta. Ba é sin an chéad achomharc ó iarratasóir ar dhiúltaigh Bord Clárúcháin don iarratas uaidh nó uaithi ar chlárúchán. Amach sa bhliain, thoiligh an Chomhairle i bprionsabal a feidhm achomhairc a tharmligean chuig Coiste Achomhairc. Chinn an Chomhairle freisin cumasc a dhéanamh ar na nósanna imeachta achomhairc maidir le clárúchán agus aitheantas.

Lean an Chomhairle leis an obair maidir le Fodhlíthe a ullmhú. Cheadaigh an Chomhairle go n-eiseofaí roinnt treoirlínte do Bhoird Chlárúcháin maidir le Fodhlíthe a dhéanamh. Cuireadh i gcrích Creat nuashonraithe maidir le Rannáin na gClár mar ullmhúchán d'aistriú Chlár na nOptaiméadraithe agus Chlár na Radharcmheastóirí Urghnamha ó Bhord na Radharcmheastóirí. Lena chois sin, tugadh cothrom le dáta na Treoirlínte maidir le Coinníollacha i dtaobh Clárú i Rannán den Chlár. Bhí sé sin ina bheart ullmhúcháin i gcomhair bhunú Rannán na Lionsaí Tadhaill de chuid Chlár na Radharcmheastóirí Urghnamha. Ina theannta sin, d'eisigh an Chomhairle treoirlíne don Bhord Clárúcháin Súil-Liachta maidir le Fodhlíthe a dhéanamh chun rialáil agus rialú a dhéanamh ar oidis a thabhairt agus a urghnamh nó spéacláirí a dhíol. Tá an obair sin fós ar bun ar mhaithe le leas an phobail.

Rinneadh leasuithe i rith na bliana ar an Treoirlíne maidir le Critéir um Dhaoine a Chur ar Ais ar an gClár. Sa Treoirlíne sin, déantar foráil anois maidir le dhá Fhodhlí: ceann maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh, agus ceann eile maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Lena chois sin, leasaíodh an Treoirlíne maidir leis an bhFodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhoird Chlárúcháin.

## Forfheidhmiú

Mar chuid d'aistriú na gcumhachtaí ó Bhord na Radharcmheastóirí ar an 31 Deireadh Fómhair 2015, leagadh freagracht ar an gComhairle as forfheidhmiú i dtaobh oidis spéacláirí a thabhairt agus a urghnamh agus spéacláirí a dhíol. Tá an méid sin de bhreis ar na feidhmeanna forfheidhmiúcháin a bhí ag an gComhairle roimhe sin faoin Acht, lena n-áirítear feidhmeanna i ndáil le cosaint teidil.

## Nithe Corparáideacha

Cheadaigh an Chomhairle go ndéanfaí raon feidhmeanna a tharmligean chuig an POF. Rinneadh é sin tar éis breithniú a dhéanamh ar chomhairle dlí maidir le cé na feidhmeanna a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach lena dtarmligean agus breithniú a dhéanamh ar thogra ón gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

## Sláinte agus Sábháilteacht

In 2015 chomhlíon CORU an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na Rialacháin fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007. Chloíomar leis na beartais agus leis na nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus chuireamar ar fáil oiliúint oiriúnach, cláir feasachta ar an tsábháilteacht agus trealamh cosanta pearsanta.

## Saoráil Faisnéise

Faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, ceadaítear rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh CORU nach bhfuil ar fáil sa ghnáthchúrsa trí fhoinsí eile.

Tugadh freagraí iomchuí ar na hiarrataí a fuaireamar in 2015 agus rinneadh iad a bhainistiú de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2007 agus 2013. Chuir CORU le líon na gcinnteoirí um Shaoráil Faisnéise dá chuid trí oiliúint chuí a chur ar fáil.

Fuaireamar aon iarratas amháin um Shaoráil Faisnéise in 2015, agus deonaíodh go páirteach í.

## Cosaint Sonraí

Tá CORU cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 agus an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003.

## Ullmhú i gcomhair Aistriú Oifige na bliana 2016

Bhí an-chuid gníomhaíochta agus pleanála ar bun sa dara leath den bhliain 2015 chun CORU a ullmhú i gcomhair aistriú a chuid oifigí i mí Eanáir 2016. Beidh CORU ag bogadh go dtí oifigí sealadacha ag Teach an tSeoighigh, Sráid Lombard Thoir i mí Feabhra 2016 nuair a rachaidh an léas ar an bhfoirgneamh i gCúirt an Rabhcháin in éag. Táthar ag súil go mbogfaidh CORU chuig oifigí buana in 2016.

# Cumarsáid

**Agus Boird Chlárúcháin á mbunú againn ar bhonn leanúnach, is tábhachtach an rud é cur amach agus tuiscint a bheith ag an bpobal agus ag páirtithe leasmhara tábhachtacha eile ar an ról atá ag CORU. In 2015, rinne an Rannóg Cumarsáide de chuid CORU tréaniarracht dul i dteagmháil le gairmithe agus lena gcuid comhlachtaí gairmiúla, trí na bealaí a mheastar is éifeachtaí.**

## Caidreamh leis na Nuachtáin agus leis na Meáin

I mí Eanáir 2015, thionóil CORU preasagallamh leis an Aire Cúraim Phríomha agus Cúraim Shóisialaigh, Kathleen Lynch Uasal, TD, a rinne seoladh oifigiúil ar thús na n-imscrúduithe um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh de chuid CORU. Den chéad uair, is féidir le CORU ár gcumhachtaí dlíthiúla agus ár gcumhachtaí imscrúdaithe a chur i ngníomh chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine den phobal, maidir le haon teagmhas a tharla tar éis an 31 Nollaig 2014, i dtaobh iompar gairmiúil gairmí sláinte agus cúraim shóisialaigh, agus cinneadh a dhéanamh ar deireadh thiar cibé an bhfuil gairmí cláraithe feidhmiúil chun cleachtadh nó nach bhfuil. Tá na sonraí iomlána faoi phróiseas na ngearán um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh sa rannán faisnéise don phobal ar www.coru.ie.

Rinne iriseoirí agus grúpaí meáin éagsúla teagmháil rialta linn i rith na bliana maidir leis an obair a dhéanaimid i gcáil rialtóra agus maidir leis an bpróiseas clárúcháin. Bhíomar ag obair lena chinntiú go ndeachaigh teachtaireacht CORU i bhfeidhm ar an lucht éisteachta ar shlí chomhsheasmhach, shoiléir.

## Foilsitheoireacht agus Bainistíocht Foilseachán

Cinntíonn CORU gur furasta rochtain a fháil ar a chuid foilseachán. Foilsítear tuarascálacha agus foilseacháin go pras agus tá siad ar fáil le lena n-íoslódáil ón láithreán gréasáin atá againn, www.coru.ie. Déantar iarracht gach foilseachán dár gcuid a bheith i mBéarla Soiléir. In 2015, d'fhoilsíomar an chéad Treoir uainn maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice d'Optaiméadraithe agus Radharcmheastóirí Urghnamha. Rinneadh nuashonruithe ar an Treoir maidir le CORU, an Treoir maidir le Clárú agus an Treoir maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh chun coinneáil suas leis na hathruithe ar an bhfaisnéis maidir leis na gairmeacha cláraithe.

## Cumarsáid inmheánach

Faigheann baill foirne CORU nuashonruithe ráithiúla ó Ginny Hanrahan, an Príomhfheidhmeannach. Deis iontach is ea é sin don fhoireann go léir chun tuiscint a fháil ar an réimse oibre a dhéanann gach rannóg de chuid CORU. In 2015, eagraíodh sraith seisiúin "Lón Foghlama" ar éirí go geal leo, ar mhaithe le folláine gach baill foirne a chur chun cinn.

## Cumarsáid ar Líne/Láithreán Gréasáin

Cuireadh roinnt gnéithe nua le láithreán gréasáin CORU lena n-áirítear an fhormáid clárúcháin ar líne, agus thug 212,000 cuairteoir ar leith cuairt ar an láithreán gréasáin in 2015.

## Gnóthaí Parlaiminteacha

I rith na bliana, iarradh ar CORU faisnéis a chur isteach i ndáil leis an eagraíocht féin agus leis na Boird Chlárúcháin trí fhreagra a thabhairt ar Cheisteanna Parlaiminteacha ar iarraidh ón Roinn Sláinte agus ón Aire Sláinte. Bhí CORU réamhghníomhach i gcónaí i dtaobh gach ceist a cuireadh air a fhreagairt go pras, cruinn.

## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus Comhairliúchán

Déanann CORU tréaniarracht dul i ndlúthchomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir lena chinntiú go mbeidh feasacht agus faisnéis chruinn ag gach duine lena mbaineann lena n-áirítear cláraithe, fostóirí, comhlachtaí gairmiúla, oideachasóirí, grúpaí tathanta agus rialtóirí eile. Eisíonn CORU nuachtlitir ráithiúil do gach páirtí leasmhar chun faisnéis a thabhairt faoin obair a dhéanann an eagraíocht. Nuachtlitir leictreonach atá i gceist agus is féidir breathnú uirthi freisin ar láithreán gréasáin CORU.

Le linn 2015, ghlac CORU páirt i mbreis is 12 Chomhairliúchán Phoiblí a bhain go sonrach le dréacht-Fhodhlíthe. Cuireadh Fógraí Comhairliúcháin Phoiblí sna meáin náisiúnta le linn na bliana.

In 2015, bhuail CORU le breis is 3,000 duine ar fud na tíre a bhféadfadh spéis a bheith acu iad féin a chlárú chun iad a chur ar an eolas faoin ról atá ag CORU, faoin bpróiseas clárúcháin agus faoina bhfuil i gceist leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach i gcás na gcláraithe. In 2016, tá sé ina aidhm againn ár gcuid oibre sa réimse sin a fheabhsú le tuilleadh imeachtaí éisteachta agus breis teagmhála le húsáideoirí na seirbhíse.

An bhliain seo chugainn, déanfaimid ár ndícheall feabhas a chur ar na naisc atá eadrainn féin agus urlabhraithe na n-úsáideoirí seirbhíse. Bíonn tacaíocht fós á soláthar againn don láithreán gréasáin www.healthcomplaints.ie, a chuirfear faoi chúram Oifig an Ombudsman in 2016.

## An Chomhdháil um Fhoghlaim Idirghairme 2015

Tionóladh an Chomhdháil um Fhoghlaim Idirghairme i Réimse na Sláinte agus an Chúraim Shóisialaigh ar an 6 Deireadh Fómhair 2015. Bhí an chomhdháil, a bhí á reáchtáil den chéad uair, á óstáil ar bhonn comhpháirteach ag príomhrialtóirí sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann, lena n-áirítear CORU, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann, Comhairle na nDochtúirí Leighis agus Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann, agus chuir an Chomhairle Fiaclóireachta agus an Roinn Sláinte tacaíocht ar fáil di. Aithníonn na rialtóirí an tábhacht a bhaineann le comhar agus le foghlaim idirghairme agus le coinneáil orainn ag obair as lámha a chéile ar mhaithe le sábháilteacht na n-othar agus cosaint an phobail. Tháinig 250 toscaire ó 15 ghairm bheatha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialaigh le chéile ag an imeacht chun díriú ar conas feabhas a chur ar thorthaí fadtéarmacha na n-othar agus sábháilteacht na n-othar trí fhoghlaim agus oideachas idirghairme ar bhonn comhair.

I measc na bpríomhchainteoirí ag an gcomhdháil bhí an Dr John H V Gilbert, Ollamh Emeritus in Ollscoil British Columbia agus Scoláire de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Agus é ag tabhairt aithisc ag tús na comhdhála, leag sé béim ar an ngá atá ann bogadh ar shiúl ó chineálacha cur chuige dúnta maidir le cleachtadh agus oiliúint agus díriú isteach níos mó ar dheiseanna foghlama idirghairme.



*Sa phictiúr ó chlé go deas tá: Pat O'Mahony, An Roinn Sláinte, Maura Pidgeon, An Bord Altranais agus Cnáimhseachais, Marita Kinsella, PSI, Bill Prasifka, Comhairle na nDochtúirí Leighis, John H V Gilbert, Ollscoil Columbia, Ionad Comhair na hEagraíochta Domhanda Sláinte, Ginny Hanrahan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CORU, an tOllamh James Buchan, Ionad Comhair na hEagraíochta Domhanda Sláinte*

# Tuarascálacha ó Choistí na Comhairle

## An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

**Líon na gcruinnithe iomlána de chuid na Comhairle in 2015:** 10

**Comhaltaí agus tinreamh ag cruinnithe na Comhairle in 2015:** Féach Aguisín 1

In 2015, thug cúig choiste faoi phíosaí sonracha oibre thar ceann na Comhairle, agus iad seo a leanas san áireamh:

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Clárúchán
- Oideachas
- Feidhmiúlacht chun Cleachtadh
- Réamhimeachtaí

# Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas

**Ról:** Is é bunchuspóir an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais (an Coiste Iniúchóireachta) struchtúr measúnaithe neamhspleách a sholáthar laistigh de CORU chun tomhas agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chuid nósanna imeachta maidir le rioscaí, rialachas agus rialú inmheánach agus ar neamhspleách a sholáthar laistigh de CORU chun tomhas agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chreata tuairiscithe airgeadais.

## Ballraíocht

Ag teacht le treoir a thugtar sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus le Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, seachtar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin a bhí ar Choiste na bliana 2015. I gcás triúr as an seachtar comhaltaí Coiste sin, ní comhaltaí de chuid CORU iad.

Ba í an Chomhairle a cheap Cathaoirligh an Choiste, Martin Higgins (ar tháinig deireadh lena théarma oifige i mí na Samhna 2015) agus Tony McAleer. Ní raibh Martin Higgins ná Tony McAleer ina gcathaoirligh ar an gComhairle ná ar aon fhochoiste eile de chuid CORU le linn a dtéarmaí oifige mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Tugadh cóip de Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais do gach comhalta ceaptha, inar leagadh amach a údarás agus na dualgais atá air.

Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar gach comhalta nua de chuid an Choiste.

**Ba iad seo a leanas comhaltaí Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais na bliana 2015, ar cheap an Chomhairle iad:**

- Tony McAleer – Cathaoirleach;
- Bernard McCartan,
- Odhrán Allen,
- Maeve Murphy (comhaltaí de chuid na Comhairle);
- Harry McGeary,
- Martin O'Sullivan,
- Declan Purcell (comhaltaí neamhspleácha);
- Martin Higgins (ar tháinig deireadh lena téarma oifige i mí na Samhna 2015)

**Líon na gcruinnithe in 2015:** 4

**Tinreamh:** Féach Aguisín 2

## Téarmaí Tagartha

Ba cheart na téarmaí tagartha seo a léamh i gcomhar leis na Buan-Orduithe agus na rialacha ginearálta a bhfuil feidhm acu maidir le Coistí na Comhairle.

Is í an Chomhairle a cheapfaidh comhaltaí na gCoistí agus beidh triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha ar a laghad i gceist leo, agus comhalta seachtrach amháin ar a laghad ina measc. Beidh taithí airgeadais ábhartha, a fuarthas le déanaí, ag comhalta amháin ar a laghad. Ní fhéadfar aon chomhaltaí den Choiste Feidhmiúcháin a cheapadh ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta.

Is í an Chomhairle a cheapfaidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Tiocfaidh an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire sa bhliain ar a laghad agus bítear ag súil leis go ndéanfaidh na comhaltaí uile gach iarracht freastal ar na cruinnithe go léir. Measfar go mbeidh córam ann i gcás 40% de chomhaltaí an Choiste a bheith i láthair.

Is ról maoirseachta go príomha atá ag an gCoiste Iniúchóireachta. Go sonrach, faoi Alt 23(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (an tAcht), comhlíonfaidh an Coiste na feidhmeanna seo a leanas:

1. Cuirfidh sé comhairle ar an gComhairle agus ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (i gcáil Oifigeach Cuntasaíochta) maidir le hiniúchóirí inmheánacha a cheapadh, ceadóidh sé pleananna agus táillí iniúchóireachta, gheobhaidh sé tuairiscí ar an bplean oibre um iniúchadh inmheánach agus breithneoidh sé bearta iomchuí a eascraíonn astu.

2. Déanfaidh sé ionadaíocht don Chomhairle, gan chlaontacht, sa chaidreamh atá aici leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar iniúchóir seachtrach CORU, agus déanfaidh sé athbhreithniú ar litreacha bainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar aon tuarascálacha eile agus tabharfaidh sé tuairisc ina leith don Chomhairle, de réir mar is iomchuí.

3. Déanfaidh sé athbhreithniú ar an gcéad dréacht de ráitis airgeadais reachtúla bhliantúla CORU sula dtosóidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an iniúchadh.

4. Sula síneoidh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais agus tar éis dó tuarascáil iniúchóra a fháil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (lena n-áirítear an dréachtleagan den Litir Bhainistíochta uaidh más infheidhme) agus tuarascáil an iniúchóra inmheánaigh a fháil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, i leith na bliana, déanfaidh an Coiste breithniú agus tuairisciú don Chomhairle ar cibé an bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh nó nach bhfuil:

    a. Tá próiseas stuama i bhfeidhm chun na ráitis airgeadais a ullmhú;

    b. Comhlíonann na beartais chuntasaíochta a glacadh na ceanglais ábhartha;

    c. Tugtar léiriú cothrom sna ráitis airgeadais ar sheasamh airgeadais na Comhairle i leith na bliana airgeadais; agus

    d. Tá an Litir Uiríll lena heisiúint do na hiniúchóirí cruinn.

5. Déanfaidh sé athbhreithniú ar Thuarascáil Bhliantúil na Comhairle ó thaobh rialachais agus rialú airgeadais agus cuirfidh sé moltaí faoi bhráid na Comhairle agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (i gcáil Oifigeach Cuntasaíochta), de réir mar is iomchuí.

6. Breithneoidh sé an leordhóthanach iad na próisis bainistíochta riosca i leith na rioscaí go léir dá bhfuil an Chomhairle nochta agus ceadóidh sé bearta chun iad a dhíchur nó a mhaolú, nó, i gcás ina measann an Coiste go bhfuil saincheisteanna suntasacha beartais i gceist, molfaidh sé go gceadóidh an Chomhairle iad. Áirítear leis sin:

a. Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar mar atá Beartas Bainistíochta Riosca CORU á chur chun feidhme agus ar an athbhreithniú air;

b. Breithniú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus próisis bhainistíochta riosca; agus

c. Athbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar an gclár rioscaí.

7. Tabharfaidh sé comhairle uaidh i dtaobh an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais atá ag CORU, breithneoidh sé an leordhóthanach é an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais agus breithneoidh sé an dtugann an córas inmheánach um thuairisciú airgeadais luathrabhadh maidir le cásanna ina gcliseann ar an rialú agus maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn.

8. Cuirfidh sé comhairle ar an gComhairle maidir le hábhair rialachais chorparáidigh (ach gan dochar don chumhacht atá ag an gCoiste chun moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle, i dtaobh saincheisteanna rialachais chorparáidigh a eascraíonn as obair na n-iniúchóirí).

9. Comhlíonfaidh sé feidhmeanna sannta eile a fhorordóidh an Chomhairle ó am go ham.

10. Déanfaidh sé athbhreithniú rialta ar a éifeachtacht féin agus tuairisceoidh sé torthaí an athbhreithnithe don Chomhairle agus d'Oifigeach Cuntasaíochta na Comhairle.

11. Ullmhóidh sé tuarascáil bhliantúil ina ndéanfar athbhreithniú ar oibríochtaí an Choiste Iniúchóireachta, ina mbeidh measúnú ar obair an Choiste, agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid na Comhairle.

12. Déanfaidh sé beart leantach maidir le haon mholadh ón gComhairle tar éis an athbhreithnithe ar thuarascáil bhliantúil an Choiste.

13. Cuirfidh sé próiseas foirmiúil ionduchtúcháin ar fáil do gach comhalta nua a cheapfar ar an gCoiste Iniúchóireachta.

14. Coinneoidh sé taifead iomchuí ar obair an Choiste Iniúchóireachta.

15. Déanfaidh sé athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann le sócmhainní caipitil CORU a shlánchoimeád, agus cuirfidh sé moltaí faoi bhráid na Comhairle nuair is gá agus nuair is iomchuí.

## Údarás

1. Tá sé d'údarás ag an gCoiste aon fhaisnéis atá de dhíth air a lorg ó aon duine d'fhoireann CORU;

2. Tá sé d'údarás ag an gCoiste fiosrú a dhéanamh i dtaobh aon ghníomhaíocht a thagann faoina chuid Téarmaí Tagartha agus féadfaidh sé comhairle dlí nó comhairle eile a fháil ó ghairmithe seachtracha neamhspleácha ina leith sin.

## Príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2015

- Bainistíocht Riosca – rinne sé athbhreithniú ar an measúnú riosca a dhéanann CORU.
- Ráitis Airgeadais – cheadaigh sé na dréachtráitis airgeadais reachtúla bhliantúla.
- Iniúchadh Seachtrach an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste – rinne sé athbhreithniú ar shonraí an iniúchta agus chuir sé na moltaí chun feidhme.
- Iniúchadh Inmheánach – cheadaigh sé an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí de chuid CORU.
- Athbhreithniú ar na Córais Inmheánacha Airgeadais– cheadaigh sé athbhreithnithe ar na beartais agus nósanna imeachta airgeadais, ar bhuiséadú agus ar chaiteachas.

# An Coiste Clárúcháin

**Ról:** Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta i ndáil le clárúchán.

## Ballraíocht

- Marie Culliton (Cathaoirleach),
- Halóg Mellett,
- Joe Martin,
- Maeve Murphy (comhaltaí de chuid na Comhairle),
- Norma Judge (comhalta de chuid an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta),
- Damhnait Gaughan (comhalta neamhspleách).

**Líon na gcruinnithe in 2015:** 5

**Tinreamh:** Féach Aguisín 2

## Téarmaí Tagartha

Bhunaigh an Chomhairle an Coiste Clárúcháin chun na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

Comhairle a chur ar an gComhairle faoi bheartas a bhaineann leis an bpróiseas clárúcháin;

**Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartas a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí nach de chuid na tíre seo iad agus stádas údaráis inniúil faoi Threoir (AE) 2005/36/CE;**

1. Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartas chun déileáil le hiarratasóirí (a) ar mian leo filleadh ar chleachtadh; (b) a bhfuil cáilíochtaí acu ón am atá caite agus (c) ar mian leo iad féin a bhaint den Chlár dá ndeoin féin;
2. Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartas chun iarratais a mheasúnú faoi Alt 91 den Acht;
3. Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartas i dtaobh Cláir a choimeád;
4. Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le rialacha a dhéanamh faoi Alt 22 i ndáil leis na nithe seo a leanas:
5. An fhoirm agus an modh ina bhfuil na Boird Chlárúcháin chun Cláir a choimeád
6. Na sonraí a bhaineann le cláraithe, de bhreis ar a n-ainmneacha, atá le cur isteach sna Cláir
7. Roinnt na gClár ina rannáin shonraithe i leith catagóirí éagsúla cláraithe

## Príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2015

- Leagadh amach Creat na Comhairle, mar aon leis na treoirlínte do Bhoird Chlárúcháin i ndáil le coinníollacha a leagan síos i leith clárú i rannán de chuid Cláir.
- Ceadaíodh soláthraithe seachtracha chun Trialacha Inniúlachta agus Measúnuithe ar Inniúlacht Ghairmiúil a dhéanamh.
- Leanadh ar aghaidh leis an athbhreithniú leanúnach ar an bpróiseas clárúcháin.
- Ceadaíodh próiseas clabhsúir maidir le hiarratais ar chlárúcháin sa chás nár chuir an t-iarratasóir i gcrích go tráthúil iad
- Ceadaíodh cur chuige leasaithe maidir le deimhnithe cruachóipe a eisiúint tráth an chéad chlárúcháin, agus deimhnithe leictreonacha a eisiúint ina dhiaidh sin nuair a dhéantar athnuachan ar an gclárúchán.
- Breithníodh tarmligean údaráis ó na Boird Chlárúcháin chuig painéil iarratais chun iarratais a mheas agus an próiseas clárúcháin a chuíchóiriú.
- Breithníodh ábhair dlí maidir le filleadh ar chleachtadh agus cuireadh comhairle ar an gComhairle dá réir sin.
- Rinneadh breithniú ar na himpleachtaí atá ag an Treoir nua ón Aontas Eorpach maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí (2013/55/AE) agus ar réimsí eile maidir le cur chun feidhme na Treorach sin.
- Rinneadh athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha atá leagtha síos don Choiste.

# An Coiste Oideachais

**Ról**: Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta i ndáil le hoideachas.

## Comhaltaí:

- Jackie Reed (Cathaoirleach);
- Muiris Fitzgerald*,
- Halóg Mellet,
- Odhrán Allen,
- Peter Davison (comhaltaí de chuid na Comhairle);
- Lorraine Horgan
- Ann Taylor (comhaltaí neamhspleácha).

**Chuaigh a théarma ar an gCoiste in éag i mí na Samhna 2015.*

**Líon na gcruinnithe in 2015:** 6

**Tinreamh:** Féach Aguisín 2

## Príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2015

- Bhí an Coiste ag díriú go príomha in 2015 ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat maidir le Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta do na Cláir Oideachais agus Oiliúna.
- Forbraíodh an Creat maidir le Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta in 2009 chun cuidiú le Boird Chlárúcháin caighdeáin oideachais agus oiliúna atá comhsheasmhach soiléir a fhorbairt i leith clárúcháin. Is iad na Critéir na caighdeáin dearbhaithe cáilíochta a úsáideann Bord Clárúcháin lena chinntiú go bhfuil córas ar féidir brath air i bhfeidhm as a dtiocfaidh céimithe chun cinn a chomhlíonfaidh na caighdeáin inniúlachta i leith iontráil ar an gClár. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin nach mór do chéimí ó chlár ceadaithe iad a chomhlíonadh chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Socraítear na caighdeáin ar leibhéal tairsí ar mhaithe le cosaint an phobail.
- Rinneadh athbhreithniú ar an gCreat in 2015 lena chinntiú go bhfuil an sásra rialála sin fós oiriúnach dá fheidhm i gcomhthéacsanna oideachais ghairmiúil sláinte a bhíonn ag athrú. Faoin tionscadal, rinneadh athbhreithniú ar an taighde, na treoirlínte agus an dea-chleachtas atá ann faoi láthair maidir le ceapadh curaclam agus measúnú curaclam san ardoideachas chun scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí i leith na rialála. Tugadh faoi chomhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara (idir sheachtrach agus inmheánach) agus bailíodh aiseolas uathu chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir leis an tuiscint ar an gcreat atá ann faoi láthair agus an úsáid a bhaintear as.
- Ghlac an Chomhairle an Creat athbhreithnithe i mí na Nollag 2015, réidh lena úsáid i ndáil leis na Boird Chlárúcháin in 2016. Ina theannta sin, déanann an Coiste breithniú ar ábhair bheartais eile maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach agus maidir leis an leas a bhaintear as lucht athbhreithnithe oideachais agus oiliúna le haghaidh ceadú agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir oideachais agus oiliúna.

# An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

**Ról**: Tacú le feidhmiú agus forbairt na feidhme um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

## Comhaltaí:

- Kristin Quinn* (Cathaoirleach);
- Jenny Bulbulia*,
- Marie Culliton,
- Deirdre Madden,
- Mo Flynn (comhaltaí de chuid na Comhairle);
- Mary O'Donnell* (Cláraitheoir, Bord na Radharcmheastóirí).

* *Chuaigh a téarma ar an gCoiste in éag i mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna 2015.*

**Líon na gcruinnithe in 2015:** 3

**Tinreamh:** Féach Aguisín 2

## Téarmaí Tagartha

**Bhunaigh an Chomhairle an Coiste Clárúcháin chun na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:**

1. Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le creat a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoi fhorbairt na nósanna imeachta agus na bpróiseas chun déileáil le Gearáin, Fiosrúcháin agus Araíonacht faoi Chuid 6 den Acht, thar ceann na Comhairle.
2. Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartas a fhorbairt i ngach ábhar a bhaineann le Gearáin, Fiosrúcháin agus Araíonacht.
3. Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le critéir a chinneadh agus a chur i bhfeidhm chun déileáil le Gearáin, Fiosrúcháin agus Araíonacht faoin Acht.
4. Comhairle a thabhairt maidir le forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat don Chomhchód Iompair Ghairmiúil agus Eitice thar ceann na Comhairle.
5. Comhairle a thabhairt maidir le próisis agus nósanna imeachta a bhunú chun déileáil le hiarratasóirí ar chlárúchán nó aitheantas i gcás ina ndéanann siad achomharc ar chinntí maidir le clárúchán nó aitheantas, agus comhairle a thabhairt maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na próisis agus na nósanna imeachta sin.
6. Comhairle a thabhairt maidir le beartais, próisis agus nósanna imeachta a bhunú a eascraíonn as cumhacht reachtach na Comhairle chun imeachtaí achoimre a thabhairt agus a ionchúiseamh i leith aon chiona faoin Acht, agus comhairle a thabhairt maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na bearta, na próisis agus na nósanna imeachta sin.
7. Comhairle a chur faoi threoirlínte i dtaobh Fodhlíthe a dhéanamh maidir le spéacláirí a dhíol agus oidis spéaclairí a thabhairt.

## Príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2015

- Rinne sé athbhreithniú ar na nuashonruithe oibríochtúla ón bhfoireann feidhmiúcháin maidir leis an bhfeidhmiú a rinne CORU ar Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh sa chéad bhliain.
- Cheadaigh sé Beartas um Chosaint Leanaí lena chinntiú go gcomhlíonann CORU a chuid riachtanas tuairiscithe sa réimse sin.
- Cheadaigh sé beartais eile a leanfaidh an fhoireann feidhmiúcháin maidir le gearáin a phróiseáil.
- Thug sé comhairle uaidh faoi na ceanglais maidir le leasuithe reachtacha.
- Mhol sé treoirlíne a eisiúint don Bhord Clárúcháin Súil-Liachta maidir le spéaclairí a dhíol agus oidis spéaclairí a thabhairt.

# An Coiste Réamhimeachtaí

**Ról**: Bhunaigh an Chomhairle an Coiste Réamhimeachtaí ag an gcruinniú dá cuid ar an 21 Eanáir 2015

## Comhaltaí:

**Comhaltaí Nach Cláraithe Iad:**

- Katharine Bulbulia (Cathaoirleach),
- Mark Kane (Cathaoirleach Malartach),
- Ailís Ní Riain,
- Eamon Naughton,
- Fionnuala Cook,
- Sean O'Meara.

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Radagrafaí:**

- Edel Doyle*,
- Jacqui McGovern,
- Siobhan Higgins

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Theiripeoir Radaíochta:**

- Derry McCarthy,
- Laura Mullaney,
- Ruth Woods

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Oibrí Sóisialach:**

- Freda McKittrick,
- Gloria Kirwan,
- Mary Fennessy,
- Shane Donnelly

** D'éirigh Edel Doyle as an gCoiste seo i mí Dheireadh Fómhair 2015.*

Ag an gcruinniú dá chuid ar an 10 Nollaig 2015, cheap an Chomhairle na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Choiste Réamhimeachtaí:

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Optaiméadraí:**

- Michael Moore

**Comhaltaí atá Cláraithe mar Theiripeoir Ceirde:**

- Sheila Rose Henehan.

Ghlac an Coiste Réamhimeachtaí a nósanna imeachta i mí Feabhra 2015. Reáchtáladh seisiún oiliúna dhá lá don Choiste ar an 11 agus an 12 Feabhra 2015. Reáchtáladh seisiún oiliúna agus faisnéise leathlae eile ar an 2 Meán Fómhair 2015. Tháinig an Coiste le chéile chun breithniú a dhéanamh ar ghearáin a fuair CORU 9 n-uaire in 2015.

**Líon na gcruinnithe in 2015:** 9

**Tinreamh:** Féach Aguisín 2

## Príomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2015

- Fuair CORU 44 gearán maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2015.

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

# Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe

## Tuarascáil Bhliantúil

6.1 Tuarascáil Bhliantúil 2015
Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe

Is éard atá sa tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe le linn 2015, a tíolacadh don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2015, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Réamhrá

## Rinneadh dul chun cinn nach beag in 2015 i dtreo rialáil a dhéanamh ar bhia-eolaithe, agus tá áthas orainn an cuntas seo a chur i láthair ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe.

Is é an spriocdháta cláraithe do chleachtóirí atá ag gabháil den ghairm faoi láthair an 31 Deireadh Fómhair 2016. Ag deireadh na bliana 2015, bhí breis agus 120 bia-eolaí cláraithe, agus bhí 61 iarratas eile á meas.

Rinne an Bord an Dlí um Fhilleadh ar Chleachtadh i mí an Mhárta, inar leag sé amach na ceanglais atá le comhlíonadh i gcás iarratasóirí nach raibh ag cleachtadh na gairme le dhá bhliain anuas nó níos mó agus ar mian leo filleadh ar an gClár.

Chuir an Bord tús le próiseas ceadaithe cláir i leith chéim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Chothú Daonna agus Diaitéitic, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Faoi dheireadh 2015, bhí folúntas amháin ar Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe agus bhíothas ag fanacht go gceapfadh an tAire duine ina leith sin.

Táimid ag tnúth leis an obair thábhachtach sin a chur chun cinn in 2016, agus leanfaimid orainn ag dul i gcomhairle leis an ngairm agus muid ag teannadh leis an spriocdháta atá leagtha síos maidir le clárú bia-eolaithe.

**Elizabeth Barnes**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe*

# Achoimre ar Ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2015

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

**Comhaltaí tuata is ea seachtar as a measc, agus is daoine iad an seisear eile arna n-ainmniú ag na gairmeacha, agus ionadaíocht á déanamh acu do na réimsí seo a leanas:**

- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm,
- oideachas agus oiliúint a chur ar lucht na gairme, agus
- cleachtadh na gairme.

Tháinig Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe le chéile seacht n-uaire in 2015.

Faoi dheireadh 2015, bhí folúntas amháin ar Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe agus bhíothas ag fanacht go gceapfadh an tAire duine ina leith sin.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- clár comhaltaí de chuid na gairme a bhunú agus a choimeád;
- cáilíochtaí a bronnadh lasmuigh den Stát a mheasúnú agus aitheantas a thabhairt dóibh;
- cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- an cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan síos; agus
- na ceanglais a leagan síos maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

Sa chéad ráithe den bhliain, rinne Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe Elizabeth Barnes a athcheapadh mar Chathaoirleach ar feadh tréimhse dhá bhliain eile.

## Clárúchán

Chomhaontaigh an Bord ar an mbeartas maidir le Baint Dheonach ón gClár, lena soláthraítear sásra trínar féidir le gairmithe cláraithe iarratas a dhéanamh ar a n-ainmneacha a baint den Chlár ar bhealach ordúil, i gcásanna amhail iad a bheith ag obair thar lear nó ag glacadh saoire shabóideach.

Ag deireadh na bliana, bhí 126 bia-eolaí ar an gclár, agus bhí 61 iarratas á bpróiseáil.

## Fodhlíthe

Rinne an Bord an Fodhlí um Fhilleadh ar Chleachtadh ar an 30 Márta 2015. San Fodhlí sin, leagtar síos na ceanglais atá le comhlíonadh ag iarratasóir nach raibh ag cleachtadh na gairme le dhá bhliain anuas nó níos mó.

## Údarás Inniúil

Ina cháil mar Údarás Inniúil na gairme, in 2015 bhreithnigh an Bord 39 iarratas ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí idirnáisiúnta.

De réir Threoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach, thug an Bord aitheantas do 30 cáilíocht. Nuair a bhíonn aitheantas tugtha do cháilíocht idirnáisiúnta ag an Údarás Inniúil, ansin tá an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

## Oideachas

Ceann de na feidhmeanna atá ag Bord Clárúcháin is ea deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na cláir oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn institiúidí sa Stát na critéir agus na caighdeáin atá de dhíth chun an ghairm a chleachtadh.

**In 2015, chuir an Bord tús le próiseas ceadaithe cláir don chlár seo a leanas:**

- Céim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Chothú Daonna agus Diaitéitic, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

## Tinreamh ag Cruinnithe Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe in 2015

| Ainm | 30/01 | 30/03 | 12/05 | 18/06 | 23/07 | 30/09 | 03/11 | 03/12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Elizabeth Barnes* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ruth Charles | ✗ | + | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Clare Corish | ✓ | ? | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ |
| David Cunningham | N | N | N | N | N | N | N | ✗ |
| Gráinne Denning | ✗ | É | É | É | É | É | É | É |
| John Hanily | ✓ | + | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Nick Kennedy | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | X |
| Cliodhna McDonough | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Denise McGrath | N | N | N | N | N | ✗ | ✓ | ✓ |
| Halóg Mellett | M | M | M | M | M | M | M | ✓ |
| Tony Morris | ✗ | + | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Anthony Smith | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Fiona Ward | N | N | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

- ✓ d’fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- ✓T trí theileachomhdháil
- É D’éirigh as
- M Saoire mháithreachais
- N Níl ar an mBord

**(+) –** *Bhí na daoine a bhfuil téarmaí oifige 2 bhliain acu as láthair ón gcruinniú ar an 30 Márta 2015 mar gheall ar easpa soiléire maidir le hathrú ar an reachtaíocht faoinar cuireadh síneadh ama lena gcuid téarmaí ó 2 bhliain go 3 bliana.*



## Elizabeth Barnes*
Ionadaí do lucht bainistíochta na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm



## Ruth Charles
Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm



## Clare Corish
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## David Cunningham
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh



## Gráinne Denning
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## John Hanily
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Nick Kennedy
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## Cliodhna McDonough
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Denise McGrath
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Halóg Mellett
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Tony Morris
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh



## Anthony Smith
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Fiona Ward
Ionadaí ag cleachtadh na gairme

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

# Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde

## Tuarascáil Bhliantúil

6.2 Tuarascáil Bhliantúil 2015
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde

Is éard atá sa tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde le linn 2015, a tíolacadh don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2015, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Réamhrá

Tá áthas orainn an tuarascáil seo a thíolacadh faoi ghníomhaíocht Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde in 2015. Tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire i rith na bliana chun ár gclár oibre a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal a chosaint trí ardchaighdeáin ghairmiúla a chothú sa teiripe cheirde.

Osclaíodh an Clár do theiripeoirí ceirde ar an 31 Márta 2015. Sular osclaíodh é, d'ullmhaigh an Bord roinnt Fodhlíthe cumasúcháin agus rinne sé teagmháil le daoine den ghairm faoin bpróiseas iarratais.

Chláraigh an Bord 128 teiripeoir ceirde san iomlán in 2015 agus tá 157 iarratas á meas faoi láthair.

Le linn na bliana, cheadaigh an Bord na Foirne Athbhreithnithe le haghaidh roinnt clár. Déanfar athbhreithniú ar gach clár agus déanfar é a thomhas i gcoinne na gCritéar agus na gCaighdeán Inniúlachta um Chláir Oideachais de chuid Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde.

Cheadaigh an Bord roinnt Fodhlíthe agus beartas i rith na bliana, lenar leagadh síos an bunús le haghaidh an ghairm a rialáil. Áirítear orthu sin Fodhlí lena ndéantar foráil maidir le Filleadh ar Chleachtadh, agus beartais maidir le próiseas clabhsúir i ndáil le hiarratas ar chlárúcháin agus maidir le daoine a bhaint den Chlár ar bhonn deonach.

Táimid ag tnúth le coinneáil leis an obair thábhachtach sin in 2016, ag obair dúinn i gcomhar le comhaltaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus comhaltaí na mBord Clárúcháin eile.

**Clodagh Nolan**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin*
*na dTeiripeoirí Ceirde*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin*
*na dTeiripeoirí Ceirde*

# Achoimre ar Ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2015

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

**Comhaltaí tuata is ea seachtar as a measc, agus is daoine iad an seisear eile arna n-ainmniú ag na gairmeacha, agus ionadaíocht á déanamh acu do na réimsí seo a leanas:**

- oideachas agus oiliúint a chur ar lucht na gairme,
- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm, agus
- cleachtadh na gairme.

Is í Clodagh Nolan (comhalta gairmiúil) atá ina Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde faoi láthair. Is iad comhaltaí an Bhoird June Boulger, Richard Hammond, Máire O'Leary, Elena Secas, Lana O'Gorman (comhaltaí tuata); Odhrán Allen, Gaynor Beyer, Ailish Kelly, Tina McGrath agus Anne-Maree Quinn (comhaltaí gairmiúla).

Tháinig Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde le chéile seacht n-uaire in 2015. Ag deireadh 2015, bhí dhá fholúntas ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- clár comhaltaí de chuid na gairme a bhunú agus a choimeád;
- cáilíochtaí a bronnadh lasmuigh den Stát a mheasúnú agus aitheantas a thabhairt dóibh;
- cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- an cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan síos; agus
- na ceanglais a leagan síos maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

## Ullmhúchán i gcomhair Oscailt an Chláir

Go luath in 2015 chuir Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde ar fáil an fhaisnéis agus na treoirlínte uile is gá le haghaidh iarratais ar chlárúchán. Cuireadh amach preaseisiúintí agus rinneadh láithreoireachtaí d'eagraíochtaí ábhartha mar ullmhúchán i gcomhair oscailt an Chláir ar an 31 Márta 2015. Choinnigh an Bord leis an obair ar an bhFodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde, 2015, a bhí ar an bhfodhlí deiridh a bhí de dhíth roimh oscailt an Chláir. Osclaíodh Clár na dTeiripeoirí Ceirde ar an 31 Márta 2015.

## Fodhlíthe

Ar an 24 Márta 2015 rinne Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde an Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde, 2015.

Rinneadh an Fodhlí um Fhilleadh ar Chleachtadh de chuid Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde ar an 14 Iúil 2015.

## Boird

Osclaíodh an Clár do theiripeoirí ceirde ar an 31 Márta 2015. Tá idirthréimhse dhá bhliain i gceist tar éis oscailt an Chláir inar féidir le teiripeoirí gairme atá ag cleachtadh cheana féin iarratas a dhéanamh ar chlárú. Tá gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas gur féidir leis an mBord a bheith deimhin go gcomhlíonann siad na ceanglais. Ina theannta sin, is é an t-aon deis amháin é do chleachtóirí nach bhfuil cáilíochtaí atá ceadaithe faoi láthair acu chun iarratas a dhéanamh ar chlárú. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse sin ar an 31 Márta 2017.

Ar an 14 Iúil, cláraíodh na chéad ghairmithe ar Chlár na dTeiripeoirí Ceirde. Lean an Bord ar aghaidh ag clárú iarratasóirí i rith 2015. Chláraigh an Bord 128 teiripeoir ceirde san iomlán in 2015 agus tá 157 iarratas á meas faoi láthair.

Chomhaontaigh an Bord ar an mbeartas maidir le baint dheonach ón gClár, lena soláthraítear sásra trínar féidir le gairmithe cláraithe iarratas a dhéanamh ar a n-ainmneacha a bhaint den Chlár ar bhealach ordúil, i gcásanna amhail iad a bheith ag obair thar lear nó ag glacadh saoire shabóideach óna ngairm.

## Údarás Inniúil

Ina cháil mar Údarás Inniúil na gairme, in 2015 bhreithnigh an Bord 28 iarratas ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí idirnáisiúnta.

I gcomhréir le Treoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach, d'aithin an Bord 8 gcáilíocht agus d'iarr sé ar iarratasóir amháin beart cúitimh a chur i gcrích chun dul i ngleic le heasnaimh a aithníodh sa cháilíocht a bhí ag an té sin. Nuair a bhíonn aitheantas tugtha do cháilíocht idirnáisiúnta ag an Údarás Inniúil, ansin tá an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

## Oideachas

Ceann de na feidhmeanna atá ag Bord Clárúcháin is ea deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na cláir oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn institiúidí sa Stát na critéir agus na caighdeáin atá de dhíth chun an ghairm a chleachtadh.

**Le linn 2015, cheadaigh an Bord na cláir seo a leanas:**

- Máistreacht san Eolaíocht sa Teiripe Cheirde (Cáilíocht Ghairmiúil) ó Ollscoil Luimnigh.

**Chuir an Bord tús le próiseas ceadaithe cláir i leith na gclár seo a leanas:**

- Céim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Teiripe Cheirde ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath le bronnadh ar chéimithe nuair a bheidh conair/clár ceithre bliana na dámhachtana seo curtha i gcrích acu
- Céim an Bhaitsiléara Eolaíochta (Teiripe Cheirde) ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Céim an Bhaitsiléara Eolaíochta (Teiripe Cheirde) ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

## Fodhlí

I mí an Mhárta, rinneadh an Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe de chuid Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde, 2015. Cuireadh an Fodhlí sin faoi réir comhairliúchán poiblí sula ndearnadh é.

## Gníomhaíochtaí Beartais

**Le linn na bliana freisin, d'athbhreithnigh agus cheadaigh an Bord beartais dá ghairm ina leith seo a leanas:**

- athbhreithniú ar na ceanglais atá ar iarratasóirí,
- próiseas clabhsúir maidir le hiarratais ar chlárúcháin, agus
- daoine a bhaint den Chlár ar bhonn deonach agus na ceanglais i ndáil leis sin.

## Tinreamh ag Cruinnithe Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde in 2015

| Ainm | 10/02 | 24/03 | 06/05 | 14/07 | 08/09 | 13/10 | 24/11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Odhrán Allen | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Gaynor Beyer | ✓ | + | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| June Boulger | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Richard Hammond | N | N | N | N | ✓ | ✗ | ✓ |
| Ailish Kelly | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Orla McDonnell | ✗ | + | É | É | É | É | É |
| Tina McGrath | ✓ | + | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Clodagh Nolan* | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Lana O'Gorman | ✗ | + | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ |
| Máire O'Leary | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Anne-Maree Quinn | ✓ | + | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Elena Secas | ✗ | + | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- ✓T trí theileachomhdháil
- É D'éirigh as
- S Saoire bhreoiteachta
- N Níl ar an mBord

**(+) –** *Bhí na daoine a bhfuil téarmaí oifige 2 bhliain acu as láthair ón gcruinniú ar an 24 Márta 2015 mar gheall ar easpa soiléire maidir le hathrú ar an reachtaíocht faoinar cuireadh síneadh ama lena gcuid téarmaí ó 2 bhliain go 3 bliana.*



## Odhrán Allen
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Gaynor Beyer
Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm



## June Boulger
Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm




## Richard Hammond
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Ailish Kelly
Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm



## Orla McDonnell
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## Tina McGrath
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Clodagh Nolan*
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## Lana O'Gorman
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Máire O'Leary
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh



## Anne-Maree Quinn
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Elena Secas
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

# An Bord Clárúcháin Súil-Liachta

## Tuarascáil Bhliantúil

6.3 Tuarascáil bhliantúil 2015 –
An Bord Clárúcháin Súil-Liachta

Is éard atá sa tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta le linn 2015, a tíolacadh don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2015, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Réamhrá

Ba bhliain an-suntasach í 2015 i gcás optaiméadraithe agus radharcmheastóirí urghnamha, toisc gur aistríodh an rialáil orthu ó Bhord na Radharcmheastóirí chuig an mBord Clárúcháin Súil-Liachta i mí Dheireadh Fómhair. Tá an-áthas orainn an forléargas seo a chur i láthair ar an obair a rinneadh in 2015 chun ullmhú i gcomhair an aistrithe.

Tionóladh an chéad chruinniú reachtúil den Bhord Clárúcháin Súil-Liachta i mí an Mhárta agus ó shin i leith bhí baint ag an mBord le raon gníomhaíochtaí lenar ullmhaíodh i gcomhair an aistrithe.

Le linn na bliana, cheadaigh an Bord roinnt beartas, lena n-áirítear na Treoirlínte maidir le déanamh an Fhodhlí um Spéaclairí; an Creat maidir le Beartas um Fhilleadh ar Chleachtadh, agus na Treoirlínte maidir le hEolas ar Theangacha.

Ar bhonn comhairle shaineolach, comhairliúcháin agus breithniú mionsonraithe, cheadaigh an Bord na Caighdeáin Inniúlachta agus na Critéir maidir le Socrúchán Cleachtaidh d'Optaiméadraithe, Radharcmheastóirí Urghnamha agus Radharcmheastóirí Urghnamha atá i dteideal daoine a fheistiú le lionsaí tadhaill chun measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí a fuarthas lasmuigh den Stát.

Ina theannta sin, d'iarr an Bord comhairle shaineolach agus rinne sé scrúdú ar thaighde idirnáisiúnta sular ullmhaigh sé dréachtleagan den Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice d'Optaiméadraithe, Radharcmheastóirí Urghnamha agus Radharcmheastóirí Urghnamha atá i dteideal daoine a fheistiú le lionsaí tadhaill. Chuaigh an Bord i mbun comhairliúchán poiblí thar thréimhse sé seachtaine agus rinne sé breithniú mionsonraithe ar gach aighneacht a cuireadh isteach sular ullmhaigh sé na leaganacha deiridh de na Cóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice i leith gach gairme.

Rinne an Bord roinnt Fodhlíthe eile ionas go mbeadh sé in ann freagracht a ghlacadh i leith na gClár agus a bheith ar an aon údarás rialála inniúil amháin i gcomhair ghairmeacha na n-optaiméadraithe, na radharcmheastóirí urghnamha agus na radharcmheastóirí urghnamha atá i dteideal daoine a fheistiú le lionsaí tadhaill.

Thaistilíomar ar fud na tíre chun bualadh le hoptaiméadraithe agus radharcmheastóirí urghnamha in 2015, agus cuireadh an-fháilte roimh an aistriú freagrachta. Leanfaimid orainn ag dul i gcomhairle le daoine den ghairm i rith 2016 agus muid ag coinneáil leis an obair thábhachtach atá ar bun againn chun an pobal a chosaint trí sheasamh le caighdeáin ghairmiúla.

**Peter McGrath**

*Cathaoirleach*

*An Bord Eatramhach Clárúcháin Súil-Liachta*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*An Bord Eatramhach Clárúcháin Súil-Liachta*

# Achoimre ar Ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2015

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte an Bord Eatramhach Clárúcháin Súil-Liachta ar an 9 Aibreán 2014, chun tús a chur le hobair ullmhúcháin le haghaidh clárú na n-optaiméadraithe agus na radharcmheastóirí urghnamha a aistriú ó Bhord na Radharcmheastóirí. Tionóladh an chéad chruinniú ar an 20 Bealtaine 2014 agus tháinig an Bord le chéile sé huaire in 2014 agus dhá uair in 2015 sula ndearna an tAire ordú chun an Bord Clárúcháin Súil-Liachta a bhunú, i mí Feabhra.

Tionóladh an chéad chruinniú reachtúil den Bhord Clárúcháin Súil-Liachta ar an 24 Márta 2015.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

**Comhaltaí tuata is ea seachtar as a measc, agus is daoine iad an seisear eile arna n-ainmniú ag na gairmeacha – ceathrar optaiméadraithe agus beirt radharcmheastóirí urghnamha – a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu do na réimsí seo a leanas:**

- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm,
- oideachas agus oiliúint a chur ar lucht na gairme, agus
- cleachtadh na gairme.

Ag an gcéad chruinniú de chuid an Bhoird, toghadh Peter McGrath ina chathaoirleach.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird: Peter McGrath (Cathaoirleach) Vivienne Starr, Peter Davison, Owen Blee, Norma Judge, Eilis Dolan- English, Seamus Boland, Majella Daly, Charles Irwin, Martin Coyne, Patricia Logan, Anne Sheehan agus John Doran.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

## Ag ullmhú le haghaidh aistriú na gClár ó Bhord na Radharcmheastóirí

Bhí optaiméadraithe agus radharcmheastóirí urghnamha á rialáil ag Bord na Radharcmheastóirí ó 1956. In 2008, fógraíodh cinneadh Rialtais chun Bord na Radharcmheastóirí a chuir faoi chúram na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU), mar chuid de chlár cuíchóirithe. Rinneadh an cinneadh sin a athdhearbhú in 2011.

Bhí an reachtaíocht chun Bord na Radharcmheastóirí a dhíscaoileadh agus a chuid freagrachtaí rialála a aistriú chuig CORU san áireamh san Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 agus rinneadh an tOrdú Tosaithe a fhorghníomhú in 2015.

**Ag an gcéad chruinniú reachtúil den Bhord Clárúcháin Súil-Liachta, pléadh den chuid ba mhó le gnóthaí a bhaineann leis an rialachas corparáideach.**

- Togh an Bord Peter McGrath ar feadh téarma dhá bhliain.
- Bhí crannchur ag na comhaltaí i ndáil lena gcuid téarmaí oifige (3 bliana nó 4 bliana).
- Ghlac an Bord an t-ainm CORU agus an beartas maidir leis an ainm sin a úsáid.
- Cheadaigh an Bord go mbainfí úsáid as Séala an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta.
- D'ainmnigh an Bord Peter Davison agus Vivienne Starr lena gceapadh ina gcomhaltaí den Chomhairle.

Lean an Bord ar aghaidh ar feadh chuid mhór den bhliain leis an obair ullmhúcháin a bhí ar bun aige chun Clár na Radharcmheastóirí a aistriú. Chun ullmhú i gcomhair na struchtúr a bhí de dhíth i gClár na Radharcmheastóirí Urghnamha de chuid an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta, chinn an Bord nár mhór an Clár a fhoroinnt chun idirdhealú a dhéanamh ar na gairmithe sin a bhfuil deimhniúchán acu maidir le daoine a fheistiú le lionsaí tadhaill. Dheonaigh an Chomhairle iarratas foirmiúil ar údarú a dhéanamh ar Chlár na Radharcmheastóirí Urghnamha a roinnt.

Cheadaigh an Bord creataí agus treoirlínte éagsúla de chuid na Comhairle. Cuireann an Chomhairle creataí agus treoirlínte ar fáil do na Boird Chlárúcháin go léir chun leibhéal comhsheasmhachta a choinneáil i bhfeidhm ar fud na ngairmeacha. Féadfaidh gach Bord Clárúcháin a threoirlínte agus a chreat a leasú lena chinntiú go n-oireann siad go sonrach dá ghairm féin, de réir mar is gá.

**Le linn 2015, cheadaigh an Bord na nithe seo a leanas:**

- Treoirlínte maidir le déanamh an Fhodhlí um Spéacláirí
- Creat don Bheartas maidir le Filleadh ar Chleachtadh
- Beartas Treoirlíne an Phainéil Measúnóirí maidir le hearcaíocht, roghnú, róil agus freagrachtaí agus Cód Iompair
- Treoirlínte maidir le cinnteoireacht um Dhuine Cuí Oiriúnach faoi Alt 38.1(c) den Acht
- Treoirlínte maidir le hEolas ar Theangacha

**Chinn an Bord Clárúcháin Súil-Liachta cé na ceanglais a bheidh i bhfeidhm maidir leis an eolas ar theangacha nach mór d'iarratasóirí le haghaidh clárúcháin a léiriú:**

- Mura bhfuil an Béarla ná an Ghaeilge mar chéad teanga ag an iarratasóir, iarrfar air nó uirthi ceann de na nithe seo a leanas a chur ar fáil:
    i. Cóip de cháilíocht a fuarthas sa Bhéarla nó sa Ghaeilge.
    ii. Cóip de cháilíocht lena bhfianaítear go bhfuil Béarla nó Gaeilge aige nó aici.
    iii. Fianaise ar thaithí ghairmiúil roimhe seo in Éirinn nó i dtír eile ina labhraítear Béarla.
- Mura féidir le hiarratasóir aon mhír as a measc siúd a luaitear ag (i) go (iii) thuas a sholáthar, beidh air nó uirthi tástáil a dhéanamh ar inniúlacht sa Bhéarla.

Córais tástála Béarla a mbaintear úsáid fhorleathan acu ar bhonn idirnáisiúnta is ea an Córas Idirnáisiúnta um Thástáil na Teanga Béarla (IELTS) agus an Triail um Béarla mar Theanga Iasachta (TOEFL).

Seo a leanas na caighdeáin atá ceadaithe ag an mBord Clárúcháin Súil-Liachta mar chritéar bunlíne:

| Ionad Teanga | An Scór is ísle nach mór a fháil |
|---|---|
| An Córas Idirnáisiúnta um Thástáil na Teanga Béarla (IELTS) | 7.0 agus gan aon ghné faoi bhun 6.5 |
| An Triail um Béarla mar Theanga Iasachta (TOEFL)<br>Tástáil Idirlín (IBT) | Scór 100/120 ar a laghad |

# Oideachas

## Caighdeáin Inniúlachta agus Critéir maidir le Socrúcháin Chleachtaidh

Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin nach mór do chéimithe a chomhlíonadh ionas go mbeidh an ghairm á cleachtadh go sábháilte éifeachtach. Is iad na caighdeáin íosta iad is gá chun an pobal a chosaint.

In 2015, ar bhonn comhairle shaineolach, comhairliúcháin agus breithniú mionsonraithe, cheadaigh an Bord na Caighdeáin Inniúlachta agus na Critéir maidir le Socrúcháin Chleachtaidh d'Optaiméadraithe, Radharcmheastóirí Urghnamha agus Radharcmheastóirí Urghnamha atá i dteideal daoine a fheistiú le lionsaí tadhaill, chun measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí a fuarthas lasmuigh den stát.

## An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú, lorg an Bord comhairle shaineolach agus taighde idirnáisiúnta d'fhonn dréachtleagan den Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a fhorbairt d'Optaiméadraithe, Radharcmheastóirí Urghnamha agus Radharcmheastóirí Urghnamha atá i dteideal daoine a fheistiú le lionsaí tadhaill. Chuaigh an Bord i mbun comhairliúchán poiblí thar thréimhse sé seachtaine agus rinne sé breithniú mionsonraithe ar gach aighneacht a cuireadh isteach sular ullmhaigh sé na leaganacha deiridh de na Fodhlíthe um Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice i leith gach gairme.

Leagtar síos sa Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice na caighdeáin eitice, iompair agus feidhmíochta a mbítear ag súil leo ó ghairmithe cláraithe. Is doiciméad atá bunaithe ar phrionsabail é, agus ní treoirlíne iomlán chliniciúil agus theicniúil atá i gceist leis.

## Boird

Ar an 31 Deireadh Fómhair 2015, aistríodh Clár na nOptaiméadraithe agus na Radharcmheastóirí Urghnamha chuig CORU. Ar an 31 Nollaig bhí 785 optaiméadraí agus 188 radharcmheastóir urghnamha ar a gCláir faoi seach.

## Údarás Inniúil

Nuair a bhunaíonn Bord Clárúcháin a Chlár, bíonn sé ina Údarás Inniúil dá ghairm chun críocha aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla faoi Threoir (AE) 2005/36/CE.

Bhunaigh an Bord Clárúcháin Súil-Liachta a Chláir d'Optaiméadraithe agus do Radharcmheastóirí Urghnamha ar an 31 Deireadh Fómhair 2015 agus ghlac sé feidhm an Údaráis Inniúil ar an dáta céanna, chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla faoi Threoir (AE) 2005/36/CE.

Ghlac an Bord Treoirlíne na Comhairle um Beartas agus Critéir i leith Aitheantas do Cháilíochtaí Idirnáisiúnta i rith na bliana. Cuidíonn an doiciméad beartais sin leis an mBord agus leis an bPainéal Measúnóirí a ceapadh chun cuidiú leis an mBord, agus iarratais á meas acu maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí idirnáisiúnta.

## Fodhlíthe

Chomh maith leis an bhFodhlí maidir leis na Cóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice, rinne an Bord roinnt Fodhlíthe eile ionas go mbeadh sé in ann freagracht a ghlacadh i leith na gClár agus a bheith ar an aon Údarás Rialála inniúil amháin i gcomhair ghairmeacha na n-optaiméadraithe, na radharcmheastóirí urghnamha agus na radharcmheastóirí urghnamha atá i dteideal daoine a fheistiú le lionsaí tadhaill.

**Rinneadh na Fodhlíthe seo a leanas le linn 2015.**

- An Fodhlí de chuid an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta (Rialáil agus Rialú a dhéanamh ar Oidis a Thabhairt agus a Urghnamh agus ar Spéacláirí a Dhíol)
- An Fodhlí um Iarratas ar Chlárú
- An Fodhlí um Rannáin an Chláir
- An Fodhlí um Fhilleadh ar Chleachtadh

## Ullmhúcháin eile i gcomhair Beartais

Bhunaigh an Bord an Clár d'optaiméadraithe agus radharcmheastóirí urghnamha go foirmiúil le héifeacht ón 31 Deireadh Fómhair 2015.

Cheadaigh an Bord go n-iarrfaí ar an Aire Sláinte tús feidhme a chur leis an Alt ábhartha den Acht ionas go bhféadfaí Clár Bhord na Radharcmheastóirí a aistriú chuig an mBord Clárúcháin Súil-Liachta.

Cheadaigh an Bord an 31 Márta mar an dáta bliantúil athnuachana/coinneála do na cláraithe ar Chlár an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta.

D'iarr an Bord ar an Aire Sláinte an teideal "radharcmheastóir" agus an teideal "radharcmheastóir oftalmach" a chosaint. Thoiligh an tAire an teideal "radharcmheastóir" a chosaint d'optaiméadraithe amháin, in éineacht leis na teidil "optaiméadraí" agus "radharcmheastóir urghnamha" atá faoi chosaint cheana, agus tá an beart sin ar a bhealach tríd an Oireachtas. Níor thoiligh sé an teideal "radharcmheastóir oftalmach" a chosaint.

## Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta in 2015

| Ainm | 22/01 | 05/02 | 04/03 | 13/04 | 07/05 | 23/06 | 28/07 | 07/09 | 28/09 | 21/10 | 02/12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Owen Blee | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Seamus Boland | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Martin Coyne | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Majella Daly | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Peter Davison | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Éilis Dolan-English | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| John Doran | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Charles Irwin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Norma Judge | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Patricia Logan | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Peter McGrath* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Ann Sheehan | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Vivienne Starr | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- ✓T trí theileachomhdháil
- É D'éirigh as
- S Saoire bhreoiteachta
- N Níl ar an mBord



## Owen Blee
Ionadaí ag cleachtadh na gairme




## Seamus Boland
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh



## Martin Coyne
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Majella Day
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh



## Peter Davison
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## Éilis Dolan-Englisht
Ionadaí ag gabháil do bhainistiú seirbhísí arna soláthar ag an ngairm



## John Doran
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## Charles Irwin
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Norma Judge
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Patricia Logan
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Peter McGrath*
Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm



## Ann Sheehan
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Vivienne Starr
Ionadaí ag cleachtadh na gairme

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

# Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

## Tuarascáil Bhliantúil

6.4 Tuarascáil Bhliantúil 2015 – Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

Is éard atá sa tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí le linn 2015, a tíolacadh don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2015, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Réamhrá

Tá áthas orainn an tuarascáil seo a thíolacadh faoi ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí in 2015. Tá an Bord, a tháinig le chéile sé huaire i gcaitheamh na bliana, freagrach as ardchaighdeáin iompair ghairmiúil a leagan síos agus a chur chun cinn i ngairm na fisiteiripe. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as a dtiomantas do chúnamh a thabhairt an sainchúram sin a chomhlíonadh.

I rith na bliana, thug an Bord freagra iarraidh ón Aire Sláinte ar mholadh maidir le cosaint an teidil "teiripeoir fisiceach". Ag deireadh na bliana, bhí an Bord ag fanacht le cinneadh ón Aire.

Chuir an Bord i gcrích a bhreithniú ar an dréacht-Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice i rith na bliana. Tabharfar faoi chomhairliúchán poiblí nuair a bheidh cinneadh déanta ag an Aire maidir leis an teideal "teiripeoir fisiceach".

Ceadaíodh Dréacht-Fhodhlíthe le haghaidh comhairliúchán ag an mBord maidir le hiarratais ar chlárú, Filleadh ar Chleachtadh agus an Dréacht-Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice.

I mí an Mhárta, thoiligh an Bord, faoi Alt 38 2(D) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, ligean d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar chlárúchán más rud é go bhfuil cáilíocht acu a bronnadh sa Stát agus a fhágann go bhfuil siad incháilithe lena gceapadh mar fhostaí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun feidhmeanna comhalta den ghairm sin a chomhlíonadh.

Tá an Bord ag tnúth le leanúint leis an obair thábhachtach a dhéanann sí chun an pobal a chosaint in 2016.

**Anne Horgan**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí*

# Achoimre ar Ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2015

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí ar an 20 Bealtaine 2014 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí. Tháinig an Bord le chéile sé huaire in 2015.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

**Comhaltaí tuata is ea seachtar as a measc, agus is daoine iad an seisear eile arna n-ainmniú ag na gairmeacha, agus ionadaíocht á déanamh acu do na réimsí seo a leanas:**

- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm,
- oideachas agus oiliúint a chur ar lucht na gairme, agus
- cleachtadh na gairme.

Is iad comhaltaí an Bhoird Anne Horgan (Cathaoirleach agus comhalta gairmiúil), Roy Brennan, Jane Carolan, Mark Delargy, Giuseppe Devito, John Dolan, Padraig Heverin, John Kerrane (comhaltaí tuata), Ruth Magee, Martina Ryan, Aileen Sheehan, Emma Stokes agus Ruth Whelan (comhaltaí gairmiúla).

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- clár comhaltaí de chuid na gairme a bhunú agus a choimeád;
- cáilíochtaí a bronnadh lasmuigh den Stát a mheasúnú agus aitheantas a thabhairt dóibh;
- cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- an cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan síos; agus
- na ceanglais a leagan síos maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

# Bunús a Chur faoin Rialáil

## Cosaint Teidil

Faoin Acht, déantar foráil maidir le teidil shonraithe de chuid gairmeacha ainmnithe a úsáid agus a chosaint, lena n-áirítear an teideal "fisiteiripeoir". Foráiltear san Acht go bhféadfaidh an tAire teidil bhreise a ainmniú tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Clárúcháin. Féadfaidh an tAire dul i gcomhairle freisin le haon eagraíocht nó eagraíochtaí eile a mheasann sé is cuí. Chuir an tAire tús leis an bpróiseas comhairliúcháin leis an mBord amach sa bhliain 2014.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, úsáideann aon ghairm amháin na teidil "fisiteiripeoir" agus "teiripeoir fisiceach". In Éirinn, áfach, tá grúpa ar leith daoine ann a úsáideann an teideal "teiripeoirí fisiceacha". Tá an grúpa sin ag feidhmiú ar leithligh ó na fisiteiripeoirí ó thús na 1990idí.

Tar éis don Aire moltaí a iarraidh ón mBord Clárúcháin, rinne an Bord breithniú ar na láithreoireachtaí a rinne toscaireacht ó gach ceann de na comhlachtaí gairmiúla – Cumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann (ISCP) agus Cumann Teiripeoirí Fisiceacha na hÉireann (IAPT) – maidir leis an ábhar sin.

I mí Feabhra 2015, chuir an Bord a thuarascáil faoi bhráid an Aire Sláinte, ina raibh cur síos ar an phríomh-mholadh a bhí aige i dtaobh déileáil leis an gceist sin, mar seo a leanas:

"Cosaint a thabhairt don teideal "teiripeoir fisiceach" faoi réir réamhthréimhse 5 bliana ar a laghad, rud a fhágfaidh go mbeidh dóthain ama ann chun teiripeoirí fisiceacha atá ag cleachtadh a ngairme agus cúrsaí oideachais sa teiripe fhisiceach a uasghrádú agus a cheadú i leith cháilíochtaí caighdeánacha na fisiteiripe. Arís, bheadh sé d'éifeacht aige sin tar éis 5 bliana go gcuirfí deireadh le cúrsaí staidéir as a mbronntar cáilíocht sa teiripe fhisiceach agus bheadh sé ina thoradh air go mbeadh toirmeasc faoin dlí ar úsáid an teidil "teiripeoir fisiceach" i gcás daoine nár chuir lena gcuid scileanna agus chun iad féin a chlárú sa tréimhse 5 bliana atá ann chuige sin.

Tá súil ag an mBord cinneadh a fháil ón Aire go luath in 2016.

## Clárúchán

Mar ullmhúchán do Phainéal Measúnóirí Bhord Chlárúcháin na bhFisiteiripeoirí a chur i mbun gnímh, cheadaigh an Bord an chreat-Treoirlíne i leith an Phainéil Measúnóirí agus an próiseas roghnúcháin don Phainéal Measúnóirí de chuid Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí.

Mar a cheanglaítear faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), thángthas ar chomhaontú maidir le ceanglais Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí i ndáil leis na sainmhínithe ar "Ag Gabháil do Chleachtadh Ghairm na bhFisiteiripeoirí".

Ceanglóidh an Bord go mbeidh tréimhse 2 bhliain caite ag cleachtadh na gairme, laistigh de thréimhse 5 bliana, roimh oscailt an Chláir, chun críche Alt 91 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) (an tAcht).

Cheadaigh an Bord an Teastas Clárúcháin agus sonraí na gcláraithe atá le bheith ar seilbh ar an gClár.

Ina theannta sin, bhreithnigh an Bord na ceanglais teanga chun críocha clárúcháin agus chomhaontaigh sé critéir maidir leo.

## Fodhlíthe

**Le linn na bliana cheadaigh an Bord dréacht-Fodhlíthe le haghaidh comhairliúchán poiblí ina dtaobh mar ullmhúchán d'oscailt an Chláir.**

- An Fodhlí um Iarratas ar Chlárú
- An Fodhlí um Fhilleadh ar Chleachtadh
- An Fodhlí um Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice

## Údarás Inniúil

Nuair a osclófar an Clár, beidh an Bord ina Údarás Inniúil don ghairm. Beidh an Bord freagrach as measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí idirnáisiúnta faoin Treoir ón Aontas Eorpach. Ag ullmhú dó don ról sin, bhreithnigh agus cheadaigh an Bord an creatdoiciméad de chuid CORU maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta an Údaráis Inniúil.

Beidh an Bord seo freagrach freisin as an gCárta Gairmí Eorpach a eisiúint d'Fhisiteiripeoirí a thagann chun na tíre seo agus a chomhlíonann na critéir riachtanacha.

# Oideachas

## Cáilíochtaí Ceadaithe le haghaidh Clárúcháin

Thoiligh an Bord i mí an Mhárta leas a bhaint as Alt 38 2(D) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh mar shásra chun cáilíochtaí a shonrú i leith iontráil sa Chlár go dtí go gceadóidh an Bord na cláir oideachais uile agus go mbeidh an Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe déanta. Tá sé ina thoradh air sin gur féidir le hiarratasóirí clárúchán a lorg ach cáilíocht a bheith acu a bronnadh sa Stát agus a fhágann go bhfuil siad incháilithe lena gceapadh mar fhostaí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun feidhmeanna comhalta den ghairm sin a chomhlíonadh, mar fhostaí den sórt sin.

Chomhaontaigh agus d'fhoilsigh an Bord na Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta um Chláir Oideachais agus Oiliúna de chuid Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí. Ina theannta sin, thoiligh an Bord tréimhse ama 12 mhí a thabhairt do sholáthraithe oideachais chun na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta um Chláir Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme. Tháinig an beartas sin i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2015. Tar éis na tréimhse 12 mhí sin, tabharfar cuireadh do sholáthraithe oideachais na gcáilíochtaí atá ann cheana breithniú a fháil déanta ar an gclár oideachais agus ar an gcáilíocht a ghabhann leis mar cheann de na critéir iontrála le haghaidh clárúcháin. Ós rud é nach mór do sholáthraí oideachais an-chuid obair ullmhúcháin a dhéanamh chun an próiseas um cheadú cláir a thabhairt i gcrích, cuireadh tús leis an gcumarsáid idir an fhoireann feidhmiúcháin agus na soláthraithe oideachais ag deireadh na bliana 2015.

## An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice

Chuir an Bord i gcrích a bhreithniú ar an dréacht-Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice in 2015. Bhí an Bord ag fanacht le freagra ar an tsaincheist maidir leis an teideal "teiripeoir fisiceach" sula ndeachaigh sé ar aghaidh chuig comhairliúchán poiblí, mar go bhféadfadh impleachtaí don Chód a bheith ag an gcinneadh ón Aire.

## Tinreamh ag Cruinnithe Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí in 2015

| Ainm | 04/02 | 11/03 | 15/04 | 29/07 | 28/10 | 25/11 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Roy Brennan | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Jane Carolan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mark Delargy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Giuseppe DeVito | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ |
| John Dolan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Padraig Heverin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Anne Horgan* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| John Kerrane | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Ruth Magee | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Martina Ryan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| Aileen Sheehan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Emma Stokes | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ruth Whelan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

✓ d'fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

✓T trí theileachomhdháil

É D'éirigh as

S Saoire bhreoiteachta

N Níl ar an mBord



### Roy Brennan
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



### Jane Carolan
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/cúraim shóisialaigh



### Mark Delargy
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



### Giuseppe DeVito
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal




### John Dolan
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/cúraim shóisialaigh



### Padraig Heverin
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



### Anne Horgan*
Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm



### John Kerrane
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne




### Ruth Magee
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



### Martina Ryan
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



### Aileen Sheehan
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



### Emma Stokes
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



### Ruth Whelan
Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistiú na seirbhísí

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

# An Bord Cláraithe Radagrafaithe

## Tuarascáil Bhliantúil

6.5 Tuarascáil Bhliantúil 2015 –
An Bord Cláraithe Radagrafaithe

Is éard atá sa tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí an Bhoird Cláraithe Radagrafaithe le linn 2015, a tíolacadh don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2015, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Réamhrá

Ba bhliain thábhachtach í 2015 do radagrafaithe agus do theiripeoirí radaíochta, le deireadh na hidirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha, agus tabhairt isteach na foghlama gairmiúla leanúnaí mar ghné éigeantach. Tá áthas orainn an forléargas seo a thabhairt ar obair an Bhoird i gcaitheamh na bliana.

Tháinig deireadh ar an 31 Deireadh Fómhair leis an idirthréimhse chlárúcháin dóibh siúd atá ag cleachtadh na gairme. Faoi dheireadh mhí na Nollag, bhí beagnach 2,500 iarratas ar chlárúchán faighte.

D'iarr an Bord go ndéanfadh an tAire an teideal "teiripeoir radaíochta" a fhorordú agus d'athbhreithnigh sé an Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe lena chinntiú go gcuimseofaí go sainráite céim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Teiripe Radaíochta ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Cheadaigh an Bord céim an Bhaitsiléara Eolaíochta (Onóracha) (Radagrafaíocht) de chuid Ollscoil na hÉireann agus céim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Teiripe Radaíochta ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Le linn na bliana, bhí an Bord ag ullmhú chun an fhorbairt ghairmiúil leanúnach a thabhairt isteach mar ghné éigeantach i mí Dheireadh Fómhair. Cheadaigh an Bord na Caighdeáin agus na Riachtanais um Fhoghlaim Ghairmiúil Leanúnach do Radagrafaithe agus do Theiripeoirí Radaíochta.

Cuireadh toghchán i gcomhair an Bhoird ar bun ag deireadh na bliana. Gabhaimid ár mbuíochas leis na cláraithe uile a vótáil agus déanaimid ár gcomhghairdeas leo siúd ar éirigh leo sa toghchán. Táimid ag tnúth le bheith ag obair libh agus muid ag coinneáil leis an obair thábhachtach atá ar siúl againn chun an pobal a chosaint trí chaighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn sa radagrafaíocht.

**Jason Last**

*Cathaoirleach*

*An Bord Cláraithe Radagrafaithe*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*An Bord Cláraithe Radagrafaithe*

# Achoimre ar Ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2015

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte an Bord Cláraithe Radagrafaithe i mí Eanáir 2012.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Rialálann an Bord Cláraithe Radagrafaithe radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta.

**Comhaltaí tuata is ea seachtar atá ar an mBord, agus is daoine den ghairm iad an seisear eile, a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu do na réimsí seo a leanas:**

- oideachas agus oiliúint a chur ar lucht na gairme,
- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm, agus
- cleachtadh na gairme.

Is é an Dr Jason Last atá ina Chathaoirleach ar an mBord Cláraithe Radagrafaithe faoi láthair.

In 2015, tháinig an Bord Cláraithe Radagrafaithe le chéile naoi n-uaire.

Ag deireadh 2015, bhí trí fholúntas ar an mBord Cláraithe Radagrafaithe.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá na feidhmeanna seo a leanas ag an mBord Cláraithe Radagrafaithe dá réir sin:**

- clár comhaltaí de chuid na gairme a bhunú agus a choimeád;
- cáilíochtaí a bronnadh lasmuigh den Stát a mheasúnú agus aitheantas a thabhairt dóibh;
- cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- an cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan síos; agus
- na ceanglais a leagan síos maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

## Clárúchán

Ar an 31 Deireadh Fómhair 2013 cuireadh tús le clárúchán reachtúil ar radagrafaithe agus ar theiripeoirí radaíochta. Cloch mhíle a bhí ansin a bhí ina toradh ar thréimhse fhada chomhairliúcháin agus forbairt beartais a rinne an Bord Cláraithe Radagrafaithe. Cuireadh tús ar an dáta sin leis an idirthréimhse reachtúil dhá bhliain chun ligean dóibh siúd atá ag cleachtadh faoi láthair clárú faoi Alt 91 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), agus tháinig deireadh leis an idirthréimhse ar an 31 Deireadh Fómhair 2015.

Faoi dheireadh mhí na Nollag 2015, bhí 2,462 iarratas ar chlárú faighte, agus bhí 1,855 duine as a measc siúd curtha leis na Cláir. Éilítear ar iarratasóirí an córas iarratais ar líne a chomhlánú. Próiseas dhá chuid is ea é sin trína gcuirtear doiciméid tacaíochta isteach lena bhfíorú mar aon le Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

Thoiligh an Bord iarraidh ar an Aire a fhorordú gur teideal cosanta é "teiripeoir radaíochta" amhail an 31 Deireadh Fómhair 2015 lena úsáid ag an gcatagóir cláraithe sin atá cláraithe i Rannán na dTeiripeoirí Radaíochta ar Chlár an Bhoird Cláraithe Radagrafaithe.

Tar éis don Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 a theacht i bhfeidhm, is ann anois do chumhachtaí a mbeidh an Bord in ann leas a bhaint astu chun athrú ón gcóras rialála atá ann faoi láthair faoina bhfuil dhá rannán sa Chlár Radagrafaithe, go dtí dhá chlár ar leithligh do radagrafaithe agus do theiripeoirí radaíochta.

## Údarás Inniúil

Sula ndéanfaidh siad iarratas ar chlárú, ní mór do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí acu a fuarthas lasmuigh den Stát iarratas a dhéanamh chuig an mBord ar aitheantas a thabhairt dá gcuid cáilíochtaí. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

Ón 31 Deireadh Fómhair 2013, ainmníodh an Bord Cláraithe Radagrafaithe ina Údarás Inniúil don ghairm faoi Threoir 2005/36/CE. Déanann an Bord measúnú ar gach iarratas ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

In 2015 thug an Bord aitheantas do na cáilíochtaí a bhí ag 59 radagrafaí agus naonúr teiripeoirí radaíochta agus ansin bhí siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Cuireadh bearta cúitimh i bhfeidhm i leith ceathrar radagrafaithe agus beirt teiripeoirí radaíochta faoinar tugadh an rogha dóibh dul faoi thriail inniúlachta nó tréimhse oiriúnaithe a chur i gcrích.

Mar chuid dá fheidhm mar Údarás Inniúil, ceanglaítear ar an mBord foráil a dhéanamh maidir le triail inniúlachta mar rogha bearta cúitimh le tairiscint d'iarratasóirí sa chás ina bhfuil easnamh ar cháilíocht idirnáisiúnta i gcomparáid leis na Cáilíochtaí Ceadaithe don ghairm in Éirinn. Rinne an Bord taighde i rith na bliana ar roghanna maidir le triail den sórt sin a sholáthar dá mbeadh gá léi, agus d'iarr sé cabhair ón gComhairle i ndáil lena fheidhm a chomhlíonadh faoi Threoir AE 2005/36/CE maidir leis an triail inniúlachta a chur amach ar conradh chuig Coláiste na hOllscoile, BÁC agus Coláiste na Tríonóide, BÁC. Thug an Chomhairle an cúnamh sin dó.

# Oideachas

## Cláir Oideachais a Cheadú agus Monatóireacht Orthu

Ceann de na feidhmeanna atá ag Bord Clárúcháin is ea deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na cláir oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn institiúidí sa Stát na critéir agus na caighdeáin atá de dhíth chun an ghairm a chleachtadh.

**Le linn 2015, cheadaigh an Bord na cláir seo a leanas:**

- Céim an Bhaitsiléara Eolaíochta (Onóracha) (Radagrafaíocht) ó Ollscoil na hÉireann
- Céim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Teiripe Radaíochta ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath le bronnadh ar chéimithe nuair a bheidh clár ceithre bliana na dámhachtana sin curtha i gcrích acu.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Le linn na bliana, bhí an Bord ag ullmhú i gcomhair thabhairt isteach na forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) mar ghné éigeantach. Mar chuid den phróiseas rinne an Bord athbhreithniú ar an gCreat FGL agus cheadaigh é lena úsáid sa chomhairliúchán le páirtithe leasmhara. Cheadaigh an Bord na Caighdeáin agus na Riachtanais sonracha a bhaineann le FGL de chuid an Bhoird Cláraithe Radagrafaithe. Tugadh FGL isteach do ghairmithe cláraithe an Bhoird Clárúcháin Radagrafaithe ar an 31 Deireadh Fómhair 2015 agus reáchtálfar é ar thimthriall 24 mí ón dáta sin.

## Fodhlíthe

Rinne an Bord athbhreithniú ar an bhFodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe chun a chinntiú go gcuirfí céim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Teiripe Radaíochta ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath (clár ceithre bliana) san áireamh go sainráite ann. Cuireadh comhairliúchán poiblí ar bun agus rinneadh an Fodhlí athbhreithnithe.

## Toghadh Comhaltaí chuig an mBord Cláraithe Radagrafaithe

Amhail dá bhforáiltear san Fhodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh chuig an mBord Cláraithe Radagrafaithe, 2014, tugadh cuireadh do radagrafaithe cláraithe vóta a chaitheamh i ngach ceann de na catagóirí toghcháin seo a leanas:

**Catagóir 1:** Trí fholúntas do chláraitheoirí atá ag gabháil do chleachtadh ghairm na radagrafaithe nó na dteiripeoirí radaíochta.

**Catagóir 2**: Trí fholúntas do chláraitheoirí atá ag gabháil do bhainistiú seirbhísí arna soláthar ag gairm na radagrafaithe nó na dteiripeoirí radaíochta.

**Catagóir 3:** Folúntas amháin do chláraí atá ag gabháil d'oideachas agus oiliúint a chur ar chomhaltaí de ghairm na radagrafaithe nó na dteiripeoirí radaíochta.

Ba é an córas ionadaíochta cionmhaire trí vóta inaistrithe amháin an córas toghcháin a úsáideadh.

### Cheadaigh an Bord an amlíne seo a leanas i leith na dToghchán:

| Imeacht | Dáta |
|---|---|
| Fógra maidir le toghchán agus cuireadh chun ainmniúcháin a chur isteach | 30 Meán Fómhair 2015 |
| Bunú an Chláir Toghthóirí | 16 Samhain 2015 |
| Dáta deiridh le haghaidh ainmniúcháin a fháil | 16 Samhain 2015 |
| Eisiúint na bPáipéar Ballóide | 1 Nollaig 2015 |
| Dáta Toghcháin – An dáta deiridh chun vótaí a fháil | 15 Nollaig 2015 |
| Comhaireamh na vótaí agus fógairt an toraidh | 16 Nollaig 2015 |

### Toghadh na comhaltaí seo a leanas chuig an mBord Cláraithe Radagrafaithe ar an 16 Nollaig 2015.

## Comhaltaí tofa

**Catagóir 1: Cláraithe atá ag gabháil do chleachtadh na gairme**

- Catherine Booth
- Mary Pat Corridan
- John Tuffy

**Catagóir 2: Cláraithe atá ag gabháil do bhainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm**

- Catherine McKenna
- Michele Monahan

**Catagóir 3: Cláraí de chuid na gairme, atá ag gabháil d'oideachas agus oiliúint sa ghairm**


- Louise Rainford

## Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird Cláraithe Radagrafaithe in 2015

| Ainm | 27/01 | 10/03 | 29/04 | 10/06 | 15/07 | 02/09 | 06/10 | 10/11 | 15/12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Richard Bruton | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mary Pat Corridan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Jason Last* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Michele Monahan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Mary O'Connor | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| William O'Neill | N | N | N | N | N | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Louise Rainford | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Olwyn Ryan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tom Ryan | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Dympna Watson | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- **N** Níl ar an mBord



### Richard Bruton
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/cúraim shóisialaigh



### Mary Pat Corridan
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



### Jason Last*
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



### Michele Monahan
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



### Mary O'Connor
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



### William O'Neill
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



### Louise Rainford
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



### Olwyn Ryan
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/cúraim shóisialaigh



### Tom Ryan
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



### Dympna Watson
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

# Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh

## Tuarascáil Bhliantúil

6.6 Tuarascáil Bhliantúil 2015 –
Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh

Is éard atá sa tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh le linn 2015, a tíolacadh don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2015, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Réamhrá

Tháinig Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh le chéile den chéad uair i mí na Bealtaine 2015, tar éis don Aire Sláinte é a bhunú.

Is é an sainchúram atá ar CORU an pobal a chosaint trína chinntiú go gcomhlíonann gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ardchaighdeáin maidir le hiompar gairmiúil, oideachas gairmiúil, oiliúint agus inniúlacht. Tá an ról ag Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh a chinntiú go gcomhlíonann gairm na n-oibrithe cúraim shóisialaigh na caighdeáin sin mar chuid den dualgas reachtúil atá orthu.

De réir an Achta, cheap an tAire trí chomhalta dhéag ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh i mbliana. Is comhaltaí "tuata" iad a bhformhór siúd, is é sin le rá nach oibrithe cúraim shóisialaigh iad, agus is ainmnithe ón ngairm iad seisear acu, a dhéanann ionadaíocht d'oideachasóirí, do bhainisteoirí agus d'oibrithe cúraim shóisialaigh a chuireann seirbhísí túslíne ar fáil. Toghadh Dunia Hutchinson ina Cathaoirleach ag an gcéad chruinniú i mí na Bealtaine.

Ó shin i leith, dhírigh an Bord ar a chinntiú go leagtar síos na caighdeáin chearta, agus go gcuireann na cleachtóirí iad féin ar an eolas faoin méid a bheidh i gceist leis an gclárú ina leith féin. De bharr na hoibre atá déanta ag CORU maidir le struchtúir chorparáideacha agus rialachais a bhunú, chomh maith le hullmhú na ndoiciméad creata a chlúdaíonn go leor de na réimsí a theastaíonn le haghaidh clárúcháin, d'éirigh le Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh dul chun cinn maith a dhéanamh i dtaobh a chinntiú go bhfuiltear ag dul i ngleic le riachtanais shonracha na gairme.

Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh leis an obair thábhachtach sin in 2016. Beimid ag dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear oibrithe cúraim shóisialaigh, agus samhail rialála á bunú againn. Cuirimid fáilte roimh an rialáil reachtúil toisc go bhfágann sí gur mó an méid oscailteachta agus cuntasachta a bheidh ann don phobal, agus cultúr inniúlachta agus forbartha gairmiúla leanúnaí á neartú do lucht gairme an tráth céanna.

**Dunia Hutchinson**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin*
*na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin*
*na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh*

# Achoimre ar Ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2015

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh i mí an Mhárta 2015.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

**Comhaltaí tuata is ea seachtar as a measc, agus is daoine iad an seisear eile arna n-ainmniú ag na gairmeacha, agus ionadaíocht á déanamh acu do na réimsí seo a leanas:**

- oideachas agus oiliúint a chur ar lucht na gairme,
- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm, agus
- cleachtadh na gairme.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- clár comhaltaí de chuid na gairme a bhunú agus a choimeád;
- cáilíochtaí a bronnadh lasmuigh den Stát a mheasúnú agus aitheantas a thabhairt dóibh;
- cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- na ceanglais a leagan síos maidir le filleadh ar chleachtadh;
- an cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan síos; agus
- na ceanglais a leagan síos maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

## Comhaltaí an Bhoird

Ag an gcéad chruinniú den Bhord ar an 25 Bealtaine 2015 roghnaíodh seisear comhaltaí ar bhonn crannchuir agus bunaíodh an Bord ar feadh téarma trí bliana. Cuirfidh na comhaltaí eile isteach téarma ceithre bliana.

Toghadh Dunia Hutchinson ina Cathaoirleach agus beidh sí i seilbh na hoifige sin ar feadh téarma dhá bhliain. Beidh sí ar an mBord ar feadh tréimhse ceithre bliana.

Tháinig an Bord le chéile ceithre huaire i rith na bliana ó ceapadh na comhaltaí.

Ag deireadh 2015, ní raibh aon fholúntas ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh.

I mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh 2015, thug an Bord faoi oiliúint ionduchtúcháin, a sholáthair an fhoireann feidhmiúcháin, chun éascú don aistriú chuig an ról nua a bhí acu mar chomhaltaí Boird. Áiríodh leis an oiliúint sin seisiúin ar rialachas corparáideach agus ar eitic in oifig phoiblí chomh maith le tuiscint níos fearr a thabhairt ar an ról atá ag CORU agus ar an bpríomhfheidhm atá aige maidir leis an bpobal a chosaint.

# Bunús a Chur faoin Rialáil

## Boird

Rinne Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh breithniú ar chreataí i gcomhair beartais agus treoirlínte de chuid na Comhairle i rith na bliana, agus é ag ullmhú le haghaidh clárúcháin. Ina measc siúd, bhí:

- Cód Iompair do Chomhaltaí an Bhoird;
- An gaol idir an Chomhairle agus an Bord Clárúcháin
- Buan-Orduithe i leith Boird Chlárúcháin
- Glacadh CORU mar scáthainm
- Beartas maidir le húsáid an ainm CORU
- Úsáid an tSéala de chuid Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh
- Sonraí na gCláraithe ar an gClár
- Treoirlínte na Comhairle maidir le hEolas ar Theangacha

## Alt 91 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú)

Faoi Alt 91 den Acht tá foráil dhíreach ann do Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh chun clárú a dheonú do dhuine a bhí, tráth ar bith le linn na tréimhse 5 bliana roimh an gclárú, ag gabháil do chleachtadh leanúnach mar oibrí cúraim shóisialaigh ar feadh tréimhse nach lú ná 2 bhliain díreach roimh dháta an iarratais. Is le Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh agus leis sin amháin a bhaineann an fhoráil sin de chuid an Achta. Breithneoidh an Bord an fhoráil sin go han-chúramach i rith 2016 agus forbróidh sé treoirlínte measúnaithe dá chuid féin agus foirm chaighdeánaithe dá chuid féin lena comhlánú ag fostóirí agus é ag ullmhú chun an t-alt sin den reachtaíocht a chur chun feidhme.

# Oideachas

## Cáilíochtaí Ceadaithe le haghaidh Clárúcháin

Cheadaigh an Bord go mbaileofar taighde chun scrúdú a dhéanamh ar raon na riachtanas oideachais don ghairm sa Stát agus chun a aithint cé na cáilíochtaí oibre cúraim shóisialaigh atá ar fáil in Éirinn faoi láthair. Cuireadh tús leis an obair sin in 2015 agus táthar ag súil go ndéanfaidh an Bord breithniú ar thuarascáil chuimsitheach in 2016. Fágfaidh sé sin go mbeidh bonn eolais ag an mBord maidir leis an bhFodhlí a leagan síos ina sonrófar na cáilíochtaí ceadaithe is gá chun clárú sa Stát.

## An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice

Ceanglaítear ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a ghlacadh le haghaidh cláraitheoirí sula n-osclófar an Clár. Leagfar amach sa chód na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do chomhaltaí cláraithe na gairme cloí leo ina gcuid oibre. Nuair a bheidh iarratas á dhéanamh ar chlárú, ceanglófar ar iarratasóirí dearbhú reachtúil a shíniú ag rá go bhfuil an Cód léite acu, go dtuigeann siad é agus go bhfuil siad toilteanach cloí leis.

Ghlac an Chomhairle de chuid CORU Creat do Chomhchód Iompair Ghairmiúil agus Eitice (Cód na Comhairle) a chuirfidh na 14 ghairm atá á rialáil ag CORU chun feidhme, tar éis comhairliúcháin.

Ní mór do Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na riachtanais ar leith atá ag an ngairm nuair a bheidh an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice á fhorbairt aige agus cuirfidh sé Creat an Chomhchóid in oiriúint don chuspóir sin.

Cuirfidh an Bord i gcrích an breithniú ar an dréachtleagan den Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice in 2016. Cuirfear an dréacht faoi réir comhairliúchán poiblí ansin agus cuirfear faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta é chun barúlacha, tuairimí agus aighneachtaí a fháil ina leith. Breithneoidh an Bord iadsan go cúramach sula gceadófar an leagan deiridh den Chód ionas go ndéanfar Fodhlí as.

## Tinreamh ag Cruinnithe Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh in 2015

| Ainm | 25/05 | 25/06 | 16/09 | 07/10 | 26/11 |
|---|---|---|---|---|---|
| Catherine Carty | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Damien Courtney | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Patrick Doyle | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ |
| Paddy Duggan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Maurice Fenton | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Imelda Finerty | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| James Forbes | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Dunia Hutchinson* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Karen Kiernan | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ado McKenna | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ |
| Des Mooney | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tim Murphy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Jim Walsh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

✓ d'fhreastail


✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

**N** Níl ar an mBord



### Catherine Carty
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



### Damien Courtney
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne




### Patrick Doyle
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/cúraim shóisialaigh



### Paddy Duggan
Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/cúraim shóisialaigh



### Maurice Fenton
Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistiú na seirbhísí



### Imelda Finerty
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



### James Forbes
Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistiú na seirbhísí



### Dunia Hutchinson*
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



### Karen Kiernan
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



### Ado McKenna
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



### Des Mooney
Ionadaí ag cleachtadh na gairme



### Tim Murphy
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



### Jim Walsh
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

# Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha

## Tuarascáil Bhliantúil

6.7 Tuarascáil Bhliantúil 2015 – Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha

Is éard atá sa tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha le linn 2015, a tíolacadh don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2015, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Réamhrá

## Ba é Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha an chéad Bhord a bunaíodh i mí na Bealtaine 2011, tar éis gur bhunaigh an tAire Sláinte é.

Is é an sainchúram atá ar CORU an pobal a chosaint trína chinntiú go gcomhlíonann gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ardchaighdeáin maidir le hiompar gairmiúil, oideachas gairmiúil, oiliúint agus inniúlacht. Tá an ról ag Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha a chinntiú go gcomhlíonann gairm na n-oibrithe sóisialacha na caighdeáin sin mar chuid den dualgas reachtúil atá orthu.

Bhí 3,928 oibrí sóisialach cláraithe ag Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha amhail an 31 Nollaig 2015. Is mó an méid daoine atá i gceist ansin ná mar a measadh ar dtús, agus léirítear leis go bhfuil an ghairm feasach go ginearálta ar an oibleagáid maidir le clárú agus ar an tábhacht a bhaineann leis an rialáil i gcoitinne. Cuireadh cuid mhór de na hiarratais sin isteach tríd an gcóras clárúcháin ar líne atá ag CORU, ar bealach éifeachtúil áisiúil é chun tabhairt faoin bpróiseas clárúcháin. I mbliana, cheadaigh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha an próiseas clabhsúir i dtaobh clárúcháin. Is próiseas é sin trínar féidir déileáil ar bhonn riaracháin le hiarratais neamhiomlána ar chlárúchán.

In 2015, cheadaigh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha an leagan deiridh de na Ceanglais um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL). Tugadh FGL isteach do ghairmithe cláraithe ar an 31 Bealtaine 2015 agus reáchtálfar é ar thimthriall 24 mí ón dáta sin ar aghaidh.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair le lucht na gairme agus dul i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2016 de réir mar a dhéantar dul chun cinn níos fearr i dtaobh oibrithe sóisialacha a rialáil, ar mhaithe le sábháilteacht an phobail. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh maidir le Cosaint Teidil agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh, ar saincheisteanna lárnacha iad i dtaobh an tsainchúraim atá orainn an pobal a chosaint.

**Cormac Quinlan**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin*
*na nOibrithe Sóisialacha*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin*
*na nOibrithe Sóisialacha*

# Achoimre ar Ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2015

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha ar dtús i mí Lúnasa 2010. Toghadh comhaltaí nua roinnt uaireanta ó shin i leith mar gheall ar thoghcháin do chomhaltaí gairmiúla an Bhoird agus mar gheall ar chomhaltaí nua a bheith ag teacht in áit comhaltaí tuata.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

**Comhaltaí tuata is ea seachtar as a measc, agus is daoine iad an seisear eile arna n-ainmniú ag na gairmeacha, agus ionadaíocht á déanamh acu do na réimsí seo a leanas:**

- oideachas agus oiliúint a chur ar lucht na gairme,
- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm, agus
- cleachtadh na gairme.
- Is é Cormac Quinlan atá ina Chathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha.
- Tháinig an Bord le chéile 8 n-uaire i rith na bliana.
- Ag deireadh 2015, ní raibh aon fholúntas ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha.

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- clár comhaltaí de chuid na gairme a bhunú agus a choimeád;
- cáilíochtaí a bronnadh lasmuigh den Stát a mheasúnú agus aitheantas a thabhairt dóibh;
- cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- na ceanglais a leagan síos maidir le Filleadh ar Chleachtadh;
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan síos; agus
- na ceanglais a leagan síos maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

# Boird

D'oscail Clár na nOibrithe Sóisialacha ar an 31 Bealtaine 2011. Tar éis gur osclaíodh an Clár, cuireadh idirthréimhse dhá bhliain i bhfeidhm ionas go bhféadfadh oibrithe sóisialacha a bhí ag cleachtadh na gairme cheana iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Bhí gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas go bhféadfadh an Bord a bheith deimhin gur chomhlíonadar na ceanglais. Ina theannta sin, ba é an t-aon deis amháin é do chleachtóirí nach raibh cáilíochtaí ceadaithe acu an tráth sin chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse sin ar an 31 Bealtaine 2013.

Bhí 3,928 oibrí sóisialach cláraithe ag Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha amhail an 31 Nollaig 2015.

Tá an obair fós ar bun chun iarratasóirí nua a phróiseáil le haghaidh clárúcháin. Ina theannta sin, tá an Bord ag cur i gcrích líon beag de na hiarratais atá fágtha ar bhain deacrachtaí leo. Tá an Bord i dteagmháil leis na hiarratasóirí atá i gceist. Ní mór don Bhord a bheith deimhin go gcomhlíonann na hiarratasóirí na ceanglais maidir le clárú:

- a bheith oiriúnach agus cuí chun gabháil do chleachtadh na gairme.

**Ina gcás siúd atá ag baint leas as na socruithe idirthréimhseacha:**

- cáilíocht ar ceanglas í atá liostaithe san Acht a bheith acu nó gur éirigh leo i measúnú ar inniúlacht ghairmiúil; agus
- a bheith ag cleachtadh sa Stát le linn na cúig bliana roimh oscailt an Chláir.

**I gcás iontrálaithe nua:**

- cáilíocht cheadaithe a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin inniúlachta atá leagtha síos ag CORU; agus
- eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

**Ina theannta sin, ní mór do gach iarratasóir dul faoi Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin. Faoi mhí na Nollag 2015:**

- bhí 3,664 gairmí cláraithe ar Chlár na nOibrithe Sóisialacha
- cláraíodh 379 duine le linn 2015
- diúltaíodh do na hiarratais ó bheirt oibrithe shóisialacha.
- D'fhág 61 oibrí sóisialach a bhí cláraithe an Clár na ndeoin féin
- Baineadh 45 oibrí sóisialach den Chlár toisc nár íoc siad na táillí

Tá an Clár ar fáil ar líne ag www.coru.ie.

## An tÚdarás Inniúil um Aitheantas a thabhairt do Cháilíochtaí a fuarthas lasmuigh den Stát

Sula ndéanfaidh siad iarratas ar chlárú, ní mór do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí acu a fuarthas lasmuigh den Stát iarratas a dhéanamh chuig an mBord ar aitheantas a thabhairt dá gcuid cáilíochtaí. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

Má tá difríochtaí suntasacha (easnaimh) i gceist idir cáilíocht ghairmiúil, aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó taithí oibre ábhartha bhreise, le hais na gCaighdeán Inniúlachta, féadfar an rogha a thabhairt d'iarratasóir beart cúitimh a chur i gcrích. Is é an rogha atá ann Tréimhse Oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh a aithníodh ar na cáilíochtaí nó Triail Inniúlachta a dhéanamh.

Le linn 2015, dheonaigh an Bord 41 iarratas ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí idirnáisiúnta. Ceanglaíodh ar sheisear iarratasóirí beart cúitimh a dhéanamh, agus tugadh aitheantas do bheirt iarratasóirí tar éis dóibh Tréimhse Oiriúnaithe a chur i gcrích.

## Oideachas

In 2015, cheadaigh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha an leagan deiridh de na Ceanglais um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) dá chuid. Tugadh FGL isteach do ghairmithe cláraithe ar an 31 Bealtaine 2015 agus reáchtálfar é ar thimthriall 24 mí ón dáta sin ar aghaidh.

## Beartais Cheadaithe

Cheadaigh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha próiseas clabhsúir i leith an chlárúcháin freisin in 2015.

Is próiseas é sin trínar féidir déileáil ar bhonn riaracháin le hiarratais neamhiomlána ar chlárúchán.

## Tinreamh ag Cruinnithe Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha in 2015

| Ainm | 20/01 | 06/03 | 21/04 | 14/05 | 21/07 | 15/09 | 22/10 | 08/12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Frankie Barrett | N | N | N | N | N | ✗ | ✓ | ✓ |
| Ado Byrne | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Declan Carey | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Donal Gill | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Carmel Halton | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ |
| John Hanily | N | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ |
| Valerie Judge | N | N | N | N | N | ✓ | ✗ | ✓ |
| Ned Kelly | N | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Anthony McCashin | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Carol Moore | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Val O'Kelly | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Peter O'Neill | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Cormac Quinlan* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- **N** Níl ar an mBord

## Frankie Barrett

Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/cúraim shóisialaigh



## Ado Byrne

Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistiú na seirbhísí



## Declan Carey

Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Donal Gill

Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Carmel Halton

Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## John Hanily

Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/cúraim shóisialaigh



## Valerie Judge

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Ned Kelly

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Anthony McCashin

Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## Carol Moore

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Val O'Kelly

Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistiú na seirbhísí



## Peter O'Neill

Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Cormac Quinlan*

Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistiú na seirbhísí

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

# Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

## Tuarascáil Bhliantúil

6.8 Tuarascáil Bhliantúil 2015 –
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Is éard atá sa tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le linn 2015, a tíolacadh don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Réamhrá

Thug sé ugach dúinn leanúint ar aghaidh le hobair Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le linn 2015. Léirítear sa tuarascáil seo a leanas méid an tiomantais atá ag an mBord d'oscailt an Chláir a bhaint amach agus do na gníomhaíochtaí iomadúla eile a bhaineann leis an obair a dhéanann Bord Clárúcháin reachtúil.

Is maith mar a thacaigh an Chomhairle agus foireann chorparáideach CORU leis an mBord i rith na bliana. Tá comhaltaí an Bhoird ag tnúth le deireadh na hidirthréimhse, ar cloch mhíle dár gcuid é, ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2016.

Tháinig méadú i mbliana ar líon na dteiripeoirí urlabhra agus teanga atá cláraithe. Is é an spriocdháta do dhaoine atá ag cleachtadh na gairme cheana chun iad féin a chlárú ná an 31 Deireadh Fómhair 2016 agus leanfaimid orainn i mbun teagmháil leis an ngairm agus an spriocdháta sin ag teannadh linn.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann na cláir oideachais agus oiliúna atá ar fáil sa Stát na critéir agus na caighdeáin is gá chun a bheith ag cleachtadh. Le linn na bliana, cheadaigh an Bord na cláir a thairgeann Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh, agus chuir siad tús leis an bpróiseas ceadaithe i leith dhá chlár eile.

Chinn an Bord freisin go bhfuil trí cháilíocht a bhíodh á mbronnadh ag Ollscoil Bhaile Átha Cliath ábhartha go leor don ghairm. Fágann an cinneadh sin go bhfuil céimithe na dtrí chlár sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárú leis an mBord.

I mí Aibreáin, cheadaigh an Bord Fodhlí ina leagtar amach na ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag iarratasóirí nach raibh ag cleachtadh na gairme le dhá bhliain nó níos mó roimh oscailt an Chláir.

Déanfar roinnt forbairtí tábhachtacha eile ar rialáil na dteiripeoirí urlabhra agus teanga in 2016, agus táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair le comhaltaí an Bhoird agus muid ag coinneáil lenár n-iarrachtaí chun an ghairm a rialáil ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

**Helen Shortt**

*Cathaoirleach*

*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga*

**Ginny Hanrahan**

*Cláraitheoir*

*Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga*

# Achoimre ar Ghníomhaíochtaí an Bhoird in 2015

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Comhaltaí tuata is ea seachtar de na comhaltaí a ceapadh, agus comhaltaí de chuid na gairme is ea an seisear eile, a bhíonn ag gabháil do na réimsí seo a leanas:

- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm,
- oideachas agus oiliúint a chur ar lucht na gairme, agus
- cleachtadh na gairme.

I mí Aibreáin, atoghadh Helen Shortt (comhalta tuata) ina Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus cuirfidh sí isteach téarma eile dhá bhliain sa ról sin. Is iad comhaltaí an Bhoird Chinwe Rosa Anago, Aileen Barrett, Irene Gunning, Suzanne Keenan, Fintan Redy, Agnes Shiel (comhaltaí tuata); Fiona Gibbon, Sinead Kennedy, Maeve Murphy, Celia Nichol agus Martine Smith (comhaltaí gairmiúla)

## Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag na Boird Chlárúcháin an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

**Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:**

- clár comhaltaí de chuid na gairme a bhunú agus a choimeád;
- cáilíochtaí a bronnadh lasmuigh den Stát a mheasúnú agus aitheantas a thabhairt dóibh;
- cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- an cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan síos; agus
- na ceanglais a leagan síos maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

## Boird

Osclaíodh an Clár do theiripeoirí urlabhra agus teanga ar an 31 Deireadh Fómhair 2014. Tá idirthréimhse dhá bhliain i gceist tar éis oscailt an Chláir inar féidir le teiripeoirí urlabhra agus teanga atá ag cleachtadh na gairme cheana féin iarratas a dhéanamh ar chlárú. Bhí gá leis an idirthréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus an Bord a bheith deimhin gur chomhlíon siad na ceanglais. Ina theannta sin, ba é an t-aon deis amháin é do chleachtóirí nach bhfuil cáilíochtaí ceadaithe faoi láthair acu chun iarratas a dhéanamh ar chlárú. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse sin ar an 31 Márta 2016.

San iomlán, bhí breithniú agus clárú déanta ag Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga ar 140 iarratas ar chlárú mar theiripeoir urlabhra agus teanga amhail an 31 Nollaig 2015. Ní mór do na teiripeoirí urlabhra agus teanga go léir iarratas a dhéanamh ar chlárú faoin 31 Deireadh Fómhair 2016, ionas go bhféadfaidh siad an teideal "teiripeoir urlabhra agus teanga" a úsáid go fóill.

In 2015 chinn Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga glacadh le cáilíochtaí a dtugann nó ar thug an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh aitheantas dóibh i gcás iarratasóirí a bhfuil iarratas ar chlárú á dhéanamh acu faoi Alt 91 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Ní ghlactar leis na cáilíochtaí sin ach amháin i gcás iarratasóirí idirthréimhseacha (a bhfuil iarratas á dhéanamh acu faoi Alt 91) a raibh 24 mí caite acu ag cleachtadh na gairme (laistigh den Stát) sa tréimhse 5 bliana sular osclaíodh an Clár.

## Oideachas

Sonraítear i Sceideal 3 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) liosta na gcáilíochtaí nach mór a bheith acu siúd atá ag cleachtadh na gairme faoi láthair agus soláthraíonn sé bealach dóibh chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán le linn na hidirthréimhse. Cuireann iarratasóirí idirthréimhseacha isteach ar chlárú faoi Alt 91 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

In 2015 chinn an Bord go bhfuil na cáilíochtaí seo a leanas, a mbíodh Ollscoil Bhaile Átha Cliath á mbronnadh, ábhartha go leor don ghairm agus go bhfianaítear leo caighdeán inniúlachta a chomhfhreagraíonn do cháilíocht atá liostaithe os coinne na gairme sa tríú colún den Sceideal sin:

- Dioplóma sa Teiripe Urlabhra Chliniciúil agus B.A. sa Teangeolaíocht Feabhais (a bhronntaí roimh 1986)
- B.Sc. sa Teangeolaíocht Feabhais (a bronnadh in 1986, 1987 agus 1988)
- B.Sc (Staidéar Cliniciúil Urlabhra agus Teanga) (a bhronntaí ó 1989)

Ceann de na feidhmeanna atá ag Bord Clárúcháin is ea deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na cláir oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn institiúidí sa Stát na critéir agus na caighdeáin atá de dhíth chun an ghairm a chleachtadh.

**Le linn 2015, cheadaigh an Bord na cláir seo a leanas:**

- Máistreacht Eolaíochta sa Teiripe Urlabhra agus Teanga (Cáilíocht Ghairmiúil), Ollscoil Luimnigh
- Céim an Bhaitsiléara Eolaíocht (Teiripe Urlabhra agus Teanga), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**Chuir an Bord tús le próiseas ceadaithe cláir i leith na gclár seo a leanas:**

- Céim an Bhaitsiléara Eolaíochta sa Staidéar Cliniciúil Urlabhra agus Teanga, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Máistreacht Eolaíochta sa Teiripe Urlabhra agus Teanga (Cáilíocht Ghairmiúil), Ollscoil Luimnigh

## Údarás Inniúil

Ina cháil mar Údarás Inniúil na gairme, in 2015 bhreithnigh an Bord 5 iarratas ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí idirnáisiúnta.

I gcomhréir le Treoir (AE) 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach, d'aithin an Bord 2 cháilíocht agus d'iarr sé ar thriúr iarratasóirí beart cúitimh a chur i gcrích chun dul i ngleic le heasnaimh a aithníodh ar an gcáilíocht a bhí acu. Nuair a bhíonn aitheantas tugtha do cháilíocht idirnáisiúnta ag an Údarás Inniúil, ansin tá an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

In 2015 cheadaigh an Bord an Treoir d'Iarratasóirí agus do Mheasúnóirí ar Easnaimh maidir le Beathú, Ithe, Ól agus Slogadh. Leagtar síos sna nótaí treorach sin bearta cúitimh d'iarratasóirí ar aitheantas a bhfuil easnaimh orthu i réimsí an Bheathaithe, na hIthe, an Óil agus an tSlogtha. Baineann na ceanglais sin go sonrach leis an ngairm agus leagtar amach iad sna caighdeáin inniúlachta d'iarratasóirí a bhfuil aitheantas á lorg acu ó Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga.

## Fodhlíthe

I mí Aibreáin, rinneadh an Fodhlí um Fhilleadh ar Chleachtadh de chuid Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga, 2015. San Fhodhlí sin, leagtar síos na ceanglais atá le comhlíonadh ag iarratasóir nach raibh ag cleachtadh na gairme le 2 bhliain nó níos mó.

## Gníomhaíochtaí Beartais

**Le linn na bliana, d'athbhreithnigh agus cheadaigh an Bord beartais dá ghairm ina leith seo a leanas:**

- athbhreithniú ar na ceanglais atá ar iarratasóirí,
- próiseas clabhsúir maidir le hiarratais ar chlárúcháin, agus
- daoine a bhaint den Chlár ar bhonn deonach.

## Tinreamh ag Cruinnithe Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2015

| Ainm | 28/01 | 01/04 | 19/05 | 09/07 | 09/09 | 29/10 | 18/11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Chinwe Rose Anago | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ |
| Aileen Barrett | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Paula Bradley | X | É | É | É | É | É | É |
| Fiona Gibbon | + | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Irene Gunning | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Suzanne Keenan | + | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Sinead Kennedy | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Maeve Murphy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | S |
| Celia Nichol | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Fintan Reddy | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Agnes Shiel | ✓ | É | É | É | É | É | É |
| Helen Shortt* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Martine Smith | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- ✓T trí theileachomhdháil
- É D'éirigh as
- S Saoire bhreoiteachta
- N Níl ar an mBord

**(+) –** *Bhí na daoine a bhfuil téarmaí oifige 2 bhliain acu as láthair ón gcruinniú ar an 24 Márta 2015 mar gheall ar easpa soiléire maidir le hathrú ar an reachtaíocht faoinar cuireadh síneadh ama lena gcuid téarmaí ó 2 bhliain go 3 bliana.*



## Chinwe Rose Anago

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Aileen Barrett

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne




## Paula Bradley

Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Fiona Gibbon

Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Irene Gunning

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne




## Suzanne Keenan

Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/ cúraim shóisialaigh



## Sinead Kennedy

Ionadaí ag cleachtadh na gairme



## Maeve Murphy

Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistiú na seirbhísí



## Celia Nichol

Ionadaí a bhíonn ag plé le bainistiú na seirbhísí



## Fintan Reddy

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Agnes Shiel

Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## Helen Shortt*

Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí/cúraim shóisialaigh



## Martine Smith

Ionadaí ag cleachtadh na gairme

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

# Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúram Shóisialaigh
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Faisnéis | 99 |
| Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 100 |
| Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais | 102 |
| Ráiteas faoi na Freagrachtaí atá ar an gComhairle | 104 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 105 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 106 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 107 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 108 |

# Faisnéis

## COMHALTAÍ NA COMHAIRLE

Bernard McCartan, Cathaoirleach
John O'Mullane
Halóg Mellett
Marie Culliton
Odhrán Allen
Tony McAleer
Emma Stokes (d'éirigh as ar an 09/06/2016)
Caroline McIntosh
Richard Booth (tháinig deireadh lena théarma oifige ar an 20/03/2015)
Michele Monahan (tháinig deireadh lena téarma oifige ar an 23/01/2016)
David Power (d'éirigh as ar an 20/03/2015)
Declan Carey (d'éirigh as ar an 31/03/2016)
Maeve Murphy
Jackie Reed
Martin Higgins (tháinig deireadh lena théarma oifige ar an 23/11/2015)
Kristin Quinn (tháinig deireadh lena téarma oifige ar an 23/11/2015)
Deirdre Madden
Joe Martin
Jenny Bulbulia (tháinig deireadh lena téarma oifige ar an 23/11/2015)
Muiris Fitzgerald (tháinig deireadh lena théarma oifige ar an 23/11/2015)
Mo Flynn
Tom Jordan (tháinig deireadh lena théarma oifige ar an 25/03/2016)
Cormac Quinlan (ceapadh é ar an 25/10/2016)
Laura Phelan (ceapadh í ar an 15/02/2016)
Paul Lyng (ceapadh é ar an 15/02/2016)
Carmel Smith (ceapadh í ar an 19/01/2016)
Marie Kinsella (ceapadh í ar an 19/01/2016)
Sinéad FitzGerald (ceapadh í ar an 14/11/2016)
Stephen McMahon (ceapadh é ar an 27/01/2015)
Inez Bailey (ceapadh í ar an 27/01/2015)
Dermott Jewell (ceapadh é ar an 27/01/2015)
Shane McCarthy (ceapadh é ar an 12/11/2015)
David Irwin (ceapadh é ar an 12/11/2015)

## AN FHOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ginny Hanrahan
Ceann na Seirbhísí Corparáideacha Mary Griffin
Ceann Gnóthaí Dlí Folamh
Ceann Clárúcháin Colm O'Leary
Ceann Oideachais Aoife Sweeney
Ceann Aitheantais Mary O'Donnell

## CEANNÁRAS

CORU – An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
13-15 An Meal
Bóthar na Raithní Móire
Áth an Ghainimh
Baile Átha Cliath 18

## INIÚCHÓIR

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

## CUNTASÓIRÍ

Crowleys DFK
Cuntasóirí Cairte
16/17 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais

## An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe, an ráiteas ar staid an airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 21 den Acht, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta in Éirinn arna mhodhnú ag treoracha ón Aire Sláinte maidir le cuntasaíocht i ndáil le costais aoisliúntais.

## Na Freagrachtaí atá ar an gComhairle

Tá an Chomhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

## Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais, ar fianaise í a thugann cinnteacht réasúnach nach bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Comhairle, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil na Comhairle chun cásanna ábhartha a aithint ina bhfuil sí ar neamhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon fhaisnéis a shainaithint is cosúil atá mícheart go hábhartha ar bhonn an eolais a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó atá ar neamhréir go hábhartha leis an eolas sin. Breathnaím ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagann sé chun m'fheasa go ndealraíonn sé gurb ann d'aon mhíráiteas ábhartha nó d'aon nithe ábhartha atá ar neamhréir le chéile.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Ag cloí le treoracha an Aire Sláinte, ní bhreacann an tÚdarás costais na dteidlíochtaí aoisliúntais sna cuntais go dtí go mbíonn siad iníoctha. Ní chomhlíonann an bonn cuntasaíochta sin Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, faoina gceanglaítear go ndéanfar na costais sin a aithint sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí.

I mo thuairimse, cé is moite den chur chuige cuntasaíochta a glacadh i leith chostais agus dliteanais aoisliúntais na Comhairle, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn, léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a hioncam agus a caiteachas i leith na bliana 2015.

I mo thuairimse, bhí taifid chuntasaíochta na Comhairle leordhóthanach ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go furasta agus go cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta

Tuairiscím de réir eisceachta sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó má fhaighim

- aon chás ábhartha inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas don cheann a bhí beartaithe dó
- nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi, nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach léirítear sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an Chomhairle an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu de réir eisceachta.

**Mark Brady**

*Ar son an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar a cheann*

*15 Nollaig 2016*

# Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann chomhaltaí Chomhairle na Comhairle Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, admhaím an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais. Ní fhéadann an córas um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.

## Príomhnósanna Imeachta maidir le Rialú

Tá bearta déanta ag an gComhairle chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú mar seo a leanas:

- Na freagrachtaí atá ar an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir;
    - Prionsabail an rialachais chorparáidigh a ghlacadh amhail mar atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, lena n-áirítear:
    - Deimhniú go bhfuil na treoirlínte soláthair á gcomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Chód.
    - Deimhniú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh i dtaobh diúscairt sócmhainní agus an rochtain atá ag tríú páirtithe ar shócmhainní.
    - Deimhniú go bhfuil beartas an Rialtais á chur chun feidhme maidir le luach saothair an POF.
    - Beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt i gcrích chun éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat um fhaisnéis rialta a bheith ar fáil don lucht bainistíochta, córas tarmligthe agus cuntasachta, nósanna imeachta i dtaobh cúrsaí airgeadais, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus dianseiceálacha leanúnacha á gcur i bhfeidhm ag an bhfoireann airgeadais. Áirítear go háirithe leis an gcóras:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad bliantúil a ndéanann comhaltaí na Comhairle athbhreithniú air agus é a cheadú.
- Teorainneacha údaraithe a leagan síos i dtaobh cistí na Comhairle a eisíoc.
- Déanann comhaltaí na Comhairle athbhreithniú rialta ar fhaisnéis agus tuarascálacha airgeadais, idir chinn thréimhsiúla agus chinn bhliantúla (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne na mbuiséad.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais in 2009. Tháinig an Coiste le chéile 4 uaire le linn 2015.

Bunaíodh sásraí lena chinntiú go bhfuil na córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) slán go leor, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta rialaithe cuí a bhunú.


Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gComhairle a thuairiscíonn do Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais na Comhairle. Bíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ag cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cuirtear bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais tríd an obair a dhéanann an t-iniúchóir inmheánach, ar ról é a chuirtear amach ar conradh, agus an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Tá foireann feidhmiúcháin na Comhairle freagrach as an gcreat rialuithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Ag teacht le beartas sceithireachta CORU, dhearbhaigh an t-oifigeach sceithireachta nach ndearnadh nochtadh sceithireachta ar bith sa bhliain airgeadais 2015. Deimhnímid freisin nár aithníodh aon neamhrialtachtaí airgeadais le linn an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015.



**Bernard McCartan**

*Cathaoirleach*

*8 Nollaig 2016*

# Ráiteas faoi na Freagrachtaí atá ar an gComhairle

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) ("an tAcht").

Is comhlacht reachtúil í an Chomhairle ar a bhfuil sé de shainchúram a chinntiú go mbíonn gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ag cleachtadh a ngairme i dtimpeallacht rialáilte, atá faoi rialú agus atá sábháilte, ar bhealach lena gcinnteofar go bhfuil seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh ar ardchaighdeán á soláthar don phobal.

In Alt 21, Cuid 1 den Acht, ceanglaítear ar an gComhairle cuntais chuí iondúla a choimeád ar gach airgead a fhaigheann sí nó a chaitheann sí lena n-áirítear ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe agus ráiteas ar staid an airgeadais. Ag ullmhú na ráiteas airgeadais di, ceanglaítear ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus míniú a thabhairt air
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú


Deimhníonn an Chomhairle gur chomhlíon sí na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici. Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na Comhairle agus a chuireann ar a cumas di a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Cuid 1, Alt 21 den Acht. Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**Bernard McCartan**

*Cathaoirleach*

*8 Nollaig 2016*



**Ginny Hanrahan**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

*8 Nollaig 2016*

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2015 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Státchiste | 3 | 2,290,462 | 2,193,614 |
| Ioncam ó Tháillí | 4 | 762,451 | 321,452 |
| Ioncam ó Iasacht Daoine | 5 | 117,537 | 102,780 |
| Ioncam ón gCumasc ar Bhord na Radharcmheastóirí | | 649,388 | - |
| Asbhaintí i dtaobh Aoisliúntas Fostaíochta | | 99,824 | 41,239 |
| | | **3,919,662** | **2,659,085** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 15 | 30,057 | (12,732) |
| | | **3,949,719** | **2,646,353** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | 9 | 1,787,322 | 1,473,294 |
| Taisteal Foirne | | 32,363 | 25,820 |
| Costais maidir le Bunú agus Cóiríocht | 6 | 170,450 | 42,298 |
| Riarachán Oifige | 7 | 642,958 | 524,992 |
| Clárúchán | 8 | 138,218 | 196,645 |
| Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla | 10 | 474,966 | 340,775 |
| Oideachas/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | | 169,997 | 59,322 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 8,300 | 5,000 |
| Dímheas | 11/12 | 113,585 | 37,521 |
| | | **3,538,159** | **2,705,667** |
| **Barrachas/(Easnamh) i leith na bliana** | | **411,560** | **(59,314)** |
| **Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** | | | |
| Iarmhéid ag tús na bliana | 21 | (33,380) | 25,934 |
| Barrachas/(Easnamh) i leith na bliana | | 411,560 | (59,314) |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | | **378,180** | **(33,380)** |

*Aithnítear na caillteanais agus na gnóthachain go léir sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nóta 1 go dtí Nóta 22.*

**Bernard McCartan**

*Cathaoirleach*

*8 Nollaig 2016*

**Ginny Hanrahan**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

*8 Nollaig 2016*

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais

amhail ar an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 31 Nollaig 2015 € | 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 11 | 138,302 | 194,309 |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 12 | 58,233 | 31,385 |
| | | **196,535** | **225,694** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 725,731 | 212,181 |
| Méideanna Infhála | 13 | 69,989 | 34,689 |
| | | **795,720** | **246,870** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Méideanna Iníoctha | 14 | (367,437) | (280,249) |
| Soláthar | 16 | (51,000) | - |
| | | (418,437) | (280,249) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 377,283 | (33,379) |
| **Iomlán na Sócmhainní** | | **573,818** | **192,315** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Cuntas Caipitil | 15 | 195,638 | 225,695 |
| Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais | | 378,180 | (33,380) |
| | | **573,818** | **192,315** |

*Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nóta 1 go dtí Nóta 22.*

**Bernard McCartan**

*Cathaoirleach*

*8 Nollaig 2016*

**Ginny Hanrahan**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*


*8 Nollaig 2016*

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2015 € | An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an Bharrachais/(Easnaimh) leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/(Easnamh) i leith na bliana | | 411,560 | (59,314) |
| Muirear dímheasa | 11/12 | 113,585 | 37,521 |
| (Méadú) ar fhéichiúnaithe | | (35,300) | (8,701) |
| (Méadú) ar chreidiúnaithe | | 138,188 | 105,505 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 50 | 21 |
| Gluaiseacht sa chuntas caipitil | | (30,057) | 12,732 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **598,026** | **87,764** |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 598,026 | 87,764 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Caiteachas Caipitiúil | 11/12 | (83,580) | (50,273) |
| Caipiteal a Aistríodh ó Bhord na Radharcmheastóirí | | (896) | - |
| **Méadú ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **513,550** | **37,491** |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 212,181 | 174,690 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | | **725,731** | **212,181** |


*Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nóta 1 go dtí Nóta 22.*



**Bernard McCartan**

*Cathaoirleach*

*8 Nollaig 2016*



**Ginny Hanrahan**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

*8 Nollaig 2016*

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 1. Beartais Chuntasaíochta

### (a) Ginearálta

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) ("an tAcht") chun gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe a rialáil.

### (b) Comhlíonadh FRS 102

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an creat tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, seachas i gcás aoisliúntais. Ar ordú ón Aire Sláinte, níltear ag cloí le forálacha FRS 102 i ndáil le sochair scoir. Comhlíonann na ráitis airgeadais FRS 102 ar gach slí eile. Seo iad na chéad ráitis airgeadais a ullmhaíodh de réir FRS 102. Is é an dáta aistrithe go dtí FRS 102 an 1 Eanáir 2014. Rinneadh ráitis airgeadais na bliana roimhe seo a athlua le haghaidh coigeartuithe ábhartha nuair a glacadh FRS 102. Is féidir toradh ghlacadh FRS 102 a fheiceáil i nóta 21.

### (c) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus cloíonn siad le caighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais, ach amháin mar atá léirithe thuas.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Sláinte le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in euro, arb é airgeadra feidhmeach na Comhairle é.

### (d) Breithiúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta agus Meastacháin Chuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a ghlacadh a théann i gcion ar chur i bhfeidhm beartas agus ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le sócmhainní agus dliteanais agus i ndáil le hioncam agus speansais.

Déantar meastóireacht leanúnach ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear teagmhais a meastar go réasúnach a d'fhéadfadh tarlú amach anseo. Déanann an Chomhairle meastacháin agus glacann sí boinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. Is dual do na meastacháin chuntasaíochta gur annamh a bheidh siad ag teacht go beacht leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Pléitear thíos na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhfuil baol suntasach ann go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

(i) Gnóthas leantach

Níl aon neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le cumas na Comhairle a cuid dliteanas a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, ná maidir le leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Dá réir sin, measann an Chomhairle gur cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Ar an mbonn sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha i dtaobh sócmhainní agus dliteanais ná ar an aicmiú orthu a d'fhéadfadh a bheith i gceist dá mba rud é nach mbeadh an Chomhairle in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

(ii) Fad saoil a bhunú chun críocha an dímheasa ar mhaoin, gléasra agus trealamh

Is cuid shuntasach de na sócmhainní go léir iad sócmhainní a mhaireann ar feadh i bhfad, lena gcuimsítear go príomha maoin, gléasra agus trealamh. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar shaol measta gach cineál sócmhainne agus ar na meastacháin ar luachanna iarmharacha. Déanann an Chomhairle athbhreithniú rialta ar shaol na sócmhainní sin agus athraítear a fad saoil de réir mar is gá ag teacht leis an bhfad saoil a mheastar faoi láthair atá fágtha acu i bhfianaise na húsáide eacnamaíche a mheastar a bhainfear astu agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir tionchar nach beag a bheith ag athruithe i saol sócmhainne ar mhuirir dhímheasa i leith na tréimhse. Tá mionsonraí ar shaol úsáideach san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

(iii) Soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha

Déanann an Chomhairle meastachán ar luach inghnóthaithe na bhféichiúnaithe trádála agus na bhféichiúnaithe eile. Baineann an Chomhairle leas as meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil maidir le leibhéal na bhfiach a chinneadh, ar fiacha iad a bhféadfadh sé nach mbaileofar iad. Áirítear leis na meastacháin sin tosca ar nós na rátála atá ag an bhféichiúnaí faoi láthair, próifíl aoise na bhféichiúnaithe agus an taithí stairiúil. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an leibhéal soláthair atá riachtanach.

**(e) Deontas ón Státchiste**

Breactar sna cuntais an t-ioncam a thaispeántar iontu faoi 'Deontais ón Státchiste' ar bhonn fáltais airgid.

**(f) Ioncam ó Tháillí**

Aithnítear táillí athnuachana sa tréimhse lena mbaineann an athnuachan agus breactar sna cuntais gach ioncam eile ar bhonn fáltais airgid.

**(g) Sócmhainní Seasta agus Dímheas**

(i) Luaitear na sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha.

(ii) Déantar na sócmhainní seasta a dhímheas ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear an dímheas de mhuirear ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe ar bhonn líne díreach, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú don luach iarmharach, thar a saol úsáideach tuartha mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán agus Feistis | 20% |
| Trealamh TF/Oifige | 33.3% |

Déantar measúnú bliantúil ar luach iarmharach agus saol úsáideach sócmhainní seasta le haghaidh táscairí go bhféadfadh athrú a bheith tagtha orthu. I gcás ina bhfuil táscairí air sin ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, ar an modh dímheasa agus ar an saol úsáideach, agus déanfar iad siúd a leasú más gá. Déantar athruithe ar rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú sin a bhreacadh sna cuntais ar bhonn ionchasach thar an méid atá fágtha de shaol úsáideach na sócmhainní.

**(h) Sócmhainní Inláimhsithe – Forbairt Bogearraí**

Déileáiltear le costais maidir le forbairt bogearraí ar mhórchórais mar mhíreanna caipitiúla agus déantar iad a dhíscríobh thar a saol úsáideach tuartha ón dáta a gcuirtear chun feidhme iad.

**(i) Cuntas Caipitil**

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamh-amúchta an ioncaim a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

**(j) Aoisliúntas**

Déantar foráil in Alt 13 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) ("an tAcht") maidir le scéim aoisliúntais nó scéimeanna aoisliúntais de chuid na Comhairle a bhunú. Scéim sochair shainithe atá sa scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990. Tá an scéim á feidhmiú ar bhonn riaracháin go dtí go gceadóidh an tAire Sláinte í le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ritheadh ina dhlí an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 ar an 28 Iúil 2012 agus tugadh isteach faoi Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") ar cuireadh tús feidhme léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Ball den Scéim Aonair is ea gach fostaí nua de chuid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar iontrálaithe nua iad chuig an Earnáil Phoiblí, ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

In 2015, mar gheall ar an gcumasc idir Bord na Radharcmheastóirí agus an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, aistríodh asbhaintí aoisliúntais ó fhoireann Bhord na Radharcmheastóirí chuig an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar an dáta ar díscaoileadh Bord na Radharcmheastóirí.

**(k) Airgead agus Coibhéisí Airgid**

Cuimsítear leis an airgead airgead tirim ar láimh agus taiscí ar bhonn éilimh.

**(l) Airgeadraí Iasachta**

Déantar idirbhearta in airgeadraí iasachta a aistriú ina euro agus a thaifeadadh ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar laethanta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí iasachta a aistriú ina euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an ráitis ar staid an airgeadais nó ar rátaí conartha réamhcheannacháin sa chás inarb ann do na conarthaí sin.

**(m) Sócmhainní Airgeadais Eile**

Déantar sócmhainní airgeadais eile lena n-áirítear féichiúnaithe trádála a thomhais ar dtús ag an méid airgid neamhlascainithe is infhála ón gcustaiméir sin, arb é an praghas sonraisc é de ghnáth, agus déantar é a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta lúide lagú, i gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ann ar lagú.

**(n) Dliteanais Airgeadais Eile**

Déantar creidiúnaithe trádála a thomhas ag praghas an tsonraisc, mura rud é go gcuirtear an íocaíocht siar thar ghnáth-théarmaí gnó nó go ndéantar í a mhaoiniú ar ráta úis nach ionann é agus ráta an mhargaidh. Sa chás sin is idirbheart maoinithe é an socrú, agus déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ag luach láithreach na n-íocaíochtaí amach anseo agus iad lascainithe ag ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

**(o) Soláthair**

Aithnítear soláthair nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó oibleagáid inchiallaithe láithreach ar an gComhairle mar thoradh ar theagmhais roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 2. Sócmhainní agus Dliteanais a aistríodh ó Bhord na Radharcmheastóirí

Rinneadh foráil le téarmaí chuid 9A den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le Bord na Radharcmheastóirí a dhíscaoileadh. Faoin Acht, aistríodh na feidhmeanna, oibríochtaí, sócmhainní agus dliteanais uile de chuid an Bhoird chuig an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Seo a leanas achoimre ar na sócmhainní agus na dliteanais a aistríodh chuig an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh nuair a díscaoileadh Bord na Radharcmheastóirí ar an 31 Deireadh Fómhair 2015:

| | € |
|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 898 |
| Méideanna Infhála | 26 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 825,316 |
| Síntiúis a fuarthas roimh ré | (250) |
| Méideanna Iníoctha | (176,602) |
| **Luach na nglansócmhainní a aistríodh chuig an gComhairle** | **649,388** |

## 3. Deontas ón Státchiste

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Vóta 38 Fotheideal E1 de chuid na Roinne Sláinte | 2,085,000 | 2,050,342 |
| Vóta 38 Fotheideal L1 de chuid na Roinne Sláinte (caipiteal) | 205,462 | 143,272 |
| | **2,290,462** | **2,193,614** |

## 4. Ioncam ó Tháillí

| | 2015 € | 2014 € Athluaite |
|---|---|---|
| Táillí na nOibrithe Sóisialacha | 416,847 | 223,962 |
| Táillí na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga | 27,480 | 3,410 |
| Táillí na Radagrafaithe | 202,458 | 84,780 |
| Táillí na mBia-Eolaithe | 32,529 | 3,300 |
| Táillí na dTeiripeoirí Ceirde | 38,350 | - |
| Táillí na nOptaiméadraithe agus na Radharcmheastóirí Urghnamha | 38,166 | |
| Measúnú ar Tháillí um Inniúlacht Ghairmiúil | 6,621 | 6,000 |
| | **762,451** | **321,452** |

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

Ba é an spriocdháta iarratais do na hoibrithe sóisialacha go léir a bhí ag cleachtadh na gairme cheana ná an 31 Bealtaine 2013. Osclaíodh an Clár le haghaidh radagrafaithe ar an 31 Deireadh Fómhair 2013 (tráth ar thosaigh an idirthréimhse dhá bhliain) agus osclaíodh na Cláir le haghaidh bia-eolaithe agus teiripeoirí teanga agus urlabhra ar an 31 Deireadh Fómhair 2014. Osclaíodh an Clár le haghaidh teiripeoirí ceirde ar an 31 Márta 2015.

## 5. Ioncam ó Iasacht Daoine

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | - | 65,583 |
| Thithe an Oireachtais | 84,418 | 30,458 |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | 33,119 | 6,739 |
| | **117,537** | **102,780** |

San áireamh san Ioncam ó Iasacht Daoine in 2014 tá táillí i ndáil le beirt chomhaltaí d'fhoireann an Bhoird Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta a cuireadh ar socrú buan iasachta chuig an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte nuair a díscaoileadh an Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta ar an 31 Márta 2011. Tháinig deireadh leis an socrú iasachta sin i mí Lúnasa 2014. Áirítear freisin san Ioncam ó Iasacht Daoine táillí i ndáil le ball foirne atá ar shocrú iasachta sa Roinn Coimirce Sóisialaí ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 agus baill foirne atá ar shocrú iasachta le seirbhísí Thithe an Oireachtais ó mhí Lúnasa 2014.

## 6. Costais maidir le Bunú agus Cóiríocht

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Oibleagáidí Léasa | 51,000 | - |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | - | 210 |
| Solas agus Teas | 29,078 | 26,216 |
| Glantachán | 16,711 | 8,202 |
| Árachas | 1,432 | 2,787 |
| Slándáil | 4,944 | 4,883 |
| Costais a bhaineann le hAthlonnú Oifige | 67,285 | - |
| | **170,450** | **42,298** |

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 7. Riarachán Oifige

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Teileafón | 19,425 | 15,784 |
| Forbairt TF agus Pleanáil Straitéiseach | 23,146 | 59,844 |
| Ceadúnais TF agus Cothabháil | 50,675 | 16,129 |
| Tacaíocht TF agus Óstáil | 152,500 | 139,480 |
| Iniúchtaí Slándála TF | 3,952 | 16,259 |
| Árachas | 19,447 | 10,290 |
| Stáiseanóireacht agus Speansais Oifige | 61,894 | 45,582 |
| Muirir Earcaíochta agus Baill Foirne Ghníomhaireachta | 21,026 | 23,215 |
| Oiliúint Foirne agus Comhdhálacha | 67,389 | 60,134 |
| Stipinn an Chathaoirligh | 8,978 | 8,978 |
| Oiliúint ar Chomhaltaí | 31,094 | 14,926 |
| Costais Bhoird | 137,690 | 82,984 |
| Síntiúis | 10,820 | 5,265 |
| Muirir Bhainc | 5,299 | 3,877 |
| Cothabháil Oifige agus Conarthaí Seirbhíse | 17,514 | 9,841 |
| Clóbhuaileadh agus Foilseacháin | 12,109 | 12,404 |
| | **642,958** | **524,992** |

## 7 (a) Miondealú ar Speansais i leith Chruinnithe na Comhairle agus Cruinnithe an Bhoird

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cruinnithe na Comhairle – Costais na gCruinnithe | 14,178 | 11,212 |
| Cruinnithe na Comhairle – Taisteal * | 27,525 | 10,878 |
| Costais Toghcháin | 22,051 | 18,238 |
| Fochoiste – Costais na gCruinnithe | 2,357 | 842 |
| Fochoiste – Taisteal | 10,445 | 1,521 |
| Cruinnithe na mBord Clárúcháin (7 mBord) – Costais na gCruinnithe | 3,875 | 13,767 |
| Cruinnithe na mBord Clárúcháin (7 mBord) – Taisteal | 57,259 | 26,526 |
| | **137,690** | **82,984** |

* *Áirítear leis seo €5,187 maidir le taisteal thar lear in 2015 (2014: €3,356).*

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 7. Boird

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Measúnú ar Iarratais agus Próiseáil Iarratas | 111,556 | 151,475 |
| Comhairliúchán Poiblí agus Fógraíocht | 10,744 | 5,810 |
| Mapáil Próisis agus Feabhsú Cáilíochta | 15,918 | 39,360 |
| | **138,218** | **196,645** |

## 8. Tuarastail

| | 2015 | 2014 Athluaite |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | 1,709,555 | 1,378,699 |
| Costais Phinsin | 31,012 | 31,012 |
| Tacaíocht Amuigh ar Conradh | 46,755 | 63,583 |
| | **1,787,322** | **1,473,294** |

Bhí coibhéis lánaimseartha 38 duine fostaithe ag an gComhairle ag deireadh na bliana i dteannta leis an POF (2014: 26.5). Áirítear sa mhuirear costais a bhaineann le baill foirne a tugadh ar iasacht i gcaitheamh na bliana ach nach bhfuil san áireamh sa choibhéis lánaimseartha.

| | 2015 | 2014 Athluaite |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iomlán na dtuarastal a íocadh | 1,709,555 | 1,378,699 |
| Costais na mball foirne ar iasacht (nach bhfuil san áireamh sa choibhéis lánaimseartha) | (117,537) | (102,780) |
| **Costais foirne** | **1,592,018** | **1,275,919** |

Asbhaineadh tobhach pinsin dar liach €69,264 (2014: €55,212) ó thuarastail agus íocadh an méid sin leis an Roinn Sláinte.

| **Miondealú ar na Sochair Foirne** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Ó | | |
| €60,000 - € 70,000 | 2 | 2 |
| €70,000 - € 80,000 | 2 | 3 |
| €80,000 - € 90,000 | 1 | - |
| €90,000 - € 100,000 | 1 | 1 |

## 9. Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Chuir Ospidéal Beaumont costais tuarastail an POF d'athmhuirear ar an gComhairle go dtí an 31 Nollaig 2014. Ba é an méid iomlán a aisíocadh le hOspidéal Beaumont maidir le tuarastal an POF in 2014 ná €98,460, móide pinsean €19,870 agus muirear riaracháin €750. Ar an 1 Eanáir 2015 aistríodh an POF chuig párolla CORU. Ba é tuarastal an POF in 2015 ná €98,223, le pinsean €13,269. Léirítear na méideanna sin sna Costais Tuarastail thuas.

Ní bhfuair an POF aon phá a bhaineann le feidhmíocht ná liúntas comhchineáil. Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an POF ach na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i samhailscéim aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe.

Chuir an POF isteach admhálacha caiteachais i leith Taistil agus Cothabhála dar luach €6,402 san iomlán in 2015 (2014: €8,020) lena n-áirítear taisteal thar lear a chosain €2,674 in 2015 (€6,312 in 2014).

Íocadh an stipinn agus na speansais taistil seo a leanas le Cathaoirleach na Comhairle i rith na bliana:

| | **2015 Stipinn** | **2015 Costais** | **2014 Stipinn** | **2014 Costais** |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Tom Jordan | 8,978 | 5,316 | 8,978 | 2,497 |
| | **8,978** | **5,316** | **8,978** | **2,497** |

Ní dhéantar íocaíocht le haon chomhalta eile den Chomhairle, de na Coistí ná de na Boird Chlárúcháin i leith a gcomhaltais.

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 10. Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Dlí – Ginearálta | 21,981 | 17,592 |
| Táillí Dlí – Rialáil | 66,821 | 43,798 |
| Táillí Dlí – Feidhmiúlacht chun Cleachtadh | 167,135 | 71,013 |
| Táillí Cuntasaíochta | 85,429 | 99,520 |
| Soláthar | 5,374 | 21,868 |
| Bainistíocht Riosca | 17,026 | 6,981 |
| Bainistiú na bPáirtithe Leasmhara agus Cumarsáid leo | 37,950 | 48,066 |
| Forbairt na hEagraíochta agus Iniúchadh Inmheánach | 19,898 | 18,964 |
| Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta | 2,799 | 3,983 |
| Forbairt Straitéisí | - | 8,990 |
| Costais an Chumaisc ar Bhord na Radharcmheastóirí | 50,553 | - |
| | **474,966** | **340,775** |

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 11. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

| | Sócmhainní atá á bhForbairt | Córas na Comhairle um Chlárú/ Oideachas/ Cásbhainistíocht | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | € | € | € |
| Costas amhail an 1 Eanáir 2015 | 194,309 | - | 194,309 |
| Gluaiseacht eile | (194,309) | 194,309 | - |
| Breiseanna sa bhliain | - | 13,144 | 13,144 |
| Amhail an 31 Nollaig 2015 | **-** | **207,453** | **207,453** |
| **Dímheas** | | | |
| Dímheas Carntha amhail an 1 Eanáir 2015 | - | - | - |
| Dímheas i leith na bliana | - | 69,151 | 69,151 |
| Dímheas Carntha amhail an 31 Nollaig 2015 | **-** | **69,151** | **69,151** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2015 | **-** | **138,302** | **138,302** |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2014 | **194,309** | **-** | **194,309** |

Tháinig córas na Comhairle um Chlárú/Oideachas/Cásbhainistíocht i bhfeidhm i rith 2015. Meastar go gcomhlíonann na costais sin na critéir atá leagtha amach i FRS 102 ionas gur féidir iad a chaipitliú agus dá réir sin, tá na costais forbartha á n-amúchadh go dtí an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe ina dtráthchodanna comhionanna thar thréimhse trí bliana, arb í saol tuartha feidhmíochta chóras na Comhairle um Chlárú/Oideachas/Cásbhainistíocht í.

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 12. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Daingneáin agus Feistis | Trealamh TF/ Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | € | € | € |
| Costas amhail an 1 Eanáir 2015 | 27,144 | 166,622 | 193,766 |
| Aistrithe ó Bhord na Radharcmheastóirí | - | 20,894 | 20,894 |
| Breiseanna sa bhliain | 1,469 | 68,967 | 70,436 |
| Diúscairtí sa bhliain | - | (40,116) | (40,116) |
| Amhail an 31 Nollaig 2015 | **28,613** | **216,367** | **244,980** |
| **Dímheas** | | | |
| Dímheas Carntha amhail an 1 Eanáir 2015 | 19,757 | 142,624 | 162,381 |
| Aistrithe ó Bhord na Radharcmheastóirí | - | 19,996 | 19,996 |
| Dímheas i leith na bliana | 3,450 | 40,986 | 44,436 |
| Diúscairtí sa bhliain | - | (40,066) | (40,066) |
| Dímheas Carntha amhail an 31 Nollaig 2015 | **23,207** | **163,540** | **186,747** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2015 | **5,406** | **52,827** | **58,233** |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2014 | **7,387** | **23,998** | **31,385** |

## 13. Méideanna infhála

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe Eile | - | 6,739 |
| Réamhíocaíochtaí | 36,457 | 27,950 |
| Ioncam Fabhraithe | 33,532 | - |
| | **69,989** | **34,689** |

Is ionann a bheag nó a mhór luachanna córa na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí agus a suimeanna glanluacha. Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin. Léirítear na féichiúnaithe glan ar lagú i leith fiacha amhrasacha.

## 14. Méideanna iníoctha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2015 | 2014 Athluaite |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe Trádála | (34) | 3,039 |
| Cáin Bhreisluacha | 6,791 | 8,522 |
| ÍMAT | 45,603 | 30,783 |
| Cárta Creidmheasa | 1,062 | 1,118 |
| Fabhruithe | 101,326 | 70,473 |
| Ioncam Iarchurtha | 165,402 | 128,929 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 26,734 | 37,385 |
| Creidiúnaithe Eile | 20,553 | - |
| | **367,437** | **280,249** |

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Fabhraítear ús ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí is bonn leo. Na suimeanna eile a áirítear i leith na gcreidiúnaithe nach bhfuil clúdaithe ag nótaí sonracha maidir le nochtadh, tá siad neamhurraithe, gan ús agus in-aisíoctha ar éileamh.

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 15. Cuntas Caipitil

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | 225,695 | 212,963 |
| **Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:** | | |
| Cistiú chun sócmhainní seasta a fháil | 83,580 | 50,273 |
| Lúide: An méid atá de dhíth ar dhiúscairt sócmhainní | (50) | (20) |
| Lúide: Amúchadh de réir dímheasa | (113,587) | (37,521) |
| | (30,057) | 12,732 |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | **195,638** | **225,695** |

## 16. Teagmhas coigeartaithe tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Ghlac an Chomhairle freagracht as an léas ar na hoifigí a bhíodh ag Bord na Radharcmheastóirí i gCearnóg Mhic Liam tar éis gur aistríodh sócmhainní agus dliteanais an Bhoird (mar a leagtar amach i nóta 2). In 2016, rinne an Chomhairle comhaontú chun scor den léas ar chostas iomlán €51,000, le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2016. Tá soláthar déanta sna ráitis airgeadais don mhéid sin. Áirítear na costais sin i nóta 6, costais maidir le bunú agus cóiríocht.

## 17. Léas Oibriúcháin

Fuair an Chomhairle léas le hoidhreacht ó Bhord na Radharcmheastóirí nuair a díscaoileadh é. Tá comhaontú léasa déanta leis an tiarna talún ar feadh tréimhse 35 bliana a rachaidh in éag i gceann 10 mbliana ar an 30 Aibreán 2026 ar chíos bliantúil reatha €26,250. In 2016, rinne an Chomhairle comhaontú chun scor den léas ar chostas iomlán €51,000, le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2016.

Seo a leanas costas bliantúil an léasa lena n-áirítear muirir sheirbhíse:

| **Ceangaltas Léasa** | **€** |
|---|---|
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 26,250 |

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

## 18. Cóiríocht Oifige

Tá áitreabh ag an gComhairle i gCúirt an Rabhcháin, Baile an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18, atá aici ar bhonn ceadúnas ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte go dtí 2016. Meastar gurb ionann luach an tsochair sin agus €380,000 in aghaidh na bliana.

## 19. Ceangaltas Caipitil atá ar CORU

Tá ceangaltas ar CORU maidir le tionscadal caiteachais TFC a bhaineann le córas a chruthú don Chomhairle i ndáil le Clárú/Oideachas/Cásbhainistíocht. Tá an tionscadal agus an caiteachas á ndéanamh thar 5 bliana. Ag dáta an ráitis maidir le staid an airgeadais, bhí ceangaltas gan íoc ar CORU i dtaobh íocaíochtaí amach anseo ar an tionscadal, agus meastar gur íocaíochtaí €103,673 a bheidh i gceist.

## 20. Comhaltaí na Comhairle – Nochtadh Leasanna

Chomhlíon an Chomhairle na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí na Comhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Ní dhearnadh aon idirbhearta le linn na tréimhse i ndáil le gníomhaíochtaí na Comhairle a raibh leasanna leasmhara ar bith iontu ag Comhaltaí na Comhairle.

## 21. Aistriú chuig FRS 102

| | Amhail an 1 Eanáir 2014 | Amhail an 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Réiteach na gCúlchistí** | | |
| Cúlchistí (mar a luadh roimhe seo) | 35,693 | 108,334 |
| Fabhrú ar phá saoire | (9,759) | (12,785) |
| Coigeartú ar an ioncam iarchurtha | | (128,929) |
| Cúlchistí (athluaite) | 25,934 | (33,380) |

| **Réiteach an bharrachais i leith na bliana** | **2014** |
|---|---|
| Barrachas i leith na bliana (mar a luadh roimhe seo) | 72,641 |
| Gluaiseacht i bhfabhrú an phá saoire | (3,026) |
| Gluaiseacht san ioncam iarchurtha | (128,929) |
| Easnamh don bhliain (athluaite) | **(59,314)** |

# Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

**Míreanna coigeartaithe**

(a) Fabhrú ar phá saoire

An cleachtas cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leis in Éirinn: Faoin gcleachtas cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leis in Éirinn, níor aithníodh fabhruithe ar phá saoire agus cuireadh an pá saoire de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe de réir mar a íocadh é.

FRS 102: Ceanglaítear faoi FRS 102 go gcuirfear sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim choinnithe de réir mar a thugann na fostaithe an tseirbhís.

Tionchar: Mar thoradh air sin, d'aithin an Chomhairle dliteanas €9,759 i leith pá saoire nuair a aistríodh go FRS 102. Sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2014, aithníodh muirear breise €3,026 sa ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe agus ba é €12,785 an dliteanas amhail an 31 Nollaig 2014.

(b) Coigeartú ar Tháillí Athnuachana

An cleachtas cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leis in Éirinn: Sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoin gcleachtas cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leis in Éirinn, aithníodh ioncam ó tháillí athnuachana ar bhonn fáltais airgid.

FRS 102: Sna ráitis airgeadais arna n-ullmhú faoi FRS 102, aithníodh an t-ioncam sin ar bhonn fabhraithe ionas go bhféadfaí an t-ioncam a aithint sa tréimhse lena mbaineann an athnuachan.

Tionchar: Mar thoradh air sin, chuir an Chomhairle siar €128,929 den ioncam ó tháillí athnuachana a fuarthas in 2014 agus d'aithin sí dliteanas ioncaim iarchurtha amhail an 31 Nollaig 2014.

## 22. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar an 8 Nollaig 2016.

# Aguisíní – Cruinnithe agus Coistí na Comhairle

# Aguisín 1 – Tinreamh ag cruinnithe na Comhairle

## Comhaltaí agus Tinreamh ag cruinnithe na Comhairle in 2015

| Ainm | 21/01 | 26/02 | 19/03 | 23/04 | 28/05 | 16/07 | 10/09 | 15/10 | 05/11 | 10/12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Odhrán Allen | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Inez Bailey | N | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Richard Booth | ✓ | ✓ | É | É | É | É | É | É | É | É |
| Jenny Bulbulia | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | N |
| Declan Carey | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Marie Culliton | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Peter Davison | ✗ B | ✗ B | ✓ B | ✓ B | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Muiris FitzGerald | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | N |
| Mo Flynn | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ |
| James Forbes | N | N | N | N | N | N | N | N | N | ✓ B |
| Martin Higgins | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| David Irwin | N | N | N | N | N | N | N | N | N | ✓ |
| Dermott Jewell | N | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Tom Jordan* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Deirdre Madden | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Joe Martin | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tony McAleer | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Bernard McCartan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Shane McCarthy | N | N | N | N | N | N | N | N | N | ✗ |
| Caroline McIntosh | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | M | M | ✓ | ✓ | ✓ |
| Stephen McMahon | N | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Halóg Mellett | M | M | M | M | M | M | M | M | ✓ | ✓ |
| Michele Monahan | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Maeve Murphy | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| John O’Mullane | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| David Power | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | É | É | É | É | É |
| Kristin Quinn | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | N |
| Jackie Reed | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Vivienne Starr | ✓ B | ✓ B | ✓ B | ✓ B | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Emma Stokes | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |

**An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**

Líon na gcruinnithe iomlána de chuid na Comhairle in 2015: 10

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

- ✓ d’fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- M Saoire mháithreachais
- É D’éirigh as
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle ar an dáta seo
- B Stádas breathnóra



## Odhrán Allen

Ionadaí do ghairm ainmnithe – teiripeoirí ceirde



## Inez Bailey

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Richard Booth

Ionadaí do ghairm ainmnithe – síceolaithe



## Jenny Bulbulia

Ionadaí a bhfuil cáilíochtaí, suim agus taithí aici atá luachmhar don Chomhairle




## Declan Carey

Ionadaí do ghairm ainmnithe – oibrithe sóisialacha




## Marie Culliton

Ionadaí do ghairm ainmnithe – eolaithe míochaine



## Peter Davison

Breathnóir



## Muiris FitzGerald

Ionadaí a bhfuil cáilíochtaí, suim agus taithí aici atá luachmhar don Chomhairle



## Mo Flynn

Ionadaí do lucht bainistíochta eagraíochta deonaí nó eagraíochta de chuid na hearnála príobháidí a bhíonn ag plé le sláinte nó cúram sóisialach



## James Forbes

Breathnóir



## Martin Higgins

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## David Irwin

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne


## Dermott Jewell
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Tom Jordan*
Cathaoirleach



## Deirdre Madden
Ionadaí a bhfuil cáilíochtaí, suim agus taithí aici atá luachmhar don Chomhairle



## Joe Martin
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Tony McAleer
Ionadaí do ghairm ainmnithe – ortoptaigh



## Bernard McCartan
Ionadaí do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal



## Shane McCarthy
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Caroline McIntosh
Ionadaí do ghairm ainmnithe – coslianna



## Stephen McMahon
Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Halóg Mellett
Ionadaí do ghairm ainmnithe – bia-eolaithe



## Michele Monahan
Ionadaí do ghairm ainmnithe – radagrafaithe



## Maeve Murphy
Ionadaí do ghairm ainmnithe – teiripeoirí urlabhra agus teanga



## John O'Mullane

Ionadaí do ghairm ainmnithe – bithcheimiceoirí cliniciúla



## David Power

Ionadaí do ghairm ainmnithe – oibrithe cúraim shóisialaigh



## Kristin Quinn

Ionadaí do leas an phobail i gcoitinne



## Jackie Reed

Ionadaí do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí, na hearnála cúraim shóisialaigh poiblí nó an dá earnáil sin.



## Vivienne Starr

Breathnóir



## Emma Stokes

Ionadaí do ghairm ainmnithe – fisiteiripeoirí

# Aguisín 2 – Tinreamh ag Cruinnithe Choistí na Comhairle

### Tinreamh ag Cruinnithe an Choiste Clárúcháin in 2015

| Ainm | 26/01 | 02/03 | 13/04 | 19/06 | 23/10 |
|---|---|---|---|---|---|
| Marie Culliton* | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Damhnait Gaughan | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Norma Judge | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Joe Martin | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Halóg Mellett | M | M | M | M | M |
| Maeve Murphy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |

### Tinreamh ag cruinnithe an Choiste Oideachais in 2015

| Ainm | 03/02 | 13/05 | 01/07 | 20/08 | 13/10 | 19/11 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Odhrán Allen | N | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Peter Davison | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Muiris FitzGerald | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | É |
| Lorraine Horgan | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Halóg Mellett | M | M | M | M | M | ✗ |
| Jackie Reed* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ann Taylor | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

### Tinreamh ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais in 2015

| Ainm | 09/03 | 01/07 | 30/09 | 25/11 |
|---|---|---|---|---|
| Odhrán Allen | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Martin Higgins | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Tony McAleer * | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Bernard McCartan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Harry McGeary | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Maeve Murphy | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Martin O'Sullivan | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Declan Purcell | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |


## Tinreamh ag cruinnithe an Choiste Réamhimeachtaí in 2015

| Ainm | 27/02 | 09/04 | 22/05 | 02/06 | 02/07 | 03/09 | 16/10 | 09/12 | 11/12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Katharine Bulbulia * | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Fionnuala Cook | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ |
| Shane Donnelly | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mary Fennessy | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Siobhan Higgins | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ |
| Mark Kane | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Gloria Kirwan | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ |
| Derry McCarthy | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Jacqui McGovern | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Freda McKittrick | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Laura Mullaney | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| Eamon Naughton | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ |
| Ailis Ni Riain | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ |
| Sean O’Meara | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Ruth Woods | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ |

**Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:**

- ✓ d’fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- ✓T trí theileachomhdháil
- É D’éirigh as
- S Saoire bhreoiteachta
- N Níl ar an mBord

# Aguisín 3 – Struchtúr na hEagraíochta



R: info@coru.ie
www.coru.ie